Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

PARLAIMINT NA HEORPA

P9_TA(2022)0246

Athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais***I

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 22 Meitheamh 2022 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757(COM(2021)0551 – C9-0318/2021 – 2021/0211(COD)) [1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2023/C 32/11)

Leasú 406

Togra le haghaidh treorach

Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i mí na Nollag 2015, tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ("Comhaontú Pháras") [3]. D'aontaigh na Páirtithe ann an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta.	(1) Comhaontú Pháras, a glacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i mí na Nollag 2015, tháinig sé i bhfeidhm i mí na Samhna 2016 ("Comhaontú Pháras") [3]. D'aontaigh na Páirtithe ann an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil go mór faoi bhun 2° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus iarrachtaí a dhéanamh teorainn 1,5° C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú teochta. ***Trí Chomhaontú Aeráide Ghlaschú a ghlacadh, d'aithin na Páirtithe i gComhaontú Pháras go laghdófaí go mór rioscaí agus tionchair an athraithe aeráide dá dteorannófaí an méadú ar an meánteocht dhomhanda go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, agus gheall siad go neartófaí a spriocanna do 2030 faoi dheireadh 2022 chun an bhearna uaillmhéine a dhúnadh, i gcomhréir le torthaí an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC). Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach atá cothrom agus lena n-urramaítear prionsabal na bhfreagrachtaí agus na gcumas faoi seach atá coiteann ach difreáilte, i bhfianaise imthosca***

[3] Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0162/2022).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	náisiúnta éagsúla. Deis ar leith is ea an t-athbhreithniú ar Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (CTA AE), lena n-áirítear ar an gcúlchiste cobhsaíochta margaidh a ghabhann leis.

([3]) Comhaontú Pháras (IO L 282, 19.10.2016, lch. 4).

Leasú 407

Togra le haghaidh treorach

Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Tá a phráinní atá sé go gcoinneofaí sprioc Chomhaontú Pháras de 1,5 °C beo níos suntasaí anois mar thoradh ar thorthaí IPCC ina thuarascáil an 7 Lúnasa 2021 dar teideal "Climate Change 2021: The Physical Science Basis" [Athrú Aeráide 2021: An Bunús Eolaíochta Fisicí]. Fuair IPCC amach go sroichfidh nó go sáróidh an teocht dhomhanda marc 1,5 °C níos luaithe ná mar a bhíothas ag súil leis roimhe seo, eadhon sna 20 bliain amach romhainn. Fuarthas amach freisin, mura mbeidh laghduithe láithreacha uaillmhianacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, nach mbeifear in ann an téamh domhanda a theorannú a thuilleadh gar do 1,5 °C nó fiú 2 °C. Ina theannta sin, i dtuarascáil an 28 Feabhra 2022 uaidh dar teideal "Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability"[Athrú Aeráide 2022: Tionchair, Oiriúnú agus Leochaileacht], dúirt IPCC, le muinín an-ard, gur bagairt é an t-athrú aeráide ar fholláine an duine agus ar shláinte an phláinéid. Má chuirtear moill bhreise ar ghníomhaíocht dhomhanda chomhbheartaithe atá réamhbheartaithe maidir le hoiriúnú agus maolú, caillfear an deis chun todhchaí inbhuanaithe ar féidir linn maireachtáil inti a chinntiú do chách, ar deis ghairid í atá á dúnadh go gasta.

Leasú 408

Togra le haghaidh treorach

Aithris 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1b) Treisítear an gá le gníomhaíocht phráinneach tríd an méadú ar mhinicíocht agus ar dhéine na ndálaí adhaimsire mar thoradh díreach ar an athrú aeráide. De réir Oifig na Náisiún Aontaithe um Laghdú Rioscaí Tubaistí, go bhfuil beagnach méadú faoi dhó tagtha ar líon na dtubaistí ar fud an domhain a taifeadadh agus ar scála na gcaillteanas eacnamaíoch domhanda le 20 bliain anuas, agus gur tháinig ardú suntasach ar líon na dtubaistí a bhaineann leis an aeráid mar gheall ar an méid sin.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 409

Togra le haghaidh treorach

Aithris 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1c) Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar an bpráinn sin trí dhlús a chur lena iarrachtaí agus trí é féin a bhunú mar cheannaire idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, agus prionsabail an chothromais agus freagrachtaí agus inniúlachtaí comhchoiteanna ach difreáilte, mar a leagtar síos in Airteagal 2(2) de Chomhaontú Pháras, á léiriú ag an am céanna.

Leasú 410

Togra le haghaidh treorach

Aithris 1 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1d) Ina rún an 28 Samhain 2019 maidir leis an éigeandáil aeráide agus comhshaoil ([1a]), d'áitigh Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún gníomhú láithreach agus uaillmhianach chun an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C agus chun caillteanas ollmhór bithéagsúlachta a sheachaint, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí i mbeartais reatha de chuid an Aontais maidir le héigeandálaí aeráide agus comhshaoil agus trína áirithiú go mbeidh gach togra reachtach agus buiséadach is ábhartha don todhchaí ailínithe go hiomlán leis an gcuspóir an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C agus nach gcuirfidh siad le cailliúint na bithéagsúlachta.
	([1a]) IO C 232, 16.6.2021, lch. 28

Leasú 411

Togra le haghaidh treorach

Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcroílár na Teachtaireachta maidir leis an "gComhaontú Glas don Eoraip", arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 ([4]).	(2) Tá iarrachtaí chun dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach i gcroílár na Teachtaireachta***, dá bhrí sin,*** maidir leis an "gComhaontú Glas don Eoraip", arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 ([4]).
([4]) COM(2019)0640.	([4]) COM(2019)0640.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 412

Togra le haghaidh treorach

Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ***Nasctar leis*** an gComhaontú Glas don Eoraip ***sraith chuimsitheach beart agus tionscnamh a threisíonn a chéile go frithpháirteach agus atá dírithe ar an aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas Eorpach*** faoi 2050, ***agus*** leagtar amach ann straitéis nua fáis arb é is aidhm leis sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, a bheidh tíosach ar acmhainní***, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta ó úsáid acmhainní***. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. ***An tráth céanna,*** déantar difear leis an aistriú sin ***do mhná agus d'fhir*** ar bhealaí difriúla agus tá tionchar ar leith aige ar roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste, amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas ***agus*** daoine a bhfuil cúlra cine mionlaigh nó eitnigh mionlaigh acu. Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach***, gan duine ar bith a fhágáil ar lár.***	(3) ***Is é*** an Comhaontú Glas don Eoraip ***an túsphointe do chuspóir an Aontais maidir le neodracht aeráide a bhaint amach*** faoi 2050, ***ar a dhéanaí, agus don aidhm maidir le hastaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]).*** Leagtar amach ***ann*** straitéis nua fáis arb é is aidhm di an tAontas a iompú ina shochaí chothrom agus rathúil, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha, éifeachtúil ó thaobh acmhainní agus iomaíoch de, ***agus gan aon duine a fhágáil ar lár in aistriú cóir a dhíreoidh ar bhochtaineacht fuinnimh freisin***. Tá sé d'aidhm aige freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a mhéadú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Déanann an t-aistriú seo difear leis an aistriú sin ***d'oibrithe ó earnálacha éagsúla agus ó gach inscne*** ar leith bíonn tionchar ar leith aige ar roinnt grúpaí faoi mhíbhuntáiste ***agus atá leochaileach***, amhail daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus daoine arb as cine nó grúpa eitneach mionlaigh iad ***agus daoine aonair agus teaghlaigh a bhfuil ioncam íseal nó ioncam íseal acu. Ina theannta sin, cuireann sé dúshláin níos mó roimh réigiúin áirithe, go háirithe réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste struchtúrach agus ar réigiúin fhorimeallacha, agus oileáin chomh maith***. Ní mór a áirithiú dá bhrí sin go mbeidh an t-aistriú cóir agus cuimsitheach.

([1a]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 413

Togra le haghaidh treorach

Aithris 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Is bunchloch i mbeartas aeráide an Aontais é CTA AE agus is é an phríomhuirlis atá aige chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach. I gcomhréir leis na gealltanais a tugadh in COP26 i nGlaschú go ndéanfaí athbhreithniú ar na rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta ar bhonn bliantúil, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta chun cuntas a thabhairt i leith na n-earnálacha uile arna n-áireamh in CTA AE le linn an athbhreithnithe sin ar Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]).
	([1a]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

Leasú 414

Togra le haghaidh treorach

Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) Tá riachtanas agus luach ***an*** Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip méadaithe i bhfianaise tionchar tromchúiseach phaindéim COVID-19 ar shláinte, ar dhálaí maireachtála agus oibre, agus ar fholláine shaoránaigh an Aontais, a léiríonn gur gá dár sochaí agus dár ngeilleagar a bheith níos athléimní in aghaidh suaití seachtracha agus gníomhú go luath chun iad a chosc nó a mhaolú. Leanann saoránaigh Eorpacha de thuairimí láidre a chur in iúl go mbaineann sé sin go háirithe leis an athrú aeráide ([5]).	(4) Tá fás tagtha ar riachtanas agus ar luach Comhaontaithe Ghlais don Eoraip ***atá curtha chun feidhme go maith***, ach níor tharla sin ach i bhfianaise tionchar tromchúiseach phaindéim COVID-19 ar shláinte, ar dhálaí maireachtála agus oibre, agus ar fholláine shaoránaigh an Aontais, a léiríonn gur gá dár sochaí agus dár ngeilleagar bheith níos athléimní in aghaidh suaití seachtracha agus gníomhú go luath chun iad a chosc nó a mhaolú ***ar bhealach atá cóir agus a fhágann nach bhfágfar aon duine ar lár, lena n-áirítear iad siúd atá i mbaol bochtaineachta fuinnimh***. Leanann saoránaigh Eorpacha de thuairimí láidre a chur in iúl go mbaineann sé sin go háirithe leis an athrú aeráide ([5]).
([5]) Eorabharaiméadar Speisialta 513 maidir leis an Athrú Aeráide, 2021 (https://ec.europa.eu/clima/citizens/support_ga).	([5]) Eorabharaiméadar Speisialta 513 maidir leis an Athrú Aeráide, 2021 (https://ec.europa.eu/clima/citizens/support_ga).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 415

Togra le haghaidh treorach

Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) Má dhéantar beart de réir briathair maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, ba cheart go gcinnteofaí cruthú post ar ardchaighdeán agus dul chun cinn sóisialta do chách. Chun go mbeadh sí inghlactha go sóisialta, ba cheart go gcuirfí leis an uaillmhian aeráide a bheartaítear sa Rialachán seo, uaillmhian shóisialta atá coibhéiseach, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ba cheart go mbeadh oibre an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ina dheis chun poist ar ardchaighdeán a choinneáil agus a chruthú, obair chuibhiúil a chur chun cinn, caighdeáin saothair a ardú, idirphlé sóisialta agus cómhargáil a neartú, dul i ngleic leis an idirdhealú ag an obair agus comhionannas inscne a chur chun cinn. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart go mbeadh na sásraí um Aistriú cóir ina gcomhlánú ar na gníomhaíochtaí go léir atá beartaithe faoi chuimsiú an Chomhaontú Glas don Eoraip agus an phacáiste "Oiriúnach do 55".

Leasú 416

Togra le haghaidh treorach

Aithris 4 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4b) Ós rud é gur gá an t-aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a chur le chéile le hiomaíochas na hEorpa a chaomhnú agus poist a chruthú, tá sé ríthábhachtach ionas go n-éireoidh leis an gComhaontú Glas don Eoraip nach mbeidh ualach rómhór ar an margadh aonair le costais bhreise ar chuideachtaí iad féin a chur in oiriúint do thimpeallacht nua rialála.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 417

Togra le haghaidh treorach

Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I Rialachán (AE) 2021/1119 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7])*** cumhdaíonn an tAontas sprioc maidir le haeráidneodracht ar fud an gheilleagair a bhaint amach faoi 2050 ***sa reachtaíocht***. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach aeráide an Aontais maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030.	(6) I Rialachán (AE) 2021/1119 tá sprioc aeráidneodracht ar fud an gheilleagair cumhdaithe ***sa reachtaíocht*** ag an Aontas faoi 2050***, ar a dhéanaí, agus an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin***. Bunaítear leis an Rialachán sin freisin gealltanas ceangailteach aeráide an Aontais maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa intíre (an líon astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) faoi bhun leibhéil 1990 faoi 2030.

([7]) ***Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

Leasú 418

Togra le haghaidh treorach

Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Is gá do gach earnáil den gheilleagar a cion a dhéanamh chun na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart uaillmhian Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE), arna bunú le Treoir 2003/87/CE ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8])***, chun glanlaghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun cinn ar bhealach atá costéifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de a mhéadú ar bhealach atá i gcomhréir leis an sprioc chun glanlaghdú a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair faoi 2030.	(7) Is gá do gach earnáil den gheilleagar a cion a dhéanamh chun na laghduithe astaíochtaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart uaillmhian Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE), arna bunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur chun cinn ar bhealach costéifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh an gheilleagair de, a mhéadú ar bhealach atá i gcomhréir leis an gcuspóir sin maidir le laghdú ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair do 2030***, le cuspóir an Aontais maidir le neodracht aeráide atá le baint amach faoi 2050, ar a dhéanaí, agus leis an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119***.

([8]) ***Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 419

Togra le haghaidh treorach

Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Ba cheart do CTA AE táirgeadh ó shuiteálacha a laghdaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa go páirteach nó go hiomlán a dhreasú. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú atá ar roinnt catagóirí gníomhaíochtaí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a leasú lena áirithiú go láimhseáiltear suiteálacha go cothrom sna hearnálacha lena mbaineann. Thairis sin, ba cheart leithdháileadh saor in aisce chun táirge a tháirgeadh a bheith neamhspleách ó chineál an phróisis táirgthe. Ní mór an sainmhíniú ar na táirgí agus ar na próisis agus na hastaíochtaí a chumhdaítear le haghaidh roinnt tagarmharcanna a mhodhnú dá bhrí sin chun cothroime iomaíochta idir teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí reatha a áirithiú. Ní mór freisin an nuashonrú ar na luachanna tagarmhairc le haghaidh na scaglann agus na hidrigine a dhíchúpláil chun an tábhacht a bhaineann le hidrigin a tháirgeadh lasmuigh d'earnáil na scaglann a léiriú.	(8) Ba cheart do CTA AE táirgeadh ó shuiteálacha a laghdaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa go páirteach nó go hiomlán a dhreasú. Dá bhrí sin, ba cheart an sainmhíniú atá ar roinnt catagóirí gníomhaíochtaí in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a leasú lena áirithiú go láimhseáiltear suiteálacha go cothrom sna hearnálacha lena mbaineann. Thairis sin, ba cheart leithdháileadh saor in aisce chun táirge a tháirgeadh a bheith neamhspleách ó chineál an phróisis táirgthe. Ní mór an sainmhíniú ar na táirgí agus ar na próisis agus na hastaíochtaí a chumhdaítear le haghaidh roinnt tagarmharcanna a mhodhnú dá bhrí sin chun cothroime iomaíochta idir teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí reatha a áirithiú. Ní mór freisin an nuashonrú ar na luachanna tagarmhairc le haghaidh na scaglann agus na hidrigine a dhíchúpláil chun an tábhacht a bhaineann le hidrigin ***ghlas*** a tháirgeadh lasmuigh d'earnáil na scaglann a léiriú.

Leasú 420

Togra le haghaidh treorach

Aithris 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) Agus na prionsabail chun tagarmharcanna ex-ante a shocrú in earnálacha agus i bhfo-earnálacha aonair á sainiú aige, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear sna hearnálacha agus sna fo-earnálacha lena mbaineann, le hionadaithe na sochaí sibhialta agus leis an mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1119.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 421

Togra le haghaidh treorach

Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Faoi CTA AE, ba cheart go measfaí gurb ionann astaíochtaí agus gáis ceaptha teasa nach scaoiltear go díreach san atmaisféar agus ba cheart lamháltais a thabhairt suas le haghaidh na n-astaíochtaí sin ach amháin má stóráiltear i láithreán stórála iad i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), nó má tá siad ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar sa ghnáthúsáid. Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh lena sonrófar na coinníollacha a measfar go bhfuil gáis ceaptha teasa ceangailte go ceimiceach go buan iontu i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar sa ghnáthúsáid, lena n-áirítear, teastas aistrithe dé-ocsaíde carbóin a fháil, i gcás inarb iomchuí, i bhfianaise forbairtí rialaitheacha maidir le haistrithe dé-ocsaíde carbóin a dheimhniú.	(13) Faoi CTA AE, ba cheart go measfaí gurb ionann astaíochtaí agus gáis ceaptha teasa nach scaoiltear go díreach san atmaisféar agus ba cheart lamháltais a thabhairt suas le haghaidh na n-astaíochtaí sin ach amháin má stóráiltear i láithreán stórála iad i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([13]), nó má tá siad ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar sa ghnáthúsáid agus ***sa ghnáthdhiúscairt.*** Ba cheart a chumhachtú don Choimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh lena sonrófar na coinníollacha a measfar go bhfuil gáis ceaptha teasa ceangailte go ceimiceach go buan iontu i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar sa ghnáthúsáid ***agus sa ghnáthdhiúscairt***, lena n-áirítear, teastas aistrithe dé-ocsaíde carbóin a fháil, i gcás inarb iomchuí, i bhfianaise forbairtí rialaitheacha maidir le haistrithe dé-ocsaíde carbóin a dheimhniú.
([13]) Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).	([13]) Treoir 2009/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le stóráil gheolaíoch dé-ocsaíde carbóin agus lena leasaítear Treoir 85/337/CEE ón gComhairle, treoracha 2000/60/CE, 2001/80/CE, 2004/35/CE, 2006/12/CE, 2008/1/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 (IO L 140, 5.6.2009, lch. 114).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 422

Togra le haghaidh treorach

Aithris 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a) Ba cheart do CTA AE, a mhéid is féidir, díolúintí míchuí agus bearta saobhacha a sheachaint. San fhadtéarma, ba cheart ról a bheith ag gach earnáil maidir le rannchuidiú leis an aeráidneodracht a bhaint amach laistigh den Aontas faoi 2050 agus ba cheart na hastaíochtaí uile CO_2 a chumhdach le hionstraimí beartais iomchuí an Aontais. Dá n-áireofaí suiteálacha loiscthe dramhaíola cathrach in CTA AE, rannchuideofaí leis an ngeilleagar ciorclach trí athchúrsáil, athúsáid agus deisiú táirgí a spreagadh, agus rannchuideofaí le dícharbónú ar fud an gheilleagair ag an am céanna. Ós rud é go gcumhdaítear gníomhaíochtaí athchúrsála agus athghiniúna cheana faoi CTA AE, dá n-áireofaí suiteálacha loiscthe dramhaíola cathrach, atreiseofaí dreasachtaí le haghaidh bainistiú inbhuanaithe dramhaíola i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola. Chomhlánódh sé gnéithe eile de reachtaíocht dramhaíola an Aontais. Ina theannta sin, dá ndéanfaí loscadh dramhaíola a chomhtháthú in CTA AE, chruthófaí cothrom iomaíochta idir na réigiúin inar áiríodh loscadh dramhaíola cathrach faoin raon feidhme, rud a laghdódh an baol go mbeadh iomaíocht chánach idir réigiúin. Mar sin féin, chun nach ndéanfaí dramhaíola a atreorú ó shuiteálacha loiscthe dramhaíola cathrach chuig líonadh talún san Aontas, ar líonadh talún é lena gcruthaítear astaíochtaí meatáin, agus chun onnmhairí dramhaíola chuig tríú tíortha a sheachaint, a bhféadfadh tionchar guaiseach a bheith acu ar an gcomhshaol, ba cheart go ndéanfaí measúnú tionchair roimh 31 Nollaig 2024 sular ndéanfar suiteálacha loiscthe dramhaíola cathrach a áireamh ón 1 Eanáir 2026 laistigh de raon feidhme Threoir 2003/87/CE, agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart togra reachtach a bheith ag gabháil leis sin chun atreorú dramhaíola den sórt sin agus onnmhairí den sórt sin a chosc.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 423

Togra le haghaidh treorach

Aithris 13 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13b) Ba cheart cuntas a thabhairt ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ar fad arna ngabháil agus arna n-aistriú lena n-úsáid trí ghabháil agus úsáid carbóin ("CCU") nach bhfuil ceangailte go ceimiceach agus go buan i dtáirge ar bhealach a fhágann nach dtéann siad isteach san atmaisféar sa ghnáthúsáid agus sa ghnáthdhiúscairt. Muna ndéanfaí gach céim den phróiseas, go háirithe astaíochtaí ó shuiteálacha loiscthe dramhaíola, a chumhdach le praghsáil carbóin, is é a bheadh mar thoradh ar bheith ag brath ar chuntas a thabhairt ar astaíochtaí ag an bpointe a scaoiltear isteach san atmaisféar iad ná go ndéanfaí astaíochtaí a ríomh faoina luach. Chun gabháil carbóin a rialáil ar bhealach lena laghdaítear glanastaíochtaí, lena n-áirithítear go dtabharfar cuntas ar na hastaíochtaí go léir agus go seachnófar an ríomh dúbailte sin, agus dreasachtaí eacnamaíocha á gcruthú, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar conas cuntas a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a mheastar a bheith gafa agus úsáidte chun bheith ceangailte go ceimiceach i dtáirge, bunaithe ar mheasúnú saolré ar an táirge, mar shampla, i gcás ina n-úsáidtear iad sin chun táirge a mhonarú nó i gcás ina rannchuidíonn laghdú comhréireach den sórt sin le beartais náisiúnta nuálacha arna bhformheas ag an údarás inniúil sa Bhallstát lena mbaineann chun comhar idir earnálacha a áirithiú agus a dhreasú, agus ba cheart, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun modheolaíocht thrédhearcach, inchomparáide agus iontaofa a áireamh.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 424

Togra le haghaidh treorach

Aithris 13 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13c) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1119, ba cheart tosaíocht a thabhairt do laghduithe díreacha ar astaíochtaí ar gá iad a chomhlánú le haistrithe méadaithe CO_2 ar mhaithe leis an aeráidneodracht a bhaint amach. Sa mheántéarma, d'fhéadfadh aistrithe CO_2 cabhrú cheana leis an uaillmhian a mhéadú os cionn sprioc aeráide 2030 an Aontais mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir cuntas a thabhairt ar astaíochtaí diúltacha a eascraíonn ó gháis ceaptha teasa a bhaintear as an atmaisféar agus a stóráiltear go sábháilte agus go buan, mar shampla trí aer a ghabháil go díreach, agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir na hastaíochtaí diúltacha sin a dhreasú i dtrádáil astaíochtaí, lena n-áirítear trí raon feidhme soiléir agus critéir dhochta agus coimircí dochta a mholadh chun a áirithiú nach ndéanfar laghduithe riachtanacha ar astaíochtaí a fhritháireamh leis na haistrithe sin ach gur fíoraistrithe atá iontu agus iad buan.

Leasú 425

Togra le haghaidh treorach

Aithris 13 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13d) De réir na teachtaireachta ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir le straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh chun astaíochtaí meatáin a laghdú, is ó dhramhaíl a thagann 26 % d'astaíochtaí meatáin na mór-roinne. Ar fud an domhain, táthar ag tuar, faoi 2025, go mbeidh idir 8 agus 10 % d'astaíochtaí gáis ceaptha teasa antrapaigineacha ag teacht ó líonadh talún agus ó láithreáin dhumpála. Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas laghdú suntasach a dhéanamh ar líonadh talún san Aontas agus, i gcás ar bith, ba cheart dó áireamh loiscthe dramhaíola in CTA AE amach anseo a sheachaint, áireamh a chruthóidh míchothrom iomaíochta agus a mbeadh méadú ar líonadh talún mar thoradh air. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin arbh fhéidir agus arbh indéanta gach próiseas bainistithe dramhaíola, amhail líonadh talún, coipeadh, múiríniú agus cóireáil bhitheolaíoch mheicniúil, a áireamh in CTA AE.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 426

Togra le haghaidh treorach

Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Is é gníomhaíocht mhuiriompair idirnáisiúnta, a bhfuil muiraistir idir calafoirt faoi dhlínse dhá Bhallstát difriúil nó idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort lasmuigh de dhlínse aon Bhallstát mar chuid di, an t-aon mhodh iompair nach n-áirítear le gealltanais an Aontais roimhe seo chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá méadú de thart ar 36 % ó 1990 tagtha ar na hastaíochtaí ó bhreosla a dhíoltar san Aontas le haghaidh aistear a imíonn ó Bhallstát amháin agus a thagann isteach i mBallstát difriúil nó i dtríú tír. Is ionann na hastaíochtaí sin agus gar do 90 % d'astaíochtaí loingseoireachta uile an Aontais mar tháinig laghdú de 26 % ó 1990 ar astaíochtaí ó bhreosla a dhíoltar san Aontas le haghaidh aistear a imíonn ó Bhallstát agus a thagann isteach sa Bhallstát céanna. Sa chás "gnó mar is gnách", táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú de thart ar 14 % idir 2015 agus 2030 agus de 34 % idir 2015 agus 2050 ar astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair idirnáisiúnta. Má thagann méadú ar thionchar an athraithe aeráide ar na gníomhaíochtaí muiriompair mar atáthar ag tuar, dhéanfaí dochar suntasach do laghduithe arna ndéanamh ag earnálacha eile chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.	(14) Is é gníomhaíocht mhuiriompair idirnáisiúnta, a bhfuil muiraistir idir calafoirt faoi dhlínse dhá Bhallstát difriúil nó idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort lasmuigh de dhlínse aon Bhallstát mar chuid di, an t-aon mhodh iompair nach n-áirítear le gealltanais an Aontais roimhe seo chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Tá méadú de thart ar 36 % ó 1990 tagtha ar na hastaíochtaí ó bhreosla a dhíoltar san Aontas le haghaidh aistear a imíonn ó Bhallstát amháin agus a thagann isteach i mBallstát difriúil nó i dtríú tír. Is ionann na hastaíochtaí sin agus gar do 90 % d'astaíochtaí loingseoireachta uile an Aontais mar tháinig laghdú de 26 % ó 1990 ar astaíochtaí ó bhreosla a dhíoltar san Aontas le haghaidh aistear a imíonn ó Bhallstát agus a thagann isteach sa Bhallstát céanna. Sa chás "gnó mar is gnách", táthar ag tuar go dtiocfaidh méadú de thart ar 14 % idir 2015 agus 2030 agus de 34 % idir 2015 agus 2050 ar astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair idirnáisiúnta. Má thagann méadú ar thionchar an athraithe aeráide ar na gníomhaíochtaí muiriompair mar atáthar ag tuar, dhéanfaí dochar suntasach do laghduithe arna ndéanamh ag earnálacha eile chun dul i ngleic leis an athrú aeráide ***agus, dá bhrí sin, chun go mbainfear amach sprioc glanlaghdaithe gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair do 2030, cuspóir an Aontais maidir le neodracht aeráide faoi 2050, ar a dhéanaí, agus an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 agus sprioc Chomhaontú Pháras***.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 427

Togra le haghaidh treorach

Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Is é muiriompar idirnáisiúnta an t-aon mhodh iompair nach bhfuil ar áireamh i ngealltanas an Aontais astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, in ainneoin gur iarr Parlaimint na hEorpa arís agus arís eile ar gach earnáil den gheilleagar rannchuidiú leis an iarracht chomhpháirteach an t-aistriú chuig astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha a thabhairt chun críche a luaithe is féidir agus faoi 2050 ar a dhéanaí, i gcomhréir le gealltanais an Aontais faoi Chomhaontú Pháras. Is é CO_2 an phríomhchúis i gcónaí le tionchar aeráide an mhuiriompair nuair a ríomhtar é ar bhonn na féidearthachta téimh dhomhanda thar 100 bliain, arb ionann é agus 98 %, nó, má chuirtear carbón dubh ar áireamh, 91 %, de na hastaíochtaí iomlána idirnáisiúnta gás ceaptha teasa i gcoibhéisí CO_2. Mar sin féin, de réir tuarascála dar teideal "Fourth IMO Greenhouse Gas Study" [An Ceathrú Staidéar maidir le Gás Ceaptha Teasa de chuid IMO], de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), a foilsíodh in 2020, tháinig méadú 87 % ar mheatán (CH_4) thar an tréimhse ó 2012 go 2018. Dá bhrí sin, agus i gcomhréir leis na leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 16 Meán Fómhair 2020 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/757, chun aird iomchuí a thabhairt ar an gcóras domhanda bailithe sonraí le haghaidh sonraí maidir le hídiú ola breosla long, ba cheart astaíochtaí CO_2 agus astaíochtaí CH_4 araon, chomh maith le hocsaídí nítriúla (N_2O), a áireamh sa leathnú ar CTA AE i leith gníomhaíochtaí muiriompair.** Dá bhrí sin, ba cheart d'údarás riaracháin a áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí loingseoireachta faireachán agus tuairisciú ar shonraí comhiomlánaithe maidir le hastaíochtaí, lena n-áirítear scaoileadh ***CO_2, CH_4 agus N_2O chun comhsheasmhacht le Rialachán (AE)…/… [FuelEU Maritime] a áirithiú. ***Thairis sin, ba cheart don Choimisiún, faoin 31 Nollaig 2024, measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an aeráid dhomhanda atá ag astaíochtaí gás ceaptha teasa seachas CO_2, N_2O agus CH_4 agus ag cáithníní a d'fhéadfadh cur leis an téamh domhanda, agus tuarascáil ina leith sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh maidir leis na hastaíochtaí agus na cáithníní sin ó ghníomhaíochtaí muiriompair a áireamh i raon feidhme CTA AE.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 428

Togra le haghaidh treorach

Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) In 2013, ghlac an Coimisiún straitéis chun astaíochtaí muirí a chomhtháthú de réir a chéile i mbeartas an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Mar chéad chéim sa chur chuige seo, bhunaigh an tAontas córas chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí ón muiriompar i Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), agus leagfar spriocanna laghdaithe síos don earnáil mhuirí agus cuirfear beart i bhfeidhm atá bunaithe ar an margadh ina dhiaidh sin. I gcomhréir le gealltanas na gcomhreachtóirí, arna léiriú i dTreoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), ba cheart tús a chur le gníomhaíocht ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) nó ón Aontas ó 2023 ar aghaidh, lena n-áirítear an réamhobair maidir le glacadh agus le cur chun feidhme birt lena n-áirithítear go rannchuidíonn an earnáil go hiomchuí leis na hiarrachtaí is gá chun na cuspóirí a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus aird chuí á tabhairt ag na páirtithe leasmhara uile.	(15) In 2013, ghlac an Coimisiún straitéis chun astaíochtaí muirí a chomhtháthú de réir a chéile i mbeartas an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Mar chéad chéim sa chur chuige seo, bhunaigh an tAontas córas chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí ón muiriompar i Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]), agus leagfar spriocanna laghdaithe síos don earnáil mhuirí agus cuirfear beart i bhfeidhm atá bunaithe ar an margadh ina dhiaidh sin. I gcomhréir le gealltanas na gcomhreachtóirí, arna léiriú i dTreoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]), ba cheart tús a chur le gníomhaíocht ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) nó ón Aontas ó 2023 ar aghaidh, lena n-áirítear an réamhobair maidir le glacadh agus le cur chun feidhme birt lena n-áirithítear go rannchuidíonn an earnáil go hiomchuí leis na hiarrachtaí is gá chun na cuspóirí a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach agus aird chuí á tabhairt ag na páirtithe leasmhara uile. ***Chun éifeachtacht comhshaoil bhearta an Aontais a mhéadú agus iomaíocht éagórach agus dreasachtaí d'imchéimniú a sheachaint, ba cheart raon feidhme Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun longa a bhfuil olltonnáiste 400 agus os a chionn sin iontu a chumhdach ón 1 Eanáir 2024. Chun a áirithiú go mbeidh ualach riaracháin comhréireach ann, i gcás longa a bhfuil olltonnáiste faoi bhun 5 000 iontu, níor cheart go gceanglófaí ar oibreoirí ach an fhaisnéis a thuairisciú atá ábhartha maidir leis na longa sin a áireamh ón 1 Eanáir 2027 sin laistigh de raon feidhme CTA AE, go háirithe an cineál breosla, an fachtóir carbóin agus an dlús fuinnimh.***

([14]) Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55);

([15]) Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814
(IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).

([14]) Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55);

([15]) Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 (IO L 76, 19.3.2018, lch. 3).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 429

Togra le haghaidh treorach

Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) De bhun Threoir (AE) 2018/410, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin dul chun cinn atá déanta in IMO maidir le cuspóir uaillmhianach i ndáil le hastaíochtaí a laghdú agus maidir le bearta tionlacain chun a áirithiú go gcuireann an earnáil mhuiriompair go cuí leis na hiarrachtaí a bhfuil gá leo chun na cuspóirí a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Tá iarrachtaí á ndéanamh anois le hastaíochtaí domhanda muirí a theorannú trí IMO agus ba cheart na hiarrachtaí sin a spreagadh. Mar sin féin, ***cé gur cúis sásaimh é an dul chun cinn a rinneadh trí*** IMO le déanaí, ***ní bheidh na bearta sin*** leordhóthanach chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach.	(16) De bhun Threoir (AE) 2018/410, ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoin dul chun cinn atá déanta in IMO maidir le cuspóir uaillmhianach i ndáil le hastaíochtaí a laghdú agus maidir le bearta tionlacain chun a áirithiú go gcuireann an earnáil mhuiriompair go cuí leis na hiarrachtaí a bhfuil gá leo chun na cuspóirí a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Tá iarrachtaí á ndéanamh anois le hastaíochtaí domhanda muirí a theorannú trí IMO agus ba cheart na hiarrachtaí sin a spreagadh. Mar sin féin, níl ***an méid a tharla faoi chreat*** IMO le déanaí leordhóthanach chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach. ***I bhfianaise cineál idirnáisiúnta na loingseoireachta, ba cheart don Choimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, dlús breise a chur leis na hiarrachtaí taidhleoireachta chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le beart atá bunaithe ar an margadh domhanda a fhorbairt ar leibhéal IMO.***

Leasú 430

Togra le haghaidh treorach

Aithris 16 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(16a) Dá dtabharfaí cuairteanna seachanta ar chalafoirt i dtíortha comharsanachta neamh-AE, d'fhéadfaí éifeacht CTA AE a chur go mór i mbaol i ndáil le muiriompar, ós rud é nach laghdófaí na hastaíochtaí iomlána ón loingseoireacht. D'fhéadfadh sé, fiú amháin, go dtiocfadh méadú ar astaíochtaí foriomlána mar thoradh ar na cuairteanna seachanta sin ar chalafoirt, go háirithe i gcás ina bhfágfadh an imghabháil sin go ndéanfaí muiraistir níos faide go dtí tríú tíortha agus ó thríú tíortha a bhfuil caighdeáin chomhshaoil níos ísle acu. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh, agus tuairisciú a dhéanamh gach re bliain ón… [an bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm na treorach leasaithí seo] maidir le cur chun feidhme na Caibidle i dtaca le muiriompar agus treochtaí féideartha i ndáil le cuideachtaí atá ag iarraidh gan bheith faoi cheangal ag ceanglais na treorach seo agus ba cheart dó, i gcás inarb infheidhme, togra reachtach a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar aon fhianaise ar chuairteanna seachanta ar chalafoirt.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 431

Togra le haghaidh treorach

Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé i gceist aige bearta breise a dhéanamh chun dul i ngleic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil mhuiriompair trí réimse beart a chuirfidh ar chumas an Aontais a chuspóirí laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Treoir 2003/87/CE a leasú chun an earnáil mhuiriompair in CTA AE a chur san áireamh chun a áirithiú go gcuirfidh an earnáil seo le cuspóirí méadaithe aeráide an Aontais chomh maith le cuspóirí Chomhaontú Pháras, lena gcuirtear ceangal ar thíortha forbartha ceannaireacht a ghlacadh trí thabhairt faoi chuspóirí laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair, fad agus a spreagtar tíortha i mbéal forbartha am a chur ar fáil do chuspóirí laghdaithe nó teorannaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair ([16]). Toisc gur cheart uasteorainn a chur le hastaíochtaí ó eitlíocht idirnáisiúnta lasmuigh den Eoraip ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh trí ghníomh domhanda atá bunaithe ar an margadh fad agus nach bhfuil aon ghníomh i bhfeidhm a chuireann uasteorainn le hastaíochtaí muiriompair nó a chuireann praghas orthu, is iomchuí go gcumhdóidh CTA AE sciar de na hastaíochtaí ó aistir idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort faoi dhlínse tríú tíre, agus go mbeadh an tríú tír in ann gníomh iomchuí a chinneadh maidir le sciar eile na n-astaíochtaí. Ba cheart do shíneadh CTA AE leis an earnáil mhuiriompair na hastaíochtaí a leanas a chur san áireamh dá réir sin: leath de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, leath de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit***, astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a thagann isteach i gcalafort*** faoi ***dhlínse Ballstáit ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit, agus astaíochtaí i mbeart i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit. Tá sé tugtha faoi deara gur bealach praiticiúil é an cur chuige sin chun réiteach a fháil ar an tsaincheist maidir le Freagrachtaí agus Inniúlachtaí Coiteanna ach Difreáilte, ar dúshlán é a bhí ann le fada i gcomhthéacs UNFCCC. Le cumhdach sciar de na hastaíochtaí ó aistir isteach agus amach araon*** idir an tAontas agus tríú tíortha***, déantar éifeachtacht*** CTA AE ***a áirithiú, go háirithe trí thionchar comhshaoil an bhirt a mhéadú i gcomparáid le raon feidhme geografach atá teoranta d'aistir laistigh den Aontas, agus an baol le cuairteanna ar chalafort chun críocha éalaitheacha agus an baol le dí-chomhchruinniú gníomhaíochtaí athlastála lasmuigh den Aontas a theorannú. Chun cuimsiú rianúil na hearnála in*** CTA AE ***a áirithiú, ba cheart an líon lamháltas a thabharfaidh cuideachtaí loingseoireachta suas a mhéadú de réir a chéile maidir le hastaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh don tréimhse 2023 go dtí 2025. Chun sláine comhshaoil an chórais a chosaint, sa mhéid a thugtar lamháltais níos lú suas i ndáil le*** hastaíochtaí ***fíoraithe le haghaidh muiriompair sna blianta sin, nuair a bheidh an difríocht idir na hastaíochtaí fíoraithe agus na lamháltais arna***	(17) ***Is ionann astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil mhuirí agus thart ar 2,5 % d'astaíochtaí an Aontais. I ngeall ar an easpa gníomhaíochta cinntithí laistigh de chreat IMO, cuireadh moill ar nuálaíocht agus tugadh isteach bearta riachtanacha chun astaíochtaí a laghdú san earnáil.*** Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, chuir an Coimisiún in iúl go raibh sé i gceist aige bearta breise a dhéanamh chun dul i ngleic le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil mhuiriompair trí réimse beart a chuirfidh ar chumas an Aontais a chuspóirí laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach. Sa chomhthéacs sin, ba cheart Treoir 2003/87/CE a leasú chun an earnáil mhuiriompair in CTA AE a chur san áireamh chun a áirithiú go gcuirfidh an earnáil seo ***a cion féin*** le cuspóirí méadaithe aeráide an Aontais chomh maith le cuspóirí Chomhaontú Pháras, lena gcuirtear ceangal ar thíortha forbartha ceannaireacht a ghlacadh trí thabhairt faoi chuspóirí laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair, fad agus a spreagtar tíortha i mbéal forbartha am a chur ar fáil do chuspóirí laghdaithe nó teorannaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair ([16]). ***Ba cheart tabhairt suas liúntas ag cuideachtaí loingseoireachta liúntais a chur chun feidhme go hiomlán ó 2024 agus ba cheart do chuideachtaí loingseoireachta líon na liúntas a thabhairt suas a chomhfhreagraíonn dá n-astaíochtaí fíoraithe uile a tuairiscíodh sa bhliain roimhe sin.*** Toisc gur cheart uasteorainn a chur le hastaíochtaí ó eitlíocht idirnáisiúnta lasmuigh den Eoraip ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh trí ghníomh domhanda atá bunaithe ar an margadh fad agus nach bhfuil aon ghníomh i bhfeidhm a chuireann uasteorainn le hastaíochtaí muiriompair nó a chuireann praghas orthu, is iomchuí go gcumhdóidh CTA AE ***na hastaíochtaí sórt sin, agus foráil á déanamh do mhaoluithe faoi choinníollacha dochta má ghlacann tríú tíortha freagrach orthu féin as na hastaíochtaí sin nó má tá beart de chuid IMO, bunaithe ar an margadh, i bhfeidhm chun go gcumhdófar*** sciar de na hastaíochtaí ó aistir idir calafort faoi dhlínse Ballstáit agus calafort faoi dhlínse tríú tíre, agus go mbeadh an tríú tír in ann gníomh iomchuí a chinneadh maidir le sciar eile na n-astaíochtaí. ***Ó 2027 ar aghaidh,*** ba cheart, le leathnú CTA AE go dtí an earnáil mhuiriompair, na hastaíochtaí a leanas a chur san áireamh dá réir sin: ***astaíochtaí ó mhuiraistir chuig tríú tíortha agus uathu, agus foráil á déanamh do mhaoluithe i ndáil le*** leath de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, leath de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit faoi ***choinníollacha dochta, go háirithe i gcás ina bhfuil sásra praghsála carbóin i bhfeidhm ag tríú tír, nó i gcás ina bhfuil, trí chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach, sásra praghsála carbóin atá nasctha le*** CTA AE ***bunaithe ag tríú tír idir an tAontas agus tríú tír amháin nó níos mó, de bhun Airteagal 25 de Threoir 2003/87/CE, chun astaíochtaí a uasteorannú agus***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
dtabhairt suas bunaithe gach bliain, ba cheart líon comhfhreagrach lamháltas a chur ar ceal. Ó 2026 ar aghaidh, ba cheart do chuideachtaí loingseoireachta an líon lamháltas a chomhfhreagraíonn do na hastaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh sa bhliain roimhe sin a thabhairt suas.	***a laghdú go dtí leibhéal atá coibhéiseach ar a laghad le CTA AE, is é sin sásra atá ceangailteach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a uasteorannú agus a laghdú agus chun praghas a chur orthu, agus, mar thoradh air sin, dearbhlaghdú a dhéanamh ar astaíochtaí a bheidh coibhéiseach, ar a laghad, leis an gcás ina mbeadh 100 % de na hastaíochtaí sin faoi réir* CTA AE *nó leis an gcás ina bhfuil tríú tír ina Tír is Lú Forbairt nó ina Stát Oileánach Beaga i mBéal Forbartha, ar tír í ina bhfuil OTI per capita nach bhfuil cothrom le meán an Aontais nó níos mó ná sin agus ina n-áirítear na* hastaíochtaí ***sin faoina rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras.***
([16]) Comhaontú Pháras, Airteagal 4(4).	([16]) Comhaontú Pháras, Airteagal 4(4).

Leasú 432

Togra le haghaidh treorach

Aithris 17 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17a) Déanann tionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide difear don urraim do chearta an duine, lena n-áirítear an ceart chun bia, chun uisce, chun sláintíochta, chun sláinte, chun tithíocht chuibhiúil agus chun na beatha. Le Comhaontú Pháras leagadh síos mar thríú colún na gníomhaíochta aeráide an dochar agus an caillteanas lena ndéantar difear díréireach do dhaoine atá ag maireachtáil i ndálaí leochaileachta, do phobail dhúchasacha, do mhná, do leanaí, agus do dhaoine faoi mhíchumas. Is iad na tíortha ísealioncaim, na tíortha íseal-mheánioncaim agus na tíortha is lú forbairt na tíortha is leochailí i leith thionchar an athraithe aeráide. Cé go bhfuil a rannchuidithe le gáis ceaptha teasa san atmaisféar fíorbheag nó diomaibhseach fiú, is minic a bhíonn siad i bhfad níos neamhchosanta ar thionchair an athraithe aeráide, go háirithe i bhfianaise staid a mbonneagair agus dhálaí maireachtála a bpobal. Tá na tíortha sin i staid thubaisteach anois mar gheall ar éifeacht chomhcheangailte na teipe domhanda srian a chur le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, lena ndéantar méadú níos mó ar a riachtanais oiriúnaithe agus ar a gcostais, agus ghéarchéimeanna an airgeadais phoiblí arbh iad paindéim COVID-19 agus "paindéim an fhiachais" a bhaineann léi ba chúis leo.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 433

Togra le haghaidh treorach

Aithris 17 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17b) Ba cheart don Choimisiún, don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa oibriú le tríú tíortha chun glacadh fhorálacha Threoir 2003/87/CE maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a éascú agus chun comhar idirnáisiúnta sa réimse sin a neartú. Ag an am céanna, ba cheart don Choimisiún, don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa oibriú chun bearta domhanda a neartú trí IMO.

Leasú 434

Togra le haghaidh treorach

Aithris 17 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17c) Tá gá le hacmhainní suntasacha airgeadais chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme agus tá an tAontas fós tiomanta do rannchuidiú le sprioc na dtíortha forbartha USD 100 billiún ó fhoinsí éagsúla a shlógadh go comhpháirteach gach bliain ag tosú ó 2020 chun tacú le tíortha atá i mbéal forbartha. Is céim sa treo ceart é an cinneadh a rinneadh ag COP24 maidir le sprioc níos uaillmhéine a bheith ann ó 2025 ar aghaidh, a rachaidh níos faide ná an gealltanas atá ann faoi láthair, ach ní leor na gealltanais iarbhír ó thíortha atá i mbéal forbartha chun an sprioc chomhchoiteann a bhaint amach, agus ba cheart an bhearna atá ann mar thoradh air sin a líonadh. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit dlús a chur lena n-iarrachtaí maoiniú idirnáisiúnta um an athrú aeráide a shlógadh do thíortha atá i mbéal forbartha agus treochlár idirnáisiúnta a fhorbairt ina leagfar amach sciar cothrom gach tíre forbartha den ghealltanas airgeadais USD 100 billiún agus na sásraí chun a áirithiú go ndéanfar na gealltanais a iompú ina ngníomhaíochtaí. Ba cheart do na geilleagair atá ag teacht chun cinn ranníocaíocht a dhéanamh, ó 2025 ar aghaidh, leis an méid níos airde den mhaoiniú idirnáisiúnta aeráide amach anseo.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 435

Togra le haghaidh treorach

Aithris 17 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17d) Ba cheart don Choimisiún cabhrú le tíortha i mbéal forbartha agus dlús a chur lena thacaíocht do na tíortha sin, lena n-áirítear trí CTA AE, chun a gcumas chun oiriúnú agus a n-athléimneacht i leith an athraithe aeráide a neartú. Dá dtabharfadh an tAontas gealltanas comhchoiteann go dtacóidh sé le gníomhaíocht ar son na haeráide i dtíortha atá i mbéal forbartha, chuirfí lena thionchar i gcaibidlíochtaí UNFCCC, agus dá ndéanfadh sé ranníocaíocht tríd an gCiste Glas don Aeráid, spreagfaí tíortha eile cuid den ioncam óna scéimeanna praghsála carbóin féin a ranníoc leis an gciste sin. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina ndéanann sé scrúdú ar na riachtanais dícharbónaithe i dtíortha atá i mbéal forbartha trí mheasúnú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in earnálacha a chomhfhreagraíonn do na hearnálacha a chumhdaítear faoi CTA AE agus faoin Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha.

Leasú 436

Togra le haghaidh treorach

Aithris 17 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17e) Is iad an tAontas agus a Bhallstáit a chuireann an chuid is mó den mhaoiniú poiblí don aeráid ar fáil. Tá sé ríthábhachtach gníomhaíocht ar son na haeráide a mhaoiniú, toisc go bhfuil rannchuidithe coinníollacha arna gcinneadh go náisiúnta ag go leor tíortha atá i mbéal forbartha, a bhfuil a mbaint amach ag brath ar thacaíocht airgeadais. Ba cheart don Choimisiún tacú le tíortha atá i mbéal forbartha maidir le dícharbónú a dtionscal, go háirithe sna hearnálacha sin a chomhfhreagraíonn do na hearnálacha a chumhdaítear faoi CTA AE agus faoin Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha, chun a chur ar a gcumas spriocanna laghdaithe astaíochtaí ar fud an gheilleagair a bhaint amach i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Ba cheart tosaíocht ar leith a thabhairt d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais na dtíortha is lú forbairt trí úsáid lamháltais CTA AE chun gníomhaíocht ar son na haeráide a mhaoiniú, go háirithe oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 437

Togra le haghaidh treorach

Aithris 17 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(17f) Beidh am agus tacaíocht airgeadais ag teastáil chun cabhlaigh long den aicme oighir a athnuachan agus teicneolaíocht nuálach a fhorbairt a laghdóidh astaíochtaí ó na longa sin agus iad ag seoltóireacht i ndálaí geimhridh. Faoi láthair, mar thoradh ar an dearadh lenar féidir longa den aicme oighir seoladh faoi dhálaí oighir, tagann níos mó astaíochtaí ó longa den sórt sin, in uisce oscailte agus nuair a bhíonn siad ag seoltóireacht i ndálaí oighir, i gcomparáid leis na hastaíochtaí a thagann ó longa de mhéid chomhchosúil atá deartha le haghaidh seoltóireacht in uisce oscailte araon. Ar an meán, ídíonn longa d'aicme oighir, agus iad ag seoltóireacht in uisce oscailte, thart ar 2 % go 5 % níos mó breosla ná longa de mhéid chomhchosúi atá deartha le haghaidh seoltóireacht in uisce oscailte amháin. Dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfí chun feidhme faoin Treoir seo modh atá neodrach ó thaobh na brataí de chun dálaí oighir i dtuaisceart an Aontais a chur san áireamh, á cheadú do chuideachtaí loingseoireachta laghdú lamháltas a thabhairt suas ar bhonn aicme oighir a gcuid long, nó ar bhonn loingseoireacht faoi dhálaí oighir, nó an dá bhonn, go dtí an 31 Nollaig 2029. Mar thoradh air sin, ó 2030 ar aghaidh, ba cheart go mbeadh cuideachtaí loingseoireachta faoi dhliteanas liúntais a thabhairt suas arb ionann iad agus céad faoin gcéad (100 %) d'astaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear do gach bliain faoi seach d'ainneoin aicme oighir agus loingseoireacht a gcuid long i ndálaí oighir. Ba cheart tacaíocht shonrach a bheith ann freisin don nuálaíocht maidir le dícharbónú long d'aicme oighir trí Chiste Aigéin.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 438

Togra le haghaidh treorach

Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) Ba cheart forálacha Threoir 2003/87/CE maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a choinneáil faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta agus iarrachtaí arna ndéanamh amach anseo chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear an dara athbhreithniú domhanda in 2028, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar gach 5 bliana ina dhiaidh sin, a bheidh mar bhonn do rannchuidithe comhleanúnacha arna gcinneadh go náisiúnta. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún an dul chun cinn sna cainteanna IMO a bhaineann le beart domhanda margadhbhunaithe a thuairisciú aon am roimh an dara athbhreithniú domhanda in 2028 – agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, dá bhrí sin – do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ina thuarascáil, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar ionstraimí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus, measúnú a dhéanamh, de réir mar is ábhartha, ar na bealaí inar féidir na hionstraimí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí Threoir 2003/87/CE a athbhreithniú. ***Ina thuarascáil***, ba cheart don Choimisiún ***tograí a chur san áireamh de réir mar is iomchuí***.	(18) Ba cheart forálacha Threoir 2003/87/CE maidir le gníomhaíochtaí muiriompair a choinneáil faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta agus iarrachtaí arna ndéanamh amach anseo chun cuspóirí Chomhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear an dara athbhreithniú domhanda in 2028, agus an t-athbhreithniú a dhéanfar gach 5 bliana ina dhiaidh sin, a bheidh mar bhonn do rannchuidithe comhleanúnacha arna gcinneadh go náisiúnta. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún an dul chun cinn sna cainteanna IMO a bhaineann le beart domhanda margadhbhunaithe a thuairisciú aon am roimh an dara athbhreithniú domhanda in 2028 – agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, dá bhrí sin – do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Ina thuarascáil, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh ar ionstraimí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus, measúnú a dhéanamh, de réir mar is ábhartha, ar na bealaí inar féidir na hionstraimí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí Threoir 2003/87/CE a athbhreithniú. I ***gcás inar ghlacadh beart a bhí bunaithe ar an margadh domhanda ar leibhéal IMO as ar eascair laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus atá inchomparáide ar a laghad leis na laghduithe a eascraíonn as bearta an Aontais,*** ba cheart don Choimisiún ***breathnú ar laghdú comhréireach a dhéanamh ar raon feidhme chur i bhfeidhm bhearta an Aontais chun cruthú ualaigh dhúbailte a sheachaint, agus caoga faoin gcéad (50 %) ar a laghad de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit, agus caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit á gcoinneáil faoi raon feidhme CTA AE, agus ceannasacht an Aontais á haithint maidir lena sciar d'astaíochtaí ó mhuiraistir idirnáisiúnta loingseoireachta a rialú i gcomhréir le hoibleagáidí Chomhaontú Pháras Mar sin féin, i gcás nach ndearnadh dul chun cinn leordhóthanach ar leibhéal IMO nó inar glacadh bearta domhanda ar leibhéal IMO nach bhfuil i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus inchomparáide ar a laghad leis na bearta sin a eascraíonn as bearta an Aontais, ba cheart don Choimisiún bearta an Aontais a choinneáil chun go gcumhdófaí céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus atá a thagann isteach i gcalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit trí leasú a dhéanamh ar Threoir 2003/87/CE.**

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 439

Togra le haghaidh treorach

Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Ba cheart don Choimisiún feidhmiú Threoir 2003/87/CE a athbhreithniú maidir le gníomhaíochtaí muiriompair i bhfianaise taithí ar a cur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir le cleachtais a bhféadfadh cleachtais éalaitheacha a bheith iontu, agus ba cheart dó bearta a mholadh ansin chun a héifeachtacht a áirithiú.	(19) Ba cheart don Choimisiún feidhmiú Threoir 2003/87/CE a athbhreithniú maidir le gníomhaíochtaí muiriompair i bhfianaise taithí ar a cur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir le cleachtais a bhféadfadh cleachtais éalaitheacha a bheith iontu, agus ba cheart dó bearta a mholadh ansin chun a héifeachtacht a áirithiú***, agus iad ailínithe le cuspóir an Aontais maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, ar a dhéanaí, agus é mar aidhm leis sin astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 agus i gcuspóirí Chomhaontú Pháras.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 440

Togra le haghaidh treorach

Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Maidir leis an gcuideachta loingseoireachta, a shainmhínítear mar an longúinéir nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ón longúinéir; agus a chomhaontaigh, ar ghlacadh na freagrachta sin, dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir arna bhforchur leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta, ba cheart í a bheith ar an duine nó an eagraíocht atá freagrach as CTA AE a chomhlíonadh. Tá an sainmhíniú seo bunaithe ar an sainmhíniú ar "chuideachta" in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757, agus i gcomhréir leis an gcóras bailithe sonraí domhanda arna bhunú ag IMO in 2016. ***I gcomhréir leis*** an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as***, d'fhéadfadh an chuideachta, trí bhíthin socraithe chonarthaigh,*** an t-eintiteas atá freagrach ***go díreach*** as na cinntí a dhéanann difear d'astaíochtaí CO_2 na loinge ***a choinneáil*** cuntasach maidir leis na costais chomhlíonta faoin Treoir seo. Is iondúil gurbh é an t-eintiteas ***seo*** an t-eintiteas a bheadh freagrach as rogha ***breosla***, bealach agus luas na loinge.	(20) Maidir leis an gcuideachta loingseoireachta, a shainmhínítear mar an longúinéir nó aon eagraíocht nó duine eile, amhail an bainisteoir nó an cairtfhostóir forléasta, a ghlac an fhreagracht as oibriú na loinge ón longúinéir; agus a chomhaontaigh, ar ghlacadh na freagrachta sin, dul i gceann na ndualgas agus na bhfreagrachtaí go léir arna bhforchur leis an gCód Idirnáisiúnta um Bainistíocht Sábháilteachta, ba cheart í a bheith ar an duine nó an eagraíocht atá freagrach as CTA AE a chomhlíonadh. Tá an sainmhíniú seo bunaithe ar an sainmhíniú ar "chuideachta" in Airteagal 3, pointe (d) de Rialachán (AE) 2015/757, agus i gcomhréir leis an gcóras bailithe sonraí domhanda arna bhunú ag IMO in 2016. ***Ní bhíonn an chuideachta loingseoireachta freagrach i gcónaí, áfach, as an mbreosla a cheannach ná as cinntí oibríochtúla a dhéanamh a dhéanann difear d'astaíochtaí gas ceaptha teasa na loinge. Is féidir le heintiteas seachas an chuideachta loingseoireachta na freagrachtaí sin a ghlacadh chuige féin faoi shocrú conarthach. Sa chás sin, chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán*** an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as ***agus chun glacadh beart éifeachtúlachta agus breoslaí níos glaine a spreagadh, ba cheart clásal ceangailteach a áireamh sna socruithe sin chun críche na costais a chur ar aghaidh ionas*** go mbeidh an t-eintiteas atá freagrach ***ar deireadh*** as na cinntí a dhéanann difear d'astaíochtaí gas ceaptha teasa na loinge cuntasach as na costais chomhlíonta ***arna n-íoc ag an gcuideachta loingseoireachta*** faoin Treoir seo ***a chumhdach.*** Is iondúil gurbh é an t-eintiteas ***sin*** an t-eintiteas a bheadh freagrach as rogha ***agus ceannach an bhreosla a úsáideann an long, nó as oibriú na loinge, mar shampla, maidir leis an lastas atá á iompar ag an long a roghnú nó*** bealach agus luas na loinge ***a roghnú.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 441

Togra le haghaidh treorach

Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a) Chomh fada agus a bhaineann le haistriú rathúil go loingseoireacht astaíochtaí nialasacha, tá gá le cur chuige comhtháite agus timpeallacht iomchuí chumasúcháin chun nuálaíocht a spreagadh, i ndáil le longa agus i gcalafoirt araon. Baineann an timpeallacht chumasúcháin sin le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus nuálaíocht, bearta teicneolaíochta agus oibriúcháin chun éifeachtúlacht fuinnimh long agus calafort a fheabhsú, agus breoslaí malartacha inbhuanaithe, amhail hidrigin agus amóinia, a tháirgtear as foinsí fuinnimh in-athnuaite, lena n-áirítear trí chonarthaí difríochta carbóin ("CCDanna"), agus teicneolaíochtaí tiomána gan astaíochta a úsáid, lena n-áirítear an bonneagar athbhreoslaithe agus athluchtaithe is gá i gcalafoirt. Ba cheart Ciste Aigéin a bhunú ó ioncaim a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant i ndáil le gníomhaíochtaí muiriompair faoi CTA AE chun éifeachtúlacht fuinnimh long a fheabhsú agus chun tacú le hinfheistíocht atá dírithe ar dhícharbónú muiriompair a éascú, lena n-áirítear maidir le loingseoireacht ghearrthurais agus calafoirt, agus oiliúint agus athoiliúint an lucht saothair. Ina theannta sin, ba cheart na hioncaim a ghintear ó phionóis arna bhforchur faoi Rialachán (AE) …/… [FuelEU Maritime] a leithdháileadh ar an gCiste Aigéin mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21 (5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1a] agus Airteagal 3gab(1) de Threoir 2003/87/CE. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtabharfar aird chuí ar thacú le tionscadail nuálacha a rannchuidíonn le himscaradh agus le cur chun feidhme Rialachán (AE) …/… [Breosla Muirí AE] chomh maith le tionscadail a bhfuil éifeacht dhearfach acu ar an mbithéagsúlacht agus a chuidíonn le laghdú a dhéanamh ar an riosca torainn, truaillithe aeir agus mhuirí.

[1a] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 442

Togra le haghaidh treorach

Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí loingseoireachta a laghdú, ba cheart do Bhallstát amháin a bheith freagrach as gach cuideachta loingseoireachta. Ba cheart don Choimisiún an chéad liosta de chuideachtaí loingseoireachta a rinne gníomhaíocht mhuirí a thagann faoi raon feidhme CTA AE a fhoilsiú, ina sonrófar an t-údarás riaracháin i leith gach cuideachta loingseoireachta. Ba cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta gach 2 bhliain ar a laghad chun cuideachtaí loingseoireachta a athleagan ar údarás riaracháin eile, de réir mar is ábhartha. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i mBallstát, ba cheart gurbh é an Ballstát sin a bheadh ina údarás riaracháin. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i dtríú tír, ba cheart gurbh é an Ballstát lena mbaineann an líon measta is mó cuairteanna ar chalafort le linn aistear ag an gcuideachta loingseoireachta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE le 2 bhliain faireacháin anuas a bheadh ina údarás riaracháin. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i dtríú tír agus nach ndearna aon aistear a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE le 2 bhliain faireacháin anuas, ba cheart gurbh é an Ballstát ónar thosaigh an chuideachta loingseoireachta a chéad aistear a thagann faoin raon feidhme na treorach sin a bheadh ina údarás riaracháin. Ba cheart don Choimisiún liosta cuideachtaí loingseoireachta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn débhliantúil ina sonrófar an t-údarás riaracháin le haghaidh gach cuideachta loingseoireachta. Chun a áirithiú go láimhseáiltear cuideachtaí loingseoireachta go cothrom, ba cheart do Bhallstáit rialacha comhoiriúnaithe maidir le riaradh cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil siad freagrach astu a leanúint, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe atá le bunú ag an gCoimisiún.	(21) Chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí loingseoireachta a laghdú, ba cheart do Bhallstát amháin a bheith freagrach as gach cuideachta loingseoireachta. Ba cheart don Choimisiún an chéad liosta de chuideachtaí loingseoireachta a rinne gníomhaíocht mhuirí a thagann faoi raon feidhme CTA AE a fhoilsiú, ina sonrófar an t-údarás riaracháin i leith gach cuideachta loingseoireachta. Ba cheart an liosta a thabhairt cothrom le dáta ***go rialta agus*** gach ***bliain*** ar a laghad chun cuideachtaí loingseoireachta a athleagan ar údarás riaracháin eile, de réir mar is ábhartha. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i mBallstát, ba cheart gurbh é an Ballstát sin a bheadh ina údarás riaracháin. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i dtríú tír, ba cheart gurbh é an Ballstát lena mbaineann an líon measta is mó cuairteanna ar chalafort le linn aistear ag an gcuideachta loingseoireachta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE le 2 bhliain faireacháin anuas a bheadh ina údarás riaracháin. I gcás cuideachtaí loingseoireachta atá cláraithe i dtríú tír agus nach ndearna aon aistear a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE le 2 bhliain faireacháin anuas, ba cheart gurbh é an Ballstát ónar thosaigh an chuideachta loingseoireachta a chéad aistear a thagann faoin raon feidhme na treorach sin a bheadh ina údarás riaracháin. Ba cheart don Choimisiún liosta cuideachtaí loingseoireachta a thagann faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE a fhoilsiú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ***bliantúil*** ina sonrófar an t-údarás riaracháin le haghaidh gach cuideachta loingseoireachta. Chun a áirithiú go láimhseáiltear cuideachtaí loingseoireachta go cothrom, ba cheart do Bhallstáit rialacha comhoiriúnaithe maidir le riaradh cuideachtaí loingseoireachta a bhfuil siad freagrach astu a leanúint, i gcomhréir leis na rialacha mionsonraithe atá le bunú ag an gCoimisiún.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 443

Togra le haghaidh treorach

Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Bunaithe ar thaithí ar chúraimí cosúil leo a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) nó d'eagraíocht ábhartha eile, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir lena sainordú, cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na húdaráis riaracháin i leith chur chun feidhme Threoir 2003/87/CE. De bharr a thaithí maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757 agus a uirlisí TF, d'fhéadfadh ESMA cúnamh a thabhairt do na húdaráis riaracháin go háirithe maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí a ghintear le gníomhaíochtaí muiriompair a thagann faoi raon feidhme na treorach seo trí mar shampla an malartú faisnéise a éascú nó trí threoirlínte agus critéir a fhorbairt.	(24) Bunaithe ar thaithí ar chúraimí cosúil leo a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) nó d'eagraíocht ábhartha eile, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir lena sainordú, cúnamh a thabhairt don Choimisiún agus do na húdaráis riaracháin i leith chur chun feidhme Threoir 2003/87/CE. De bharr a thaithí maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2015/757 agus a uirlisí TF, ba cheart do ESMA cúnamh a thabhairt do na húdaráis riaracháin go háirithe maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí a ghintear le gníomhaíochtaí muiriompair a thagann faoi raon feidhme na treorach seo trí mar shampla an malartú faisnéise a éascú nó trí threoirlínte agus critéir a fhorbairt.

Leasú 444

Togra le haghaidh treorach

Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Ní mór do laghdú 61 % i gcomparáid le 2005 teacht ar astaíochtaí na n-earnálacha atá cumhdaithe ag CTA AE chun cuspóir laghdaithe astaíochtaí an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach. Ní mór cainníocht lamháltas CTA AE ar fud an Aontais a laghdú chun an comhartha fadtéarmach faoi phraghas an charbóin is gá a chruthú agus chun an leibhéal seo dícharbónaithe a thiomáint. Chuige sin, ba cheart an fachtóir laghdaithe línigh a mhéadú, agus cuimsiú astaíochtaí ó mhuiriompar á chur san áireamh freisin. Ba cheart an comhartha fadtéarmach faoi phraghas an charbóin a dhíorthú ó na hastaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair a tuairiscíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/757 le haghaidh 2018 agus 2019 san Aontas, arna choigeartú, ón mbliain 2021 ar aghaidh, de réir an fhachtóra laghdaithe línigh.	(26) Chun sprioc laghdaithe astaíochtaí an Aontais do 2030 a bhaint amach, agus, ag an am céanna, sprioc Chomhaontú Pháras an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C a shaothrú, éileofar laghdú suntasach ar astaíochtaí na n-earnálacha a chumhdaítear le CTA AE. Ní mór cainníocht lamháltas CTA AE ar fud an Aontais a laghdú chun an comhartha fadtéarmach faoi phraghas an charbóin is gá a chruthú agus chun an leibhéal seo dícharbónaithe a thiomáint. Chuige sin, ba cheart an fachtóir laghdaithe bliantúil a mhéadú, agus cuimsiú astaíochtaí ó mhuiriompar á chur san áireamh freisin. Ba cheart an comhartha fadtéarmach faoi phraghas an charbóin a dhíorthú ó na hastaíochtaí ó ghníomhaíochtaí muiriompair a tuairiscíodh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/757 le haghaidh 2018 agus 2019 san Aontas, arna choigeartú, ón mbliain 2021 ar aghaidh, de réir an fhachtóra laghdaithe línigh.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 445

Togra le haghaidh treorach

Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Ag cur san áireamh go leasaítear Treoir 2003/87/CE leis an Treoir seo i leith tréimhse chur chun feidhme atá tosaithe an 1 Eanáir 2021 cheana féin, ar son cúiseanna intuarthachta, éifeachtachta comhshaoil agus simplíochta, ba cheart do chonair laghdaithe línigh níos géire CTA AE a bheith ina líne dhíreach ó 2021 go dtí 2030, chun laghduithe astaíochtaí in CTA AE de 61 % a bhaint amach faoi 2030, mar an chéim iomchuí, idirmheánach chun aeráidneodracht ar fud gheilleagar an Aontais in 2050 a bhaint amach. Toisc nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag an bhfachtóir laghdaithe línigh ach ón mbliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm na treorach seo, ba cheart laghdú aonuaire ar chainníocht na lamháltas an chainníocht iomlán lamháltas a laghdú ionas go mbeidh sí i gcomhréir leis an leibhéal laghdaithe bhliantúil seo arna ndéanamh ó 2021 ar aghaidh.	(27) Agus é á chur san áireamh go leasaítear Treoir 2003/87/CE leis an Treoir seo i ndáil le tréimhse cur chun feidhme a thosaigh cheana an 1 Eanáir 2021, ar chúiseanna a bhaineann le hintuarthacht, éifeachtacht chomhshaoil agus simplíocht, ba cheart go ndéanfaí treoir shoiléir a sholáthar sa chonair ghéarlaghdaithe atá ag CTA AE chun sprioc Chomhaontú Pháras agus neodracht aeráide uile-gheilleagair an Aontais a bhaint amach in 2050 ar a dhéanaí. Toisc nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag an bhfachtóir laghdaithe ach ón mbliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm na treorach seo, ba cheart laghdú aonuaire ar chainníocht na lamháltas an chainníocht iomlán lamháltas a laghdú ionas go mbeidh sí i gcomhréir leis an leibhéal laghdaithe bhliantúil seo arna ndéanamh ó 2021 ar aghaidh.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 446

Togra le haghaidh treorach

Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Chun an uaillmhian mhéadaithe aeráide a bhaint amach, beidh gá le hacmhainní poiblí substaintiúla san Aontas chomh maith le buiséid náisiúnta a thiomnú don aistriú aeráide. Chun caiteachas substaintiúil a bhaineann leis an aeráid a chomhlánú agus a dhaingniú i mbuiséad an Aontais, ba cheart gach ioncam ceantála nach bhfuil sannta do bhuiséad an Aontais a úsáid chun críocha a bhaineann leis an aeráid. Áirítear leis sin úsáid na tacaíochta airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam trí chánacha saofa a laghdú. De bhreis air sin, chun dul i ngleic le héifeachtaí dáileacháin agus sóisialta an aistrithe i mBallstáit ar ioncam íseal, ba cheart méid breise 2,5 % den chainníocht lamháltas ar fud an Aontais ó [bliain theacht i bhfeidhm na treorach] go dtí 2030 a úsáid chun aistriú fuinnimh na mBallstát sin arb ísle a n-olltáirgeacht intíre (OTI) per capita ná 65 % de mheán an Aontais in 2016-2018 a chistiú tríd an gCiste don Nuachóiriú dá dtagraítear in Airteagal 10d de Threoir 2003/87/CE.	(28) Chun an uaillmhian mhéadaithe aeráide a bhaint amach, beidh gá le hacmhainní poiblí agus príobháideacha substaintiúla san Aontas chomh maith le buiséid náisiúnta a thiomnú don aistriú aeráide. Chun caiteachas substaintiúil a bhaineann leis an aeráid a chomhlánú agus a dhaingniú i mbuiséad an Aontais, ba cheart gach ioncam ceantála nach bhfuil sannta do bhuiséad an Aontais i bhfoirm acmhainní dílse, a úsáid chun críocha a bhaineann leis an aeráid, agus ag an am céanna aistriú cothrom agus sláine chomhshaoil na ngníomhaíochtaí a rinneadh a áirithiú. Áirítear leis sin úsáid na tacaíochta airgeadais chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam trí chánacha saofa a laghdú. Chun comhlíonadh agus grinnscrúdú poiblí a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit pleananna ex-ante a ghlacadh maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe acu úsáid a bhaint as ioncaim CTA AE i gcomhréir lena spriocanna aeráide agus fuinnimh faoi seach, agus ba cheart dóibh tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ioncaim cheantála i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***([1a])***. De bhreis air sin, chun dul i ngleic le héifeachtaí dáileacháin agus sóisialta an aistrithe sna críocha is mó atá buailte leis, ba cheart méid breise 2,5 % den chainníocht lamháltas ar fud an Aontais ó [bliain theacht i bhfeidhm na treorach] go dtí 2030 a úsáid chun aistriú fuinnimh na mBallstát sin arb ísle a n-olltáirgeacht intíre (OTI) per capita ná 65 % de mheán an Aontais in 2016-2018 a chistiú tríd an gCiste don Nuachóiriú dá dtagraítear in Airteagal 10d de Threoir 2003/87/CE.

([1a]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 447

Togra le haghaidh treorach

Aithris 28 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28a) ***Ó 2013 i leith, tá sé d'oibleagáid ar tháirgeoirí leictreachais na lamháltais ar fad atá de dhíth orthu chun leictreachas a ghiniúint a cheannach. Mar sin féin, choinneáil roinnt Ballstát an rogha a bheith in ann leanúint de leithdháileadh idirthréimhseach saor in aisce a sholáthar chun an earnáil fuinnimh a nuachóiriú sna tréimhsí ó 2013 go 2020 agus ó 2021 go 2030. Don tréimhse ó 2021 go 2030, ní bheidh an rogha sin ach ag trí Bhallstát. Mar sin féin, ina Tuarascáil Speisialta 18/2020 dar teideal "The EU"s Emissions Trading System: free allocation of allowances needed better targeting' [Córas AE i ndáil le trádáil astaíochtaí: bhí gá le spriocdhíriú níos fearr ar leithdháileadh lamháltas saor in aisce], chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa nár rannchuidigh leithdháileadh idirthréimhseach saor in aisce le déine carbóin a laghdú san earnáil fuinnimh do thíortha is incháilithe do leithdháileadh saor in aisce sin sa tréimhse ó 2013 go 2020. I bhfianaise an ghá atá le dícharbónú tapa, go háirithe san earnáil fuinnimh, agus éifeachtacht theoranta an leithdháilte idirthréimhsigh saor in aisce sin, is cosúil nach bhfuil an rogha maidir le leithdháileadh idirthréimhseach saor in aisce do nuachóiriú na hearnála fuinnimh oiriúnach don fheidhm a thuilleadh. Dá bhrí sin, ba cheart an rogha sin a scor de bheith ar fáil agus ba cheart aon lamháltais a eascraíonn as feidhmiú na rogha sin nach ndéantar a leithdháileadh ar oibreoirí sna Ballstáit lena mbaineann faoin 31 Nollaig 2023 a chur le cainníocht iomlán na lamháltas a fhaigheann an Ballstát lena mbaineann le haghaidh ceantála, nó ba cheart iad a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí laistigh de chreat an Chiste don Nuachóiriú.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 448

Togra le haghaidh treorach

Aithris 28 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28b) Ba cheart sciar dea-shainithe den ioncam ceantála faoin CTA AE athchóirithe agus leathnaithe a úsáid mar acmhainn dhílis chun buiséad an Aontais a mhaoiniú mar ioncam ginearálta, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 ([1a]) maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais agus atá ceangailteach ó thaobh dlí, agus ina bhfuil treochlár chun ciseán d'acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, lena n-áirítear, inter alia, acmhainní dílse bunaithe ar CTA AE agus bunaithe ar an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) agus Colún a hAon de Chomhaontú OECD/G20. Faoin gComhaontú sin, tá sé beartaithe na hacmhainní dílse nua sin a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023. Nascfadh acmhainní dílse nua buiséad an Aontais le tosaíochtaí beartais an Aontais amhail an Comhaontú Glas don Eoraip agus rannchuidiú an Aontais leis an gcánachas cothrom, agus sa tslí sin cuirfear luach leo agus cuirfear leis na cuspóirí um phríomhshruthú aeráide, le haisíoc fhiacha Ionstraim Théarnaimh an AE agus athléimneacht bhuiséad an Aontais mar uirlis le haghaidh infheistíochtaí agus ráthaíochtaí lena n-urramaítear an prionsabal "gan dochar suntasach" agus na luachanna bunúsacha a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

([1a]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 449

Togra le haghaidh treorach

Aithris 28 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28c) I gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]), tá sé de cheangal dlíthiúil ar an Aontas go n-aisíocfaí na dliteanais uile arna dtabhú ag an gcumhachtú eisceachtúil agus sealadach maidir le cistí a fháil ar iasacht faoi Next Generation EU faoin 31 Nollaig 2058 ar a dhéanaí. Dá bhrí sin, chun gur féidir cloí leis an gComhaontú Idirinstitiúideach atá ceangailteach agus leis an treochlár maidir le ciseán d'acmhainní dílse nua a thabhairt isteach a bhfuil beartaithe leo fiachas an Aontais a aisíoc, ba cheart sciar d'ioncam CTA AE a fhabhrú chuig buiséad an Aontais chun cuidiú leis na costais iasachtaíochta a chumhdach mar a chumhdaítear iad i [Cinneadh ón gComhairle …/… lena leasaítear Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh] agus chun cosc a chur ar laghduithe suntasacha a dhéanfadh dochar do chláir an Aontais sna Creataí Airgeadais Ilbhliantúla a bheidh ann amach anseo.
	([1a]) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

Leasú 450

Togra le haghaidh treorach

Aithris 28 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(28d) Ba cheart na méideanna móra ioncaim a ghintear le CTA AE athneartaithe, a choinníonn na Ballstáit, cé is moite den sciar a leithdháiltear ar bhuiséad an Aontais, a úsáid chun críocha an aistrithe aeráide. Mar sin féin, níor cheart go mbeadh dochair d'aontacht, d'éifeachtacht, do shláine agus do rialú daonlathach bhuiséad an Aontais, as raon feidhme níos leithne an chur i bhfeidhm ná as raon níos éagsúla idirghabhálacha.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 451

Togra le haghaidh treorach

Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ba cheart dreasachtaí breise a sholáthar chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ach teicnící costéifeachtacha a úsáid. Chuige sin, ba cheart leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce do shuiteálacha do-aistrithe ó 2026 ar aghaidh a chur de choinníoll ar infheistíochtaí a dhéanamh i dteicnící chun cur leis an éifeachtúlacht fuinnimh agus chun astaíochtaí a laghdú. ***Trína áirithiú go ndírítear é seo ar úsáideoirí fuinnimh níos mó thiocfadh laghdú substaintiúil ar an ualach atá ar ghnólachtaí a úsáideann níos lú fuinnimh, a bhféadfaí gur le fiontair bheaga agus mheánmhéide nó le micrifhiontair iad. [Tá an tagairt le deimhniú leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh athbhreithnithe].*** Ba cheart na gníomhartha tarmligthe ábhartha a choigeartú dá réir sin.	(29) Ba cheart dreasachtaí breise a sholáthar chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ach teicnící costéifeachtacha a úsáid. Chuige sin, ba cheart córas bonus-malus a thabhairt isteach chun sciar an leithdháilte saor in aisce a chinneadh. Maidir le suiteálacha a bhfuil a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa os cionn na luachanna tagarmhairc ábhartha, ba cheart méid an leithdháilte lamháltas astaíochtaí saor in aisce ó 2026 ar aghaidh a bheith éagsúil i gcomhréir le cur chun feidhme plean bunaithe go cuí maidir leis an dícharbónú. Os a choinne sin, maidir le suiteálacha a bhfuil a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi na luachanna tagarmhairc ábhartha, ba cheart go bhfaigheadh siad dreasacht i bhfoirm leithdháileadh saor in aisce sa bhreis.

Leasú 676

Togra le haghaidh treorach

Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Is éard atá i gceist le Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT), arna bhunú faoi Rialachán (AE) […./..] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([51]), sásra malartach in ionad leithdháileadh saor in aisce chun dul i ngleic le riosca sceite carbóin. A mhéid atá earnálacha agus fo-earnálacha cumhdaithe faoin mbeart sin, níor cheart dóibh leithdháileadh saor in aisce a fháil. Is gá deireadh idirthréimhseach a chur le lamháltais saor in aisce céim ar chéim, áfach, chun ligean do tháirgeoirí, allmhaireoirí agus trádálaithe dul i dtaithí ar an gcóras nua. Ba cheart laghdú an leithdháilte saor in aisce a chur chun feidhme trí fhachtóir a chur i bhfeidhm sa leithdháileadh saor in aisce le haghaidh earnálacha SCCT, de réir mar a chéimneofar SCCT isteach. Ba cheart don chéatadán sin (an fachtóir SCCT) a bheith cothrom le 100 % le linn na hidirthréimhse idir teacht i bhfeidhm [Rialachán SCCT] agus 2025, 90 % in 2026 agus ba cheart é a laghdú faoi 10 bpointe céatadáin in aghaidh na bliana chun go mbainfidh sé 0 % amach agus deireadh a chur le leithdháileadh saor in aisce faoin deichiú bliain ar an mbealach sin. Ba cheart na gníomhartha tarmligthe ábhartha maidir le leithdháileadh saor in aisce a choigeartú dá réir sin le haghaidh na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha atá cumhdaithe ag SCCT. Ní mór an leithdháileadh saor in aisce nach soláthraítear d'earnálacha SCCT a thuilleadh bunaithe ar an ríomh seo (éileamh SCCT) a chur ar ceant agus fabhrófar na hioncaim chuig an gCiste don Nuálaíocht, d'fhonn tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin ("CCU"), gabháil agus stóráil gheolaíoch carbóin ("CCS"), fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ar bhealach a rannchuidíonn leis	(30) Is éard atá i gceist le Sásra Coigeartaithe Teorann Carbóin (SCCT), arna bhunú faoi Rialachán (AE) […./..] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([51]) , sásra malartach a thairiscint de réir a chéile in ionad leithdháileadh saor in aisce chun dul i ngleic le riosca sceite carbóin gan an bonn a bhaint d'iomaíochas an Aontais. A mhéid atá earnálacha agus fo-earnálacha cumhdaithe faoin mbeart sin, níor cheart dóibh leithdháileadh saor in aisce a fháil. Is gá deireadh idirthréimhseach a chur le lamháltais saor in aisce céim ar chéim, áfach, chun ligean do tháirgeoirí, allmhaireoirí agus trádálaithe dul i dtaithí ar an gcóras nua. Ba cheart laghdú an leithdháilte saor in aisce a chur chun feidhme trí fhachtóir a chur i bhfeidhm sa leithdháileadh saor in aisce le haghaidh earnálacha SCCT, de réir mar a chéimneofar SCCT isteach. Ba cheart an céatadán sin (fachtóir SCCT) a bheith cothrom le 100 % le linn na hidirthréimhse idir teacht i bhfeidhm [Rialachán SCCT] agus **deireadh 2026, agus, ag brath ar chur i bhfeidhm Airteagal 36(3), pointe (d), de Rialachán (AE)…/… [Rialachán SCCT],** ba cheart é a laghdú **7 bpointe céatadáin in 2027, 9 bpointe céatadáin in 2028, 15 phointe céatadáin in 2029, 19 bpointe céatadáin in 2030, 25 phointe céatadáin in 2031 agus 25 phointe céatadáin in 2032, rud a fhágann gur cuireadh deireadh le saor-leithdháileadh faoi 2032. Chun iomaíochas onnmhairí an Aontais a chosaint, ba cheart leanúint de leithdháileadh saor in aisce a fháil i dtáirgeadh na dtáirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán [SCCT] san Aontas, ar choinníoll go dtáirgtear na táirgí sin lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha gan sásraí praghsála carbóin atá cosúil le CTA AE.** Faoi cheann [bliain

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
an athrú aeráide a mhaolú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionscadail in earnálacha SCCT. Chun cloí leis an sciar den leithdháileadh saor in aisce atá ar fáil le haghaidh earnálacha nach n-áirítear le SCCT, ba cheart an méid deiridh atá le baint ón leithdháileadh saor in aisce agus atá le cur ar ceant a ríomh bunaithe ar an sciar a léirítear le héileamh SCCT i leith riachtanais maidir le leithdháileadh saor in aisce gach earnála a fhaigheann leithdháileadh saor in aisce.	amháin roimh dheireadh na hidirthréimhse mar a leagtar amach i Rialachán [SCCT]], ba cheart don Choimisiún tuarascáil a thíolacadh ina ndéanfar measúnú ar éifeachtaí CTA AE agus SCCT ar tháirgeadh táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán [SCCT] a tháirgtear le haghaidh onnmhairiú chuig tríú tíortha agus maidir le forbairt astaíochtaí domhanda, chomh maith le measúnú ar chomhoiriúnacht an mhaolaithe le haghaidh onnmhairithe san Aontas ar tháirgí iad a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán [SCCT] a tháirgtear le haghaidh gléasraí a d"fhéadfadh a bheith á n-onnmhairiú chuig tríú tíortha agus ar fhorbairt astaíochtaí domhanda, agus measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le honnmhairithe, sásraí coigeartaithe onnmhairiúcháin a d"fhéadfadh a bheith ann do shuiteálacha a bhaineann leis an 10 % de thograí ón gCoimisiún agus bearta oiriúnacha **CO_2** a chur isteach i gcás na tríú tíortha atá éagsúil le chéile. Ba cheart na gníomhartha tarmligthe ábhartha maidir le leithdháileadh saor in aisce a choigeartú dá réir sin le haghaidh na n-earnálacha agus na bhfo-earnálacha atá cumhdaithe ag SCCT. Ní mór an leithdháileadh saor in aisce nach soláthraítear d'earnálacha SCCT a thuilleadh bunaithe ar an ríomh seo (éileamh SCCT) a chur ar ceant agus fabhrófar na hioncaim chuig an gCiste Infheistíochta Aeráide, d'fhonn tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin ("CCU"), gabháil agus stóráil gheolaíoch carbóin ("CCS"), fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ar bhealach a rannchuidíonn leis an athrú aeráide a mhaolú. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar thionscadail in earnálacha SCCT. Chun cloí leis an sciar den leithdháileadh saor in aisce atá ar fáil le haghaidh earnálacha nach n-áirítear le SCCT, ba cheart an méid deiridh atá le baint ón leithdháileadh saor in aisce agus atá le cur ar ceant a ríomh bunaithe ar an sciar a léirítear le héileamh SCCT i leith riachtanais maidir le leithdháileadh saor in aisce gach earnála a fhaigheann leithdháileadh saor in aisce.
([51]) *[cuir isteach tagairt IO iomlán, le do thoil]*	([51]) *[cuir isteach tagairt IO iomlán, le do thoil]*

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 454

Togra le haghaidh treorach

Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30a) Is sásra é an Sásra um Choigeartú Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) a thugann aghaidh ar an riosca sceitheadh carbóin trí phraghas aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm ar astaíochtaí atá leabaithe in earraí a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Maidir le hearraí a tháirgtear san Aontas agus atá beartaithe le honnmhairiú go tríú tíortha, ba cheart go ndéanfaí faireachán ar an riosca, go ndéanfaí é a chosc agus aghaidh a thabhairt air i gcás earraí atá níos déine ó thaobh carbóin de a bheith curtha ar an margadh domhanda ina n-ionad. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún faireachán agus measúnú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtacht SCCT i bhfianaise an riosca sceite carbóin ar mhargaí onnmhairithe, lena n-áirítear forbairt onnmhairí an Aontais in earnálacha SCCT agus na forbairtí maidir le sreafaí trádála agus astaíochtaí leabaithe na n-earraí sin ar an margadh domhanda. I gcás ina mbraitear riosca sceite carbóin, ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sceitheadh carbóin sin ar mhargaí onnmhairithe ar bhealach a chomhlíonann rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas "cumann carbóin" idirnáisiúnta a bhunú go gníomhach agus ba cheart dó dul i mbun comhair idirnáisiúnta go leanúnach maidir le sásraí praghsála carbóin a thabhairt isteach. Ó thaobh an domhain mhóir de, tá sé ríthábhachtach go n-éireoidh le margadh carbóin na hEorpa agus spreagfar níos mó tíortha le praghsáil charbóin atá bunaithe ar an margadh a thabhairt isteach. Ba cheart don Choimisiún tuilleadh anailíse a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí naisc a bhunú le margaí carbóin eile agus a áirithiú ag an am céanna go mbainfear amach sprioc aeráide an Aontais féin ar fud an gheilleagair.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 455

Togra le haghaidh treorachtreorach

Aithris 31

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(31) Chun léiriú níos fearr a thabhairt ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus chun na luachanna tagarmhairc comhfhreagracha a choigeartú ar an tréimhse ábhartha leithdháilte fad agus atá dreasachtaí laghdaithe astaíochtaí á n-áirithiú agus cúiteamh ceart á thabhairt don nuálaíocht, ba cheart uaschoigeartú na luachanna tagarmhairc a mhéadú ó 1,6 % go dtí 2,5 % in aghaidh na bliana. Don tréimhse ó 2026 go 2030, ba cheart na luachanna tagarmhairc a choigeartú laistigh de réimse 4 % go dtí 50 % dá réir sin i gcomparáid leis an luach is infheidhme sa tréimhse ó 2013 go 2020.	(31) Chun léiriú níos fearr a thabhairt ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus chun na luachanna tagarmhairc comhfhreagracha a choigeartú ar an tréimhse ábhartha leithdháilte fad agus atá dreasachtaí laghdaithe astaíochtaí á n-áirithiú agus cúiteamh ceart á thabhairt don nuálaíocht, ba cheart uaschoigeartú na luachanna tagarmhairc a mhéadú ó 1,6 % go dtí 2,5 % in aghaidh na bliana. Don tréimhse ó 2026 go 2030, ba cheart na luachanna tagarmhairc a choigeartú laistigh de réimse 8 % go dtí 50 % dá réir sin i gcomparáid leis an luach is infheidhme sa tréimhse ó 2013 go 2020. ***Ba cheart na luachanna coigeartaithe tagarmhairc a fhoilsiú a luaithe a bheidh an fhaisnéis is gá ar fáil, agus tráth nach déanaí ná… [sé mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na treorach leasaithí seo] ionas go mbeidh na luachanna coigeartaithe tagarmhairc sin infheidhme ó 2026.***

Leasú 456

Togra le haghaidh treorach

Aithris 31 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(31a) Na costais shuntasacha indíreacha a thabhaítear as costais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thugtar ar aghaidh i bpraghsanna leictreachais, bíonn siad ina gcúis le riosca sceitheadh carbóin in earnálacha áirithe. Chun an riosca sin a mhaolú, ba cheart do na Ballstáit bearta airgeadais a ghlacadh maidir le cúiteamh ar chostais indíreacha. Ba cheart do na bearta sin a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an Státchabhair, agus níor cheart go mbeidís ina gcúis le saobhadh míchuí ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

***Leasú* 457**

Togra le haghaidh treorach

Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Tá cur chuige cuimsitheach i leith na nuálaíochta riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tacaítear leis na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta is gá, i measc nithe eile, trí Fhís Eorpach, ina n-áirítear cistiú suntasach agus ionstraimí nua do na hearnálacha a thagann faoi ETS. Ba cheart go n-áiritheodh Ballstáit nach gcuireann na forálacha náisiúnta trasuímh bac ar nuálaíochtaí agus go bhfuil siad neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de.	(32) Tá cur chuige cuimsitheach i leith na nuálaíochta riachtanach chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, tacaítear leis na hiarrachtaí taighde agus nuálaíochta is gá, i measc nithe eile, trí Fhís Eorpach, ina n-áirítear cistiú suntasach agus ionstraimí nua do na hearnálacha a thagann faoi ETS. Dá bhrí sin, ba cheart don Chiste Infheistíochta don Aeráid sineirgí a lorg le Fís Eorpach agus, i gcás inarb ábhartha, le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais. Ba cheart go n-áiritheodh Ballstáit nach gcuireann na forálacha náisiúnta trasuímh bac ar nuálaíochta, go n-éascaíonn siad torthaí eolaíochta a chur i gcrích, agus go bhfuil siad neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, agus san am céanna ba cheart don Choimisiún infhaighteacht agus éifeachtúlacht an chúnaimh theicniúil agus chomhairligh is gá a áirithiú.

***Leasú* 458**

Togra le haghaidh treorach

Aithris 32 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(32a) Chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119, ní mór don Aontas bearna shuntasach infheistíochta a dhúnadh dá bhforáiltear sa teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Iúil 2021 dar teideal "Straitéis maidir leis an Aistriú chuig Geilleagar Inbhuanaithe a Mhaoiniú". D'fhonn ár gcuspóir maidir le dícharbónú a bhaint amach, tá gá le nuálaíocht cheannródaíoch, teicneolaíochtaí ábhartha atá ann cheana a uas-scálú agus le haistriú deimhnithe carbóin nádúrtha. Chun tacú le dícharbónú ar fud an gheilleagair san Aontas, ba cheart aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na trí cholún sin sa Chiste Nuálaíochta, ar cheart é a athainmniú mar an Ciste Infheistíochta Aeráide.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 459

Togra le haghaidh treorach

Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Ba cheart síneadh a chur le raon feidhme an Chiste don Nuálaíocht dá dtagraítear in Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE chun tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus próisis ísealcharbóin a bhaineann le breoslaí a úsáidtear in earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthair. Thairis sin, ba cheart don Chiste don Nuálaíocht tacú le hinfheistíochtaí chun earnáil an mhuiriompair a dhícharbónú, lena n-áirítear infheistíochtaí a dhéanamh i mbreoslaí malartacha inbhuanaithe, amhail hidrigin agus amóinia a tháirgtear ó athnuaiteáin, chomh maith le teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha ar nós teicneolaíochtaí gaoithe. Toisc go leithdháiltear ioncaim a ghintear ó phionóis a ardaítear i Rialachán xxxx/xxxx [FuelEU Maritime] ***(19)*** ar an gCiste don Nuálaíocht mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go dtugtar aird chuí do thacaíocht le haghaidh tionscnamh nuálach atá ceaptha chun luas a chur faoi fhorbairt agus faoi chur chun feidhme breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin san earnáil mhuirí, mar a shonraítear in Airteagal 21(1) de Rialachán xxxx/xxxx [FuelEU Maritime]. Chun a áirithiú go bhfuil cistiú leordhóthanach ar fáil le haghaidh nuálaíochta laistigh den raon feidhme sínithe seo, ba cheart an Ciste don Nuálaíocht a fhorlíonadh le 50 milliún lamháltas, a eascraíonn go páirteach ó na lamháltais a d'fhéadfaí a chur ar ceant ar shlí eile, agus go páirteach ó na lamháltais a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce, i gcomhréir le sciar reatha an chistithe a sholáthraítear ó gach foinse don Chiste don Nuálaíocht.	(33) Ba cheart síneadh a chur le raon feidhme an Chiste Infheistíochta Aeráide dá dtagraítear in Airteagal 10a(8) de Threoir 2003/87/CE chun tacú le suiteáil teicneolaíochtaí neamhcheannródaíocha i bpróisis thionsclaíocha a bhfuil acmhainneacht mhór choigiltis GCT acu ach nach bhfuil réidh don mhargadh mar aon leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus próisis ísealcharbóin a bhaineann le breoslaí a úsáidtear in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar, lena n-áirítear cineálacha coiteanna iompair. Ba cheart go bhféadfaí an Ciste Infheistíochta Aeráide úsáid freisin chun tacú le teicneolaíochtaí nuálacha ceannródaíocha in earnáil na dramhaíola. Chun a áirithiú go bhfuil cistiú leordhóthanach ar fáil le haghaidh nuálaíochta laistigh den raon feidhme sínithe seo, ba cheart an Ciste Infheistíochta Aeráide a fhorlíonadh le 50 milliún lamháltas, a eascraíonn go páirteach ó na lamháltais a d'fhéadfaí a chur ar ceant ar shlí eile, agus go páirteach ó na lamháltais a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce, i gcomhréir le sciar reatha an chistithe a sholáthraítear ó gach foinse don Chiste Infheistíochta Aeráide. Chun an nuálaíocht a chothú i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha a luaithe is féidir, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar sciar den mhaoiniú a chuirtear ar fáil tríd an gCiste Infheistíochta Aeráide a "thús-ualú" le linn na chéad bhlianta de chur chun feidhme na treorach seo.

(19) [cuir tagairt don Rialachán FuelEU Maritime isteach anseo].

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 460

Togra le haghaidh treorach

Aithris 33 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33a) Tá ról tábhachtach ag dlús a chur le feidhmiú céimneach foinsí fuinnimh in-athnuaite intíre inbhuanaithe i bplean an Aontais a bheith neamhspleách ar bhreoslaí iontaise na Rúise i bhfad roimh 2030. Ina theannta sin, is gá cainníochtaí móra fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe a bheith ar fáil chun a áirithiú go laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa i bpróisis thionsclaíocha agus sa gheilleagar iomlán. Tá gá le méadú suntasach a dhéanamh ar sprioc an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite do 2030 agus ar na rannchuidithe náisiúnta coibhneasta. Dá bhrí sin, ba cheart 12 % ar a laghad de na lamháltais a chuirtear ar fáil don Chiste Infheistíochta don Aeráid a úsáid chun foinsí fuinnimh in-athnuaite inbhuanaithe a fhorbairt agus a imlonnú a thuilleadh san Aontas, i gcomhréir leis an gcéad phrionsabal maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Ba cheart tosaíocht a thabhairt d'fhéintáirgeadh, stóráil agus roinnt áitiúil a fhorbairt, go háirithe trí na comhphobail fuinnimh inathnuaite.

Leasú 461

Togra le haghaidh treorach

Aithris 33 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(33b) Trí thacaíocht a thabhairt do thionscadail trí mhaoiniú poiblí, chuirfeadh an Ciste Infheistíochta Aeráide buntáistí móra ar fáil do chuideachtaí chun a dtáirgí nó a seirbhísí a fhorbairt. Dá bhrí sin, ba cheart do thionscadail arna gcistiú ag an gCiste Infheistíochta Aeráide eolas a roinnt le tionscadail ábhartha eile agus le taighdeoirí atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil leas dlisteanach acu.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 462

Togra le haghaidh treorach

Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Is gné thábhachtach iad Conarthaí Difríochta Carbóin (CCD) chun laghduithe astaíochtaí i dtionscal a spreagadh, agus iad ag cur deis ar fáil praghas a ghealladh d'infheisteoirí teicneolaíochtaí nuálacha atá neamhdhíobhálach don aeráid a chúitíonn laghduithe astaíochtaí CO_2 atá níos airde ná na cinn sin a spreagtar leis na leibhéil phraghsanna faoi láthair in CTA AE. Ba cheart síneadh a chur leis an réimse beart a bhféadfaidh an Ciste don Nuálaíocht tacaíocht a thabhairt dó d'fhonn tacaíocht a chur ar fáil do thionscadail trí thairiscintí atá iomaíoch ó thaobh praghais de, amhail Conarthaí Difríochta Carbóin. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar na rialacha beachta don chineál seo tacaíochta.	(35) Is gné thábhachtach iad Conarthaí Difríochta Carbóin (CCD) chun laghduithe astaíochtaí i dtionscal a spreagadh trí nuatheicneolaíochtaí a uas-scálú, ag cur deis ar fáil praghas a ghealladh d'infheisteoirí teicneolaíochtaí nuálacha atá neamhdhíobhálach don aeráid a chúitíonn laghduithe astaíochtaí CO_2 atá níos airde ná na cinn sin a spreagtar leis na leibhéil praghsanna faoi láthair in CTA AE. Ba cheart go ndéanfaí an raon beart ar féidir leis an gCiste Infheistíochta Aeráide tacú leo a leathnú chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail trí thairiscintí atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus ó thaobh praghsanna de, amhail CCDanna, agus ba cheart go n-urramófaí leo prionsabal na cothromaíochta geografaí. ***Sásra tábhachtach a bheadh i CCDanna chun tacú le teicneolaíochtaí dícharbónaithe a fhorbairt, amhail CCS agus CCU, agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. Thabharfadh CCDanna cinnteacht freisin d'infheisteoirí i dteicneolaíochtaí, amhail teicneolaíochtaí gabhála carbóin.*** Ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair a dhéanamh, ag díriú go háirithe ar na roghanna maidir le tacaíocht a sholáthar trí thairiscintí iomaíocha, lena n-áirítear ar na leibhéil chistiúcháin a chuirtear ar fáil. Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe sin, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh ar na rialacha beachta don chineál seo tacaíochta.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 463

Togra le haghaidh treorach

Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Ba cheart raon feidhme an Chiste don Nuachóiriú a ailíniú le cuspóirí aeráide is déanaí an Aontais trína éileamh go bhfuil infheistíochtaí comhsheasmhach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le Rialachán (AE) 2021/1119, agus trí dheireadh a chur leis an tacaíocht d'aon infheistíocht a bhaineann le breoslaí iontaise. Thairis sin, ba cheart an céatadán den Chiste don Nuachóiriú nach mór a dhíriú ar infheistíochtaí tosaíochta a mhéadú go dtí 80 %; ba cheart díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh mar réimse tosaíochta ar thaobh an éilimh; agus ba cheart tacaíocht le haghaidh teaghlach chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear i gceantair tuaithe agus iargúlta, a chur san áireamh laistigh de raon feidhme na n-infheistíochtaí tosaíochta.	(38) Ba cheart raon feidhme an Chiste don Nuachóiriú a ailíniú le cuspóirí aeráide is déanaí an Aontais trína éileamh go bhfuil infheistíochtaí comhsheasmhach le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le Rialachán (AE) 2021/1119, agus trí dheireadh a chur leis an tacaíocht d'aon infheistíocht a bhaineann le breoslaí iontaise. ***Níor cheart tacaíocht ón gCiste don Nuachóiriú a dheonú ach amháin do Bhallstáit a bhfuil spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí glactha acu chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, chomh maith le bearta chun na breoslaí iontaise go léir a chéimniú amach laistigh de thréimhse a bheidh ag teacht leis na spriocanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119. Chun úsáid éifeachtúil chistí an Aontais a ráthú, ba cheart rochtain ar an gCiste don Nuachóiriú a bheith coinníollach ar urramú an smachta reachta.*** Thairis sin, ba cheart an céatadán den Chiste don Nuachóiriú nach mór a dhíriú ar infheistíochtaí tosaíochta a mhéadú go dtí ***100 %***; ba cheart díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh mar réimse tosaíochta ar thaobh an éilimh; agus ba cheart tacaíocht le haghaidh teaghlach chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh, lena n-áirítear i gceantair tuaithe agus iargúlta, a chur san áireamh laistigh de raon feidhme na n-infheistíochtaí tosaíochta.

Leasú 464

Togra le haghaidh treorach

Aithris 38 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(38a) Leis an méadú ar phraghsanna CTA AE, tá méadú suntasach tagtha ar ioncaim ó CTA AE do na Ballstáit agus don Aontas. Ba cheart lipéad CTA AE a thabhairt isteach d'fhonn rannchuidiú ioncam CTA AE le haistriú thionscal an Aontais a aithint agus d'fhonn tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha san Aontas ionas go mbeidh siad in ann aistriú chuig roghanna eile nach bhfuil díobhálach don chomhshaol. Ba cheart go n-áiritheodh na Ballstáit agus an Coimisiún go léireofar go soiléir go dtagann an cistiú ó ioncaim CTA AE trí lipéad iomchuí a thaispeáint do na tionscadail agus na gníomhaíochtaí go léir a dtacaítear leo ar an leibhéal náisiúnta nó trí chistí an Aontais.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 465

Togra le haghaidh treorach

Aithris 39

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(39) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ([21]) ón gCoimisiún leagtar íos rialacha maidir le faireachán ar astaíochtaí ó bhithmhais atá comhsheasmhach leis na rialacha maidir le húsáid bithmhaise a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite. De réir mar a éireoidh an reachtaíocht níos casta maidir leis na critéir inbhuanaitheachta i gcomhair bithmhaise leis na rialacha is deireanaí arna mbunú le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]) , ba cheart bronnadh na gcumhachtaí cur chun feidhme in Airteagal 14(1) de Threoir 2003/87/CE a leathnú go dtí glacadh na gcoigeartuithe is gá chun critéir inbhuanaitheachta le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a chur i bhfeidhm in CTA AE. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha **cur chun feidhme** a ghlacadh chun a shonrú conas an stóráil ar astaíochtaí ó mheascáin de bhithmhais atá nialas-rátaithe agus de bhithmhais nach dtagann ó fhoinsí nialas-rátaithe a chur san áireamh.	(39) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ([21]) ón gCoimisiún leagtar íos rialacha maidir le faireachán ar astaíochtaí ó bhithmhais atá comhsheasmhach leis na rialacha maidir le húsáid bithmhaise a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais maidir le fuinneamh in-athnuaite. De réir mar a éireoidh an reachtaíocht níos casta maidir leis na critéir inbhuanaitheachta i gcomhair bithmhaise leis na rialacha is deireanaí arna mbunú le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([22]) , ba cheart bronnadh na gcumhachtaí cur chun feidhme in Airteagal 14(1) de Threoir 2003/87/CE a leathnú go dtí glacadh na gcoigeartuithe is gá chun critéir inbhuanaitheachta le haghaidh bithmhaise, lena n-áirítear bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise a chur i bhfeidhm in CTA AE. Ina theannta sin, ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha **tarmligthe** a ghlacadh chun a shonrú conas an stóráil ar astaíochtaí ó mheascáin de bhithmhais atá nialas-rátaithe agus de bhithmhais nach dtagann ó fhoinsí nialas-rátaithe a chur san áireamh.

([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1).

([22]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 466

Togra le haghaidh treorach

Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Féadann breoslaí in-athnuaite leachta agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a bheith tábhachtach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnálacha atá deacair a dhícharbónú. I gcás ina dtáirgtear breoslaí carbóin athchúrsáilte agus breoslaí in-athnuaite leachta agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch ó dhé-ocsaíd charbóin ghafa faoi ghníomhaíocht a chumhdaítear leis an Treoir seo, ba cheart na hastaíochtaí a chur san áireamh faoin ngníomhaíocht sin. D'fhonn a áirithiú go rannchuidíonn breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun comhaireamh dúbailte na mbreoslaí a rannchuidíonn le laghduithe a sheachaint, is iomchuí an cumhachtú in Airteagal 14(1) a leathnú go sainráite chuig glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme ag an gCoimisiún lena leagtar síos na coigeartuithe is gá ar conas scaoileadh dé-ocsaíde carbóin faoi dheireadh a chur san áireamh agus ar conas comhaireamh dúbailte a sheachaint d'fhonn a áirithiú go bhfuil dreasachtaí iomchuí i bhfeidhm, agus láimhseáil na mbreoslaí sin á gcur san áireamh freisin faoi Threoir (AE) 2018/2001.	(40) Féadann breoslaí in-athnuaite leachta agus gásacha de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a bheith tábhachtach chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnálacha atá deacair a dhícharbónú. D'fhonn a áirithiú go rannchuidíonn breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus chun comhaireamh dúbailte na mbreoslaí a rannchuidíonn le laghduithe a sheachaint, is iomchuí an cumhachtú in Airteagal 14(1) a leathnú go sainráite chuig glacadh na ngníomhartha tarmligthe ag an gCoimisiún lena leagtar síos na coigeartuithe is gá ar conas scaoileadh dé-ocsaíde carbóin faoi dheireadh a chur san áireamh, ar bhealach lena n-áirithítear go gcuirfear na hastaíochtaí go léir san áireamh, lena n-áirítear i gcás ina dtáirgtear breoslaí den sórt sin ó dhé-ocsaíd charbóin lasmuigh den Aontas agus go n-úsáidfear iad i ngníomhaíocht a chumhdaítear leis an Treoir seo, agus ar conas comhaireamh dúbailte a sheachaint d'fhonn a áirithiú go bhfuil dreasachtaí iomchuí i bhfeidhm chun astaíochtaí a ghabháil, agus láimhseáil na mbreoslaí sin á gcur san áireamh freisin faoi Threoir (AE) 2018/2001.

Leasú 467

Togra le haghaidh treorach

Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) Mar thoradh ar eisiamh suiteálacha ina mbaintear úsáid eisiach as bithmhais ó CTA AE, tá cásanna ann ina bhfuil brabúis amhantair faighte ag suiteálacha a dhéanann sciar mór de bhithmhais a dhó trí lamháltais saor in aisce a fháil a sháraíonn go mór astaíochtaí iarbhír. Dá bhrí sin, ba cheart luach tairsí le haghaidh dóchán bithmhaise nialas-rátaithe a thabhairt isteach agus suiteálacha atá os cionn an luacha sin a eisiamh ó CTA AE. Tá an luach tairsí de 95 % ag teacht leis an bparaiméadar éiginnteachta atá leagtha amach in Airteagal 2(16) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún ([23]).	***scriosta***

([23]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha idirthréimhseacha uile-Aontais le haghaidh leithdháileadh saor in aisce comhchuibhithe liúntais astaíochtaí de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 468

Togra le haghaidh treorach

Aithris 42 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42a) Is mórábhar imní do shaoránaigh, go háirithe do theaghlaigh ar ioncam íseal, agus do ghnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide ("FBManna") na praghsanna fuinnimh atá ag dul i méid. Is é an phríomhchúis leis an ardú ar phraghsanna fuinnimh ná ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar na spleáchais sin a laghdú leis an bpacáiste "Oiriúnach do 55" ("Fit for 55") agus iarracht a dhéanamh na spleáchais sin a laghdú, lena n-áirítear trí dhearadh CTA AE a fheabhsú. Tá ról freisin le himirt i sláine agus trédhearcacht an mhargaidh a neartú, chun luaineacht phraghsanna margaidh CTA AE a theorannú.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 469

Togra le haghaidh treorach

Aithris 42 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42b) D'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) a thuarascáil deiridh maidir le lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh ghaolmhara ar an 28 Márta 2022. Ba cheart don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí agus a luaithe is féidir, togra reachtach a thíolacadh chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí atá sa tuarascáil sin chun feabhas a chur ar an leibhéal trédhearcachta, faireacháin agus tuairiscithe ar na margaí Eorpacha lamháltas astaíochtaí agus ar mhargaí díorthach gaolmhara. Chun faireachán leanúnach a dhéanamh ar shláine agus trédhearcacht an mhargaidh, chun mífhaisnéis a sheachaint agus chun aon ghníomhaíocht mhear a d'fhéadfadh a bheith ann a threorú, áfach, ba cheart do ESMA tuarascáil a fhoilsiú go rialta maidir le sláine agus trédhearcacht na margaí sin agus, i gcás inarb ábhartha, moltaí breise a eisiúint maidir le feabhsuithe spriocdhírithe. Ba cheart don ESMA scrúdú a dhéanamh go háirithe ar fheidhmiú na margaí i bhfianaise aon luaineacht agus aon éabhlóid praghsanna, ar fheidhmiú na gceantanna agus na n-oibríochtaí trádála ar na margaí, ar leachtacht agus ar na méideanna a thrádáiltear, agus ar chatagóirí agus iompraíocht trádála rannpháirtithe sa mhargadh. D'fhéadfadh, mar shampla, go n-áireofaí le feabhsuithe spriocdhírithe bearta chun an fhaisnéis atá ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh agus don phobal i gcoitinne a fheabhsú maidir le feidhmiú na margaí lamháltas astaíochtaí agus na margaí díorthach gaolmhara, feabhas a chur ar thuairisciú rialála agus faireachán margaidh i margaí lamháltas astaíochtaí agus margaí díorthach gaolmhara, lena n-áirítear trí idirbhearta aonair a chur ar fáil don phobal, a cheangal ar gach rannpháirtí sa mhargadh a shealúchais agus a shuímh a nochtadh go poiblí arna miondealú de réir inspreagadh agus tréimhse ama, cosc agus brath drochúsáide margaidh a chur chun cinn agus cuidiú le margaí ordúla a chothabháil le haghaidh lamháltas astaíochtaí agus margaí díorthach gaolmhara, mar shampla trí phionós luaineach bunaithe ar mheánphraghas ceant na bliana roimhe sin, liúntais a choinneáil siar, cainníocht na gceantanna ina dhiaidh sin a choigeartú, nó teaglaim díobh sin. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar mholtaí ÚEUM laistigh de shé mhí tar éis fhoilsiú na tuarascála ó ÚEUM agus, i gcás inarb iomchuí, ba cheart dó togra reachtach a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí sin.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 470

Togra le haghaidh treorach

Aithris 42 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42c) Maidir le luaineacht mhargaidh gan choinne nó rúscadh iomarcad ar phraghsanna ar mhargadh carbóin an Aontais, mar shampla, mar thoradh ar athruithe tobanna in iompraíocht an mhargaidh nó ar amhantraíocht iomarcach, bíonn tionchar diúltach acu ar intuarthacht an mhargaidh agus ar thimpeallacht na hinfheistíochta cobhsaí, rud atá riachtanach chun dícharbónú agus infheistíochtaí nuálaíochta a phleanáil. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta a bhfuil feidhm acu i gcás luaineachtaí iomarcacha ar phraghsanna a neartú ar bhealach cúramach chun feabhas a chur ar an measúnú ar athruithe praghsanna gan údar agus ar an bhfhreagairt a thugtar orthu. Le feabhsuithe spriocdhírithe den sórt sin, ba cheart feidhmiú cuí an mhargaidh carbóin a áirithiú, lena n-áirítear ról na n-idirghabhálaithe agus na ngníomhaithe airgeadais maidir le leachtacht a chur ar fáil don mhargadh agus rochtain ar an margadh a chur ar fáil do ghníomhaithe comhlíonta, go háirithe FBManna, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar luaineacht neamhbhearaithe nó thobann nó suaitheadh praghsanna nach mbaineann le bunchoincheapa an mhargaidh.

Leasú 471

Togra le haghaidh treorach

Aithris 43 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43a) Chun a áirithiú gur ann do mhachaire comhréidh agus chun aon bhearnaí atá fágtha idir CAT AE atá ann cheana agus an córas nua trádála astaíochtaí a dhúnadh, ba cheart go gcumhdófaí freisin leis an gcóras nua trádála astaíochtaí breoslaí eile a scaoiltear lena dtomhailt, amhail na breoslaí sin a úsáidtear le haghaidh téamh tionsclaíoch i ngníomhaíochta nach bhfuil cumhdaithe faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE agus aon chomhaireamh dúbailte a sheachaint nó aghaidh a thabhairt air ag an am céanna. Ina theannta sin, dhéanfadh cur chuige den sórt sin cur chun feidhme, faireachán, tuairisciú agus fíorú an chórais nua trádála astaíochtaí d'eintitis rialáilte a shimpliú.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 472

Togra le haghaidh treorach

Aithris 44

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(44) D'fhonn an creat cur chun feidhme is gá a bhunú agus chun tráthchlár réasúnta a thabhairt chun sprioc 2030 a bhaint amach, ba cheart go dtosódh trádáil astaíochtaí sa dá earnáil nua in 2025. Le linn na céad bliana, ba cheart a cheangal ar na heintitis rialáilte ceadúnas astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith acu agus a n-astaíochtaí a thuairisciú le haghaidh na mblianta ***2024 agus 2025.*** Ba cheart go mbeadh eisiúint lamháltas agus oibleagáidí comhlíontachta le haghaidh na n-eintiteas sin infheidhme amhail ó 2026. Fágfaidh an seicheamhú sin go mbeifear in ann tús a chur le trádáil astaíochtaí sna hearnálacha ar bhealach ordúil agus éifeachtúil. D'fhágfadh sé freisin sé go mbeadh bearta maoinithe an Aontais agus Ballstát i bhfeidhm d'fhonn a áirithiú go dtugtar isteach trádáil astaíochtaí an Aontais sa dá earnáil go cóir agus go cothrom ó thaobh na sochaí de chun tionchar an phraghais charbóin ar theaghlaigh agus úsáideoirí iompair leochaileacha a mhaolú.	(44) D'fhonn an creat cur chun feidhme is gá a bhunú agus chun tráthchlár réasúnta a thabhairt chun sprioc 2030 a bhaint amach, ba cheart go dtosódh trádáil astaíochtaí sna hearnálacha nua in 2025. Le linn na céad bliana, ba cheart a cheangal ar na heintitis rialáilte ceadúnas astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith acu agus a n-astaíochtaí a thuairisciú le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024. Maidir le heisiúint lamháltas agus oibleagáidí comhlíonta do na heintitis sin, ba cheart go mbeadh siad infheidhme ***ó 2025 i ndáil le breoslaí a scaoiltear lena dtomhailt i bhfeidhmeanna tráchtála agus i mbreoslaí eile, amhail maidir le téamh tionsclaíoch nach gcumhdaítear le CTA AE atá ann cheana. Faoi réir measúnaithe faoin 1 Eanáir 2026 agus i gcás inarb iomchuí na coinníollacha, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag an gCoimisiún é sin a leathnú go breoslaí a scaoiltear lena dtomhailt in iompar príobháideach de bhóthar agus le foirgnimh chónaithe a théamh agus a fhuarú go príobháideach ón 1 Eanáir 2029 ar aghaidh agus, i gcás inarb iomchuí, athbhreithniú spriocdhírithe a thíolacadh chuige sin.*** Fágfaidh an seicheamhú sin go mbeifear in ann tús a chur le trádáil astaíochtaí sna hearnálacha ar bhealach ordúil agus éifeachtúil. D'fhágfadh sé freisin sé go mbeadh bearta maoinithe an Aontais agus Ballstát i bhfeidhm d'fhonn a áirithiú go dtugtar isteach trádáil astaíochtaí an Aontais sa dá earnáil go cóir agus go cothrom ó thaobh na sochaí de chun tionchar an phraghais charbóin ar theaghlaigh agus úsáideoirí iompair leochaileacha a mhaolú.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 473

Togra le haghaidh treorach

Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Ba cheart na heintitis rialáilte sa dá earnáil nua agus an pointe rialaithe a shainiú ar aon dul leis an gcóras dleachta máil arna bhunú le Treoir (AE) 2020/262 ([25]) ón gComhairle, leis na hoiriúnaithe is gá, ionas go socraítear leis an Treoir sin cheana córas láidir rialaithe i gcomhair na gcainníochtaí breosla uile a scaoiltear lena dtomhailt chun críocha dleachta máil a íoc. Níor cheart d'úsáideoirí deiridh breoslaí sna hearnálacha sin a bheith faoi réir oibleagáidí faoi Threoir 2003/87/CE.	(46) *Ba cheart na heintitis rialáilte sna hearnálacha nua agus an pointe rialaithe a shainiú ar aon dul leis an gcóras dleachta máil arna bhunú le Treoir (AE) 2020/262* ([25]) *ón gComhairle, leis na hoiriúnaithe is gá, ionas go socraítear leis an Treoir sin cheana córas láidir rialaithe i gcomhair na gcainníochtaí breosla uile a scaoiltear lena dtomhailt chun críocha dleachta máil a íoc*. Níor cheart d'úsáideoirí deiridh breoslaí sna hearnálacha sin a bheith faoi réir oibleagáidí faoi Threoir 2003/87/CE.
([25]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4.)	([25]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4.)

Leasú 474

Togra le haghaidh treorach

Aithris 47

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(47) Ba cheart do na heintitis rialáilte a thagann faoi raon feidhme na trádála astaíochtaí in ***earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar*** a bheith faoi réir ceanglas maidir le cead astaíochtaí gás ceaptha teasa atá cosúil leis na ceanglais i gcomhair oibreoirí suiteálacha do-aistrithe. Is gá rialacha a bhunú i ndáil le hiarratais ar cheadanna, coinníollacha i gcomhair eisiúint, inneachar, agus athbhreithniú ceadanna, agus aon athrú a bhaineann leis an eintiteas rialáilte. Ionas go dtosóidh an córas nua go hordúil, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil cead bailí ag eintitis rialáilte a thagann laistigh de raon feidhme na trádála astaíochtaí nua amhail tús an chórais in 2025.	(47) Ba cheart do na heintitis rialáilte a thagann faoi raon feidhme na trádála astaíochtaí in earnálacha nua a bheith faoi réir ceanglas maidir le cead astaíochtaí gás ceaptha teasa atá cosúil leis na ceanglais i gcomhair oibreoirí suiteálacha do-aistrithe. Is gá rialacha a bhunú i ndáil le hiarratais ar cheadanna, coinníollacha i gcomhair eisiúint, inneachar, agus athbhreithniú ceadanna, agus aon athrú a bhaineann leis an eintiteas rialáilte. Ionas go dtosóidh an córas nua go hordúil, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil cead bailí ag eintitis rialáilte a thagann laistigh de raon feidhme na trádála astaíochtaí nua amhail tús an chórais in ***2024.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 475

Togra le haghaidh treorach

Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Ba cheart do chainníocht iomlán na lamháltas don trádáil nua astaíochtaí conair líneach a leanúint chun an sprioc maidir le laghdú astaíochtaí 2030 a bhaint amach, ag cur rannchuidiú costéifeachtach foirgneamh agus an iompair de bhóthar san áireamh mar atá laghdú 43 % ar astaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Ba cheart cainníocht iomlán na lamháltas a shocrú den chéad uair in ***2026***, chun conair a leanúint a thosóidh in 2024 ó luach theorainneacha astaíochtaí 2024 (1 109 304 000 CO_2t), arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]) ar bhonn na n-astaíochtaí tagartha le haghaidh na n-earnálacha sin le haghaidh na tréimhse ó 2016 go 2018. Dá réir sin, ba cheart an fachtóir laghdaithe línigh a shocrú ag 5,15 %. Amhail 2028, ba cheart cainníocht iomlán na lamháltas a shocrú ar bhonn na meánastaíochtaí tuairiscithe le haghaidh na mblianta 2024, 2025 agus 2026, agus ba cheart í a laghdú ag an laghdú bliantúil absalóideach céanna mar atá socraithe ó 2024, a chomhfhreagraíonn d'fhachtóir laghdaithe línigh de 5,43 % i gcomparáid le luach inchomparáide 2025 don chonair atá sainithe thuas. Má tá na hastaíochtaí sin i bhfad níos airde ná an luach conaire sin agus mura n-eascraíonn an éagsúlacht sin ó dhifríochtaí mionscála idir modheolaíochtaí chun astaíochtaí a thomhas, ba cheart an fachtóir laghdaithe línigh a choigeartú chun an laghdú riachtanach ar astaíochtaí a bhaint amach in 2030.	(48) Ba cheart do chainníocht iomlán na lamháltas don trádáil nua astaíochtaí conair líneach a leanúint chun an sprioc maidir le laghdú astaíochtaí 2030 a bhaint amach, ag cur rannchuidiú costéifeachtach foirgneamh agus an iompair de bhóthar san áireamh mar atá laghdú 43 % ar astaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le 2005. Ba cheart cainníocht iomlán na lamháltas a shocrú den chéad uair in ***2025***, chun conair a leanúint a thosóidh in 2024 ó luach theorainneacha astaíochtaí 2024 (1 109 304 000 CO_2t), arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([26]) ar bhonn na n-astaíochtaí tagartha le haghaidh na n-earnálacha sin le haghaidh na tréimhse ó 2016 go 2018. Dá réir sin, ba cheart an fachtóir laghdaithe línigh a shocrú ag 5,15 %. Amhail 2028, ba cheart cainníocht iomlán na lamháltas a shocrú ar bhonn na meánastaíochtaí tuairiscithe le haghaidh na mblianta 2024, 2025 agus 2026, agus ba cheart í a laghdú ag an laghdú bliantúil absalóideach céanna mar atá socraithe ó 2024, a chomhfhreagraíonn d'fhachtóir laghdaithe línigh de 5,43 % i gcomparáid le luach inchomparáide 2025 don chonair atá sainithe thuas. Má tá na hastaíochtaí sin i bhfad níos airde ná an luach conaire sin agus mura n-eascraíonn an éagsúlacht sin ó dhifríochtaí mionscála idir modheolaíochtaí chun astaíochtaí a thomhas, ba cheart an fachtóir laghdaithe línigh a choigeartú chun an laghdú riachtanach ar astaíochtaí a bhaint amach in 2030.

([26]) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

([26]) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 476

Togra le haghaidh treorach

Aithris 50

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) Chun a áirithiú go gcuirfear tús réidh leis an trádáil astaíochtaí in ***earnáil na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar*** agus ag cur san áireamh an gá atá ag na heintitis rialáilte le lamháltais a fhalú nó a cheannach roimh ré chun a riosca praghais agus leachtachta a mhaolú, ba cheart méid níos airde lamháltas a chur ar ceant go luath. In ***2026***, ba cheart mar sin do na méideanna ceantála a bheith 30 % níos airde ná cainníocht iomlán na lamháltas le haghaidh ***2026***. Ba leor an méid sin chun leachtacht a sholáthar, má théann astaíochtaí i laghad ar aon dul le riachtanais laghdaithe, agus sa chás nach dtagann laghduithe ar astaíochtaí chun cinn ach de réir a chéile. Tá na rialacha mionsonraithe don ualú tosaigh sin ar mhéid ceantála le socrú i ngníomh tarmligthe i ndáil le ceantáil, arna ghlacadh de bhun Airteagal 10(4) de Threoir 2003/87/CE.	(50) Chun a áirithiú go gcuirfear tús réidh leis an trádáil astaíochtaí sna hearnálacha nua agus ag cur san áireamh an gá atá ag na heintitis rialáilte le lamháltais a fhalú nó a cheannach roimh ré chun a riosca praghais agus leachtachta a mhaolú, ba cheart méid níos airde lamháltas a chur ar ceant go luath. In ***2025***, ba cheart mar sin do na méideanna ceantála a bheith 30 % níos airde ná cainníocht iomlán na lamháltas le haghaidh ***2025***. Ba leor an méid sin chun leachtacht a sholáthar, má théann astaíochtaí i laghad ar aon dul le riachtanais laghdaithe, agus sa chás nach dtagann laghduithe ar astaíochtaí chun cinn ach de réir a chéile. Tá na rialacha mionsonraithe don ualú tosaigh sin ar mhéid ceantála le socrú i ngníomh tarmligthe i ndáil le ceantáil, arna ghlacadh de bhun Airteagal 10(4) de Threoir 2003/87/CE.

Leasú 477

Togra le haghaidh treorach

Aithris 52

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(52) Ba cheart cúiteamh sóisialta éifeachtach a bheith i gceist nuair atá praghas carbóin á thabhairt isteach i ndáil le hiompar de bhóthar agus foirgnimh, go háirithe i bhfianaise na leibhéil bochtaineachta fuinnimh atá ann cheana. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 milliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6,9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in 2019 ([27]). Chun cúiteamh sóisialta agus dáileacháin éifeachtach a bhaint amach, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit na hioncaim cheantála a chaitheamh ar na cuspóirí a bhaineann le haeráid agus fuinneamh atá sonraithe cheana don trádáil reatha astaíochtaí, ach freisin le haghaidh beart arna thabhairt isteach go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ghaolmhara na n-earnálacha nua mar atá earnáil an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh lena n áirítear gníomhaíochtaí beartais gaolmhara faoi Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]). Ba cheart ioncaim ceantála a úsáid le dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den trádáil astaíochtaí le haghaidh na n earnálacha nua agus béim faoi leith ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair. Chuige sin, cuirfidh Ciste Aeráide Sóisialta nua cistiú tiomnaithe ar fáil do Bhallstáit chun tacú leis na saoránaigh Eorpacha is mó atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh nó soghluaisteachta nó i mbaol aici. Cuirfidh an Ciste cothroime agus dlúthpháirtíocht chun cinn idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus baol na bochtaineachta fuinnimh agus soghluaisteachta á maolú fad is atá an t-aistriú ar siúl.	(52) Ba cheart cúiteamh sóisialta éifeachtach a bheith i gceist nuair atá praghas carbóin á thabhairt isteach i ndáil le hiompar de bhóthar agus foirgnimh, go háirithe i bhfianaise na leibhéil bochtaineachta fuinnimh atá ann cheana. Tuairiscítear nach raibh sé de chumas ag thart ar 34 milliún Eorpach a dtithe a choinneáil te go leor in 2018, agus dúirt 6,9 % de dhaonra an Aontais nach raibh sé d'acmhainn acu a dteach a théamh go leordhóthanach i suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais in 2019 ([27]). Chun cúiteamh sóisialta agus dáileacháin éifeachtach a bhaint amach, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit na hioncaim cheantála a chaitheamh ar na cuspóirí a bhaineann le haeráid agus fuinneamh atá sonraithe cheana don trádáil reatha astaíochtaí, ach freisin le haghaidh beart arna thabhairt isteach go sonrach chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní ghaolmhara na n-earnálacha nua mar atá earnáil an iompair de bhóthar agus na bhfoirgneamh lena n áirítear gníomhaíochtaí beartais gaolmhara faoi Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([28]). Ba cheart ioncaim ceantála a úsáid le dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta den trádáil astaíochtaí le haghaidh na n earnálacha nua agus béim faoi leith ar theaghlaigh leochaileacha, ar mhicrifhiontair agus ar úsáideoirí iompair. Chuige sin, cuirfidh Ciste Aeráide Sóisialta nua cistiú tiomnaithe ar fáil do Bhallstáit chun tacú leis na saoránaigh Eorpacha is mó atá thíos leis an mbochtaineacht fuinnimh nó soghluaisteachta nó i mbaol aici. Ba cheart an Ciste Aeráide Sóisialta a bheith ina dhlúthchuid de bhuiséad an Aontais chun aontacht an bhuiséid agus comhchuibhneas le beartais an Aontais a chaomhnú, agus chun a áirithiú go ndéanfaidh

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Cuirfidh sé le sásraí dlúthpháirtíochta atá ann cheana agus comhlánóidh sé iad. Comhfhreagróidh acmhainní an Chiste nua i bprionsabal do 25 % de na hioncaim ionchasacha ón trádáil astaíochtaí nua i gcaitheamh na tréimhse 2026-2032, agus cuirfear chun feidhme iad ar bhonn na bPleananna Aeráide Sóisialta ar cheart do Bhallstáit iad a chur ar aghaidh faoi Rialachán (AE) 20…/nn ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]).. Ina theannta sin, ba cheart do gach Ballstát a gcuid ioncam ceantála a úsáid inter alia chun cuid de chostais a bPleananna Aeráide Sóisialta a mhaoiniú.

([27]) *Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).*

([28]) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).';

([29]) [Cuir tagairt isteach don Rialachán lena mbunaítear an Ciste Aeráide Sóisialta].

Leasú

an t-údarás buiséadach, atá comhdhéanta de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle, rialú éifeachtach. Cuirfidh an Ciste cothroime agus dlúthpháirtíocht chun cinn idir na Ballstáit agus laistigh díobh agus baol na bochtaineachta fuinnimh agus soghluaisteachta á maolú fad is atá an t-aistriú ar siúl. Cuirfidh sé le sásraí dlúthpháirtíochta atá ann cheana agus comhlánóidh sé iad. Comhfhreagróidh acmhainní an Chiste nua i bprionsabal do 25 % de na hioncaim ionchasacha ón trádáil astaíochtaí nua i gcaitheamh na tréimhse 2026-2032, agus cuirfear chun feidhme iad ar bhonn na bPleananna Aeráide Sóisialta ar cheart do Bhallstáit iad a chur ar aghaidh faoi Rialachán (AE) 20…/nn ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([29]). ***Ba cheart an leithdháileadh bonnlíne cláraithe i mbuiséad an Aontais a mhéadú gach bliain trí athneartú forlíontach i gcás méadú ar phraghas carbóin chuig leibhéal níos airde ná an bharúil tosaigh, mar go méadófaí an t-ualach ar theaghlaigh leochaileacha agus ar úsáideoirí tráchta leochaileacha.*** Chun a áirithiú go ndéantar tionchar na méaduithe ar phraghsanna carbóin ar na daoine is leochailí a mhaolú go leormhaith agus go cothrom, ba cheart go gcuimseofaí na hathneartuithe bliantúla sin laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil trí bhíthin coigeartú uathoibríoch luaineachta i bpraghsanna carbóin ar uasteorainn Cheannteideal 3 agus ar an uasteorainn íocaíochta, an sásra dá ndéanfar foráil sa Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 312 CFAE. Ina theannta sin, ba cheart do gach Ballstát a gcuid ioncam ceantála a úsáid inter alia chun cuid de chostais a bPleananna Aeráide Sóisialta a mhaoiniú.

([27]) *Sonraí ó 2018. Eurostat, SILC [ilc_mdes01]).*

([28]) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear treoracha 2009/125/CE agus 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear treoracha 2004/8/CE agus 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).';

([29]) [Cuir tagairt isteach don Rialachán lena mbunaítear an Ciste Aeráide Sóisialta].

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 478

Togra le haghaidh treorach

Aithris 52 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(52a) Ós rud é gurb í earnáil an iompair an t-aon earnáil amháin ar theip uirthi aon laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, tá gá le leibhéal suntasach infheistíochta a dhéanamh i roghanna iompair inbhuanaithe chun spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach agus chun tacú le haistriú módach chuig cineálacha iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart 10 % ar a laghad den ioncam a bhfuiltear ag súil leis ó thrádáil mhéadaithe na n-astaíochtaí a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar leathnú raon feidhme CTA AE agus tabhairt isteach CTA AE nua do théamh, d'iompar agus do bhreoslaí eile de bhun na treorach seo, lena n-áirítear 10 % den ioncam náisiúnta a bheidh le leithdháileadh ag na Ballstáit mar aon le 10 % de na hioncaim faoin gCiste Infheistíochta Aeráide, a leithdháileadh ar chun an t-iompar poiblí a fhorbairt tuilleadh, go háirithe córais iarnróid agus bus atá neamhdhíobhálach don aeráid.

Leasú 479

Togra le haghaidh treorach

Aithris 52 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(52b) Chun comhleanúnachas agus éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach i mbainistiú agus in úsáid chistí agus acmhainní an Aontais, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh maidir leis an gCiste Infheistíochta Aeráide agus an Ciste don Nuachóiriú a chomhtháthú i mbuiséad an Aontais, a d'fhéadfaí a thíolacadh i gcomhthéacs na dtograí don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 480

Togra le haghaidh treorach

Aithris 54

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(54) ***Tá an nuálaíocht agus forbairt teicneolaíochtaí nua ísealcharbóin in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar ríthábhachtach chun a áirithiú go ndéanfaidh na hearnálacha sin rannchuidiú costéifeachtach leis na laghduithe ar astaíochtaí a bhfuiltear ag súil leo. Dá bharr sin,*** ba cheart 150 milliún lamháltas ó thrádáil astaíochtaí in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar a chur ar fáil don Chiste ***Nuálaíochta*** chun an ***laghdú costéifeachtach ar astaíochtaí*** a spreagadh.	(54) Ba cheart 150 milliún lamháltas ó thrádáil astaíochtaí in earnáil na bhfoirgneamh agus in earnáil an iompair de bhóthar a chur ar fáil freisin don Chiste Sóisialta don Aeráid ***chun tacú le bearta aeráide sóisialta.***

Leasú 481

Togra le haghaidh treorach

Aithris 55

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(55) Ba cheart d'eintitis rialáilte atá cumhdaithe leis an trádáil astaíochtaí l***e haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar*** lamháltais i gcomhair a gcuid astaíochtaí fíoraithe a thabhairt suas a chomhfhreagraíonn do mhéideanna na mbreoslaí atá scaoilte acu lena dtomhailt. Ba cheart dóibh lamháltais a thabhairt suas den chéad uair le haghaidh a gcuid astaíochtaí fíoraithe in 2026. D'fhonn an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, ba cheart roinnt rialacha is infheidhme maidir leis an gcóras reatha um thrádáil astaíochtaí le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus eitlíochta, a chur i bhfeidhm maidir le trádáil astaíochtaí ***le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar***, leis na hoiriúnuithe is gá. Áirítear leis sin, go háirithe, rialacha maidir le haistriú, tabhairt suas agus cur ar ceal lamháltas, chomh maith leis na rialacha maidir le bailíocht lamháltas, pionóis, údaráis inniúla agus oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát.	(55) Ba cheart d'eintitis rialáilte atá cumhdaithe leis an trádáil astaíochtaí ***nua*** lamháltais i gcomhair a gcuid astaíochtaí fíoraithe a thabhairt suas a chomhfhreagraíonn do mhéideanna na mbreoslaí atá scaoilte acu lena dtomhailt. Ba cheart dóibh lamháltais a thabhairt suas den chéad uair le haghaidh a gcuid astaíochtaí fíoraithe in 2025. Chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, ba cheart roinnt rialacha is infheidhme maidir leis an gcóras reatha um thrádáil astaíochtaí le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus eitlíochta a chur i bhfeidhm maidir leis an trádáil astaíochtaí nua, leis na hoiriúnuithe is gá. Áirítear leis sin, go háirithe, rialacha maidir le haistriú, tabhairt suas agus cur ar ceal lamháltas, chomh maith leis na rialacha maidir le bailíocht lamháltas, pionóis, údaráis inniúla agus oibleagáidí tuairiscithe na mBallstát.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 482

Togra le haghaidh treorach

Aithris 59 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(59a) Chun na cuspóirí a leagtar síos sa Treoir seo agus faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhaint amach, go háirithe na cuspóirí i Rialachán (AE) 2021/1119, ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit leas a bhaint as an fhianaise eolaíochta is déanaí agus beartais á gcur chun feidhme acu. Dá bhrí sin, ba cheart an chomhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide a chur san áireamh agus an Treoir seo á cur chun feidhme. Thairis sin, ba cheart don Bhord Comhairleach Eolaíoch Eorpach ar an Athrú Aeráide a bheith in ann, ar a thionscnamh féin, comhairle eolaíoch a thabhairt i ndáil leis an Treoir seo chun a áirithiú go bhfuil beartais ailínithe le cuspóirí Rialachán (AE) 2021/1119 agus Chomhaontú Pháras.

Leasú 483

Togra le haghaidh treorach

Aithris 59 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(59b) Chun fís fhadtéarmach a leagan síos, ba cheart don Choimisiún, le tacaíocht ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach ar an Athrú Aeráide, treochláir tháscacha a ullmhú do na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo chun cuspóir an Aontais maidir le neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, ar a dhéanaí, agus an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin, mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119. Ba cheart na treochláir a ullmhú ar bhealach trédhearcach i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí amhail daoine aonair, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta, an saol acadúil, lucht tionscail agus lucht ceaptha beartas. Is uirlis bhunriachtanach na treochláir chun léargas fadtéarmach agus cobhsaíocht a chur ar fáil do gheallsealbhóirí agus chun leasanna coiteanna, neamhréireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann agus coinbhleachtaí i bhforbairt beartais a shainaithint. Ba cheart na treochláir a thabhairt cothrom le dáta gach cúig bliana chun na forbairtí eolaíocha is déanaí a chur san áireamh, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 484

Togra le haghaidh treorach

Aithris 61

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(61) Tá sé ríthábhachtach go mbeidh CTA AE dea-fheidhmiúil athchóirithe ann, ina mbeidh ionstraim lena ndéanfar an margadh a chobhsú, chun go mbainfidh an tAontas an sprioc a comhaontaíodh do 2030 amach agus chun go gcomhlíonfaidh sé na gealltanais faoi Chomhaontú Pháras. Féachtar le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh aghaidh a thabhairt ar an éagothroime atá ann faoi láthair idir soláthar agus éileamh lamháltas sa mhargadh. Foráiltear le hAirteagal 3 de Chinneadh (AE) 2015/1814 le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcúlchiste 3 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus aird faoi leith tugtha ar an bhfigiúr céatadáin chun líon na lamháltas atá le cur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a shocrú, chomh maith leis an tairseach le haghaidh líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht (TNAC) agus líon na lamháltas atá le scaoileadh ón gcúlchiste.	(61) Tá sé ríthábhachtach go mbeidh CTA AE dea-fheidhmiúil athchóirithe ann, ina mbeidh ionstraim lena ndéanfar an margadh a chobhsú, chun go mbainfidh an tAontas an sprioc a comhaontaíodh do 2030 amach, g***o mbainfidh sé amach a chuspóir maidir leis an aeráidneodracht faoi 2050 ar a dhéanaí, agus go gcomhlíonfaidh sé an aidhm maidir le hastaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119*** agus na ceanglais faoi Chomhaontú Pháras. Féachtar le Cúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh aghaidh a thabhairt ar an éagothroime atá ann faoi láthair idir soláthar agus éileamh lamháltas sa mhargadh. Foráiltear le hAirteagal 3 de Chinneadh (AE) 2015/1814 le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcúlchiste 3 bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus aird faoi leith tugtha ar an bhfigiúr céatadáin chun líon na lamháltas atá le cur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh a shocrú, chomh maith leis an tairseach le haghaidh líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht (TNAC) agus líon na lamháltas atá le scaoileadh ón gcúlchiste.

Leasú 485

Togra le haghaidh treorach

Aithris 62

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(62) I bhfianaise an ghá atá le comhartha infheistíochta níos láidre a léiriú maidir le hastaíochtaí a laghdú ar bhealach costéifeachtach agus d'fhonn CTA AE a neartú, ba cheart Cinneadh (AE) 2015/1814 a leasú chun go méadófar an ráta céatadáin lena gcinntear líon na lamháltas atá le cur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh gach bliain. Ina theannta sin, le haghaidh leibhéal níos ísle de TNAC, ba cheart go mbeadh an iontógáil comhionann leis an difríocht idir TNAC agus an tairseach lena gcinntear an iontógáil lamháltas. Sheachnófaí leis sin, an éiginnteacht shuntasach maidir leis na méideanna ceantála a leanann nuair atá an TNAC gar don tairseach, agus ag an am céanna d'áiritheodh sé go mbainfeadh an barrachas amach an bandaleithead méide ar laistigh de a mheastar go bhfuil an margadh carbóin ag feidhmiú ar bhealach cothrom.	(62) I bhfianaise an ghá atá le comhartha infheistíochta níos láidre a léiriú maidir le hastaíochtaí a laghdú ar bhealach costéifeachtach agus d'fhonn CTA AE a neartú, ba cheart Cinneadh (AE) 2015/1814 a leasú chun go méadófar an ráta céatadáin lena gcinntear líon na lamháltas atá le cur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh gach bliain. Ina theannta sin, le haghaidh leibhéal níos ísle de TNAC, ba cheart go mbeadh an iontógáil comhionann leis an difríocht idir TNAC agus an tairseach lena gcinntear an iontógáil lamháltas. Sheachnófaí leis sin, an éiginnteacht shuntasach maidir leis na méideanna ceantála a leanann nuair atá an TNAC gar don tairseach, agus ag an am céanna d'áiritheodh sé go mbainfeadh an barrachas amach an bandaleithead méide ar laistigh de a mheastar go bhfuil an margadh carbóin ag feidhmiú ar bhealach cothrom. **Ba cheart coigeartú den sórt sin a dhéanamh gan aon uaillmhian laghdaithe a bheith mar thoradh air i gcomparáid le cúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh atá ann faoi láthair.**

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 486

Togra le haghaidh treorach

Aithris 66 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(66a) Chun a áirithiú go bhfuil intuarthacht ann d'oibreoirí agus chun dídhreasú na ngníomhaithe is fearr agus na nuálaíochta a sheachaint mar thoradh ar chostais bhreise agus gan choinne, tá sé ríthábhachtach cur i bhfeidhm an fhachtóra ceartúcháin trasearnála a sheachaint dóibhsean atá chun tosaigh.

Leasú 487

Togra le haghaidh treorach

Aithris 67

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(67) Is gá Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun cuimsiú na hearnála muiriompair in CTA AE a chur san áireamh. Ba cheart Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun é a chur de dhualgas ar chuideachtaí sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí a thuairisciú ar leibhéal cuideachta agus a gcuid pleananna fíoraithe um faireachán agus a gcuid sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh lena bhfaomhadh. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh leis na modhanna faireacháin ar astaíochtaí CO2 a leasú i dteannta leis na rialacha maidir le faireachán, chomh maith le haon fhaisnéis eile is ábhartha atá leagtha amach i Rialachán (AE) 2015/757, d'fhonn feidhmiú éifeachtach CTA AE ar leibhéal riaracháin a áirithiú agus chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/757 leis na rialacha um fhaomhadh pleananna faireacháin agus na hathruithe orthu ag údaráis riaracháin, leis na rialacha maidir le faireachán, tuairisciú ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí agus maidir lena gcur isteach ar leibhéal cuideachta agus leis na rialacha maidir le fíorú ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta agus maidir le tuarascáil fhíoraithe a eisiúint i ndáil leis na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta. D'fhéadfaí na sonraí a ndéantar faireachán, tuairisciú agus fíorú orthu faoi Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid chun críche comhlíontacht le dlí eile de chuid an Aontais lena gceanglaítear faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar an bhfaisnéis chéanna loinge.	(67) Is gá Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun cuimsiú na hearnála muiriompair in CTA AE a chur san áireamh. Ba cheart Rialachán (AE) 2015/757 a leasú chun ceangal a chur ar chuideachtaí sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí a thuairisciú ar leibhéal na cuideachta agus a gcuid pleananna fíoraithe um faireachán agus a gcuid sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal na cuideachta a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin fhreagraigh lena bhfaomhadh. Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na modhanna faireacháin ar astaíochtaí CO_2**, CH_4 and N_2O** agus na rialacha maidir le faireachán a leasú, chomh maith le haon fhaisnéis eile is ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2015/757, chun feidhmiú éifeachtach CTA AE ar leibhéal riaracháin a áirithiú agus chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) 2015/757 leis na rialacha um fhaomhadh pleananna faireacháin agus na hathruithe orthu ag údaráis riaracháin, leis na rialacha maidir le faireachán, tuairisciú ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí agus maidir lena gcur isteach ar leibhéal cuideachta agus leis na rialacha maidir le fíorú ar na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta agus maidir le tuarascáil fhíoraithe a eisiúint i ndáil leis na sonraí comhiomlánaithe astaíochtaí ar leibhéal cuideachta. D'fhéadfaí na sonraí a ndéantar faireachán, tuairisciú agus fíorú orthu faoi Rialachán (AE) 2015/757 a úsáid chun críche comhlíontacht le dlí eile de chuid an Aontais lena gceanglaítear faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar an bhfaisnéis chéanna loinge.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 488

Togra le haghaidh treorach

Aithris 67 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(67a) De bhreis ar phraghsáil éifeachtach carbóin bunaithe ar CTA AE a fheidhmíonn go maith, tá trédhearcacht mhargaidh ríthábhachtach chun laghduithe tapa agus cost-éifeachtúla ar astaíochtaí a chumasú i ngach earnáil den gheilleagar. Chun go mbeidh tomhaltóirí agus gach gníomhaí feadh an tslabhra soláthair in ann roghanna eolasacha a dhéanamh maidir leis na hastaíochtaí atá leabaithe i dtáirgí, ba cheart córas Eorpach a fhorbairt chun lipéadú láidir a dhéanamh ar tháirgí maidir lena lorg carbóin.

Leasú 489

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe - 1 (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 1 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1) in Airteagal 1, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara mír:
Foráiltear leis an Treoir seo freisin go méadófar na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun cur leis na leibhéil laghduithe a mheastar a bheith riachtanach ó thaobh na heolaíochta de chun athrú aeráide contúirteach a sheachaint.	*"Leis an Treoir seo, foráiltear freisin maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa chun rannchuidiú leis na leibhéil laghduithe a mheastar a bheith riachtanach go heolaíoch chun athrú aeráide contúirteach a sheachaint,* ***chun cuspóir an Aontais a bhaint amach maidir le neodracht aeráide a ghnóthú faoi 2050 ar a dhéanaí agus chun an aidhm astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus chun gealltanais an Aontais agus a Bhallstát faoi Chomhaontú Pháras a ghnóthú, de réir phrionsabail an chothromais agus na bhfreagrachtaí comhchoiteanna ach difreáilte agus de réir chumais na náisiún faoi seach.***

(*) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).";

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 490

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh Feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinní I agus III, agus maidir leis na gáis cheaptha teasa atá liostaithe in Iarscríbhinn II. I gcás, maidir le suiteáil atá cuimsithe i raon feidhme CTA AE de thoradh aonaid dócháin a oibriú lena ngabhann ionchur teirmeach rátáilte iomlán a sháraíonn 20 MW, go n-athraíonn sí a cuid próiseas táirgthe chun a hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus nach sroicheann sí an tairseach sin a thuilleadh, fanfaidh sí faoi raon feidhme CTA AE go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana ***is ábhartha*** dá dtagraítear in Airteagal 11(1), an dara fomhír, tar éis athrú a dhéanamh ar a próiseas táirgthe.	1. Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir leis na gníomhaíochtaí atá liostaithe in Iarscríbhinní I agus III, agus maidir leis na gáis cheaptha teasa atá liostaithe in Iarscríbhinn II. I gcás, maidir le suiteáil atá cuimsithe i raon feidhme CTA AE de thoradh aonaid dócháin a oibriú lena ngabhann ionchur teirmeach rátáilte iomlán a sháraíonn 20 MW, go n-athraíonn sí a cuid próiseas táirgthe chun a hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus nach sroicheann sí an tairseach sin a thuilleadh nó ***nach n-astaíonn sí gáis ceaptha teasa a thuilleadh, féadfaidh oibreoir na suiteála*** si***n a chinneadh go bhfanfaidh sí faoi*** raon feidhme CTA AE go dtí deireadh n***a chéad tréimhse 5 bliana eile*** dá dtagraítear in Airteagal 11(1), an dara fomhír, tar éis athrú a dhéanamh ar a próiseas táirgthe. ***Faoin 31 Nollaig 2025, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar shuiteálacha a bhfuil ionchur iomlán teirmeach rátáilte faoi bhun 20 MW acu a áireamh i raon feidhme CTA AE sa chéad tréimhse eile agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina leith. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, chun suiteálacha den sórt sin a áireamh.***

Leasú 491

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe d

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3 – mír 1 – pointe v a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(va) ciallaíonn "turas" turas mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (c), de Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(*) Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO L 123, 19.5.2015, lch. 55);

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 492

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3 – mír 1 – pointe w a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(wa) ciallaíonn "calafort trasloingsithe nach cuid de AE é" calafort trasloingsithe i dtír chomharsanachta nach bhfuil in AE atá níos lú ná 300 muirmhíle ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit, i gcás inar mó gluaiseacht aon chineál amháin lasta trí bhíthin oibríochtaí trasloingsithe ná 60 % de thrácht iomlán an chalafoirt sin;

Leasú 493

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3 – mír 1 – pointe w b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(wb) ciallaíonn "oibríocht trasloingsithe" oibríocht ina ndíluchtaítear aon lasta, aon choimeádán nó aon earra ó long go dtí an calafort chun é a luchtú ar long eile, agus chun na cuspóra sin amháin;

Leasú 494

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3 – mír 1 – pointe w c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(wc) ciallaíonn "calafort cuarda" an calafort ina stopann long chun lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; dá bhrí sin, maidir le stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long nó ar a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ar gá iad mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, déantar iad a eisiamh ón sainmhíniú seo;

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 495

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 2 – pointe d

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3 – mír 1 – pointe y

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(y) chun críocha Chaibidil IVa, ciallóidh "breosla" aon bhreosla a liostaítear i dTábla A agus Tábla C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/96/CE, chomh maith le haon táirge eile arna thairiscint le díol mar bhreosla nó mar bhreosla téimh mar a shonraítear in Airteagal 2(3) den Treoir sin;	(y) chun críocha Chaibidil IVa, ciallóidh "breosla" aon bhreosla a liostaítear i dTábla A agus Tábla C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/96/CE, chomh maith le haon táirge eile ***arna bheartú lena úsáid***, arna thairiscint le díol ***nó arna úsáid*** mar bhreosla mótair nó mar bhreosla téimh mar a shonraítear in Airteagal 2(3) den Treoir sin;

Leasú 496

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal - 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:
	"Airteagal - 3a
	Déanfaidh an Coimisiún, in éineacht le Coiste Feidhmiúcháin Shásra Idirnáisiúnta Várs á do Chaillteanas agus Damáiste agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, measúnú ar bhearta cúitimh a d'fhéadfadh an tAontas ina iomláine a chur chun feidhme do thíortha leochaileacha agus do thíortha atá i mbéal forbartha agus tabharfaidh sé tuairisc maidir leis an measúnú sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi dheireadh 2022.";

Leasú 497

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh feidhm ag Airteagail 3b go 3f maidir le leithdháileadh agus eisiúint lamháltas i ndáil leis na gníomhaíochtaí eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I. Beidh feidhm ag Airteagal 3 g go hAirteagal 3ge maidir leis na gníomhaíochtaí muiriompair a liostaítear in Iarscríbhinn I.	Beidh feidhm ag Airteagail 3b go 3f maidir le leithdháileadh agus eisiúint lamháltas i ndáil leis na gníomhaíochtaí eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I. Beidh feidhm ag Airteagal 3g go 3geb ***maidir le leithdháileadh agus eisiúint lamháltas*** i ndáil leis na gníomhaíochtaí muiriompair atá liostaithe in Iarscríbhinn I ***arna ndéanamh ag longa ag a bhfuil olltonnáiste de 5 000 agus os a chionn.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Amhail ón 1 Eanáir 2027, beidh feidhm ag Airteagal 3 go 3geb maidir le leithdháileadh agus eisiúint lamháltas i ndáil leis na gníomhaíochtaí muirimopair atá liostaithe in Iarscríbhinn I arna ndéanamh ag longa ag a bhfuil olltonnáiste de 400 agus os a chionn. Faoin dáta sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an gcothrom iomaíochta le haghaidh na long uile agus seachnófar éifeachtaí díobhálacha nach bhfuil ag teastaíl agus a d'fhéadfadh a bheith ag ann ar astaíochtaí gás ceaptha teasa mar gheall ar ionadú féideartha long d'olltonnáiste 5 000 agus os cionn le roinnt long a bhfuil olltonnáiste níos ísle ná an tairseach sin acu in éagmais an tairseach a ísliú. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur leis an measúnú sin chun an Treoir seo a leasú.
	Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach ar an Athrú Aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1119, measúnú agus cuirfidh sé tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an tionchar ar aeráid dhomhanda astaíochtaí gás ceaptha teasa seachas CO_2, CH_4 agus N_2O agus cáithníní a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda iontu, ó longa a thagann isteach i gcalafoirt, atá laistigh de chalafoirt nó a imíonn ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar an gceist conas déileáil le hastaíochtaí agus cáithníní den sórt sin.

Leasú 498

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3g – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh feidhm ag leithdháileadh na lamháltas agus cur i bhfeidhm na gceanglas tabhairt suas i leith gníomhaíochtaí muiriompair i leith caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit, caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit, céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa atá feistithe le balla i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit.	1. Beidh feidhm ag leithdháileadh na lamháltas agus ag cur i bhfeidhm ceanglas maidir le géilleadh i ndáil le gníomhaíochtaí muiriompair i leith céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa a dhéanann turais a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus maidir le céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa atá i mbeart i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit. Go dtí an 31 Nollaig 2026, beidh feidhm ag leithdháileadh na lamháltas agus cur i bhfeidhm na gceanglas tabhairt suas i ndáil le gníomhaíochtaí muiriompair i ndáil le caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, agus caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ón 1 Eanáir 2027 agus faoi réir na maoluithe a leagtar amach in Airteagal 3gaa, beidh feidhm ag leithdháileadh na lamháltas agus cur i bhfeidhm na gceanglas tabhairt suas i ndáil le gníomhaíochtaí muiriompair i ndáil le céad faoin gcéad (100 %) de ***na*** hastaíochtaí ó longa ***a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó*** chalafort faoi dhlínse Ballstáit ***agus a thagann isteach i gcalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, agus céad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit***.

Leasú 499

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3ga

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 3ga	Airteagal 3ga
Céimniú isteach na gceanglas maidir le muiriompar	Ceanglais maidir le muiriompar
Beidh cuideachtaí loingseoireachta faoi dhliteanas lamháltais a thabhairt suas de réir an sceidil seo a leanas:	Ón 1 Eanáir 2024 agus gach bliain ina dhiaidh sin, beidh ar chuideachtaí loingseoireachta lamháltais a chomhfhreagraíonn do chéad faoin gcéad (100 %) de na hastaíochtaí fíoraithe a tuairiscíodh do gach bliain faoi seach a thabhairt suas.
(a) 20 % de na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear le haghaidh 2023;	
(b) 45 % de na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear le haghaidh 2024;	
(c) 70 % de na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear le haghaidh 2025;	
(d) 100 % de na hastaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear le haghaidh 2026 agus gach bliain ina dhiaidh sin.	
A mhéid a thugtar suas níos lú lamháltas i gcomparáid leis na hastaíochtaí fíoraithe ón muiriompar le haghaidh 2023, 2024 agus 2025, nuair a bheidh an difríocht idir na hastaíochtaí fíoraithe agus na lamháltais arna dtabhairt suas bunaithe i leith gach bliana, cuirfear cainníocht chomhfhreagrach lamháltas ar ceal seachas ar ceant de bhun Airteagal 10.	

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 500

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 — mír 1 — pointe 6

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3ga a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3gaa
	Maoluithe atá coinníollach ar bhearta a bheith á nglacadh ag tríú tíortha agus ag eagraíochtaí idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar ar an aeráid atá ag muiriompar
	1. Rachaidh an Coimisiún i mbun oibre le tríú tíortha agus é mar aidhm aige comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha a bhunú maidir le gníomhaíochtaí agus bearta chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar a laghdú i gcomhréir leis an sprioc an t-ardú teochta domhanda a choimeád laistigh de 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, i gcomhréir le Comhaontú Pháras. Coinneoidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi aon fhorbairtí i ndáil leis sin.
	2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí laghdú comhréireach ar raon feidhme chur i bhfeidhm bhearta an Aontais a thabhairt isteach, fad is a choinnítear faoi raon feidhme CTA AE caoga faoin gcéad ar a laghad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit, agus caoga faoin gcéad (50 %) de na hastaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort lasmuigh de dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort faoi dhlínse Ballstáit, sna cásanna seo a leanas:
	(a) go bhfuil sásra praghsála carbóin i bhfeidhm ag tríú tír chun uasteorainn a chur le hastaíochtaí atá ar a laghad coibhéiseach le hastaíochtaí CTA AE agus iad a laghdú;
	(b) gur bunaíodh sásra praghsála carbóin chun uasteorainn a chur le hastaíochtaí atá ar a laghad coibhéiseach le hastaíochtaí CTA AE agus iad a laghdú trí chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach idir an tAontas agus tríú tír amháin nó níos mó agus gur cinneadh é a nascadh le CTA AE de bhun Airteagal 25; nó
	(c) go bhfuil tríú tír ina Tír is Lú Forbairt nó ina Stát Oileánach Beag i mBéal Forbartha ag a bhfuil OTI per capita nach bhfuil cothrom le meán an Aontais nó níos mó ná é agus ina n-áirítear astaíochtaí faoina rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta faoi Chomhaontú Pháras.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 501

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 — mír 1 — pointe 6

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3ga b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3gab
	An Ciste Aigéin
	1. Bunófar ciste ("an Ciste Aigéin") chun tacú leis na tionscadail agus leis na hinfheistíochtaí dá dtagraítear i mír 4. Úsáidfear 75 % de na hioncaim arna nginiúint trí na lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 3g a chur ar ceant tríd an gCiste Aigéin. Ina theannta sin, leithdháilfear aon ioncaim shannta sheachtracha dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) …/… [FuelEU Maritime] ar an gCiste Aigéin agus úsáidfear iad i gcomhréir le mír 4.
	2. Féadfaidh cuideachtaí muiriompair ranníocaíocht bhliantúil bhallraíochta a íoc leis an gCiste Aigéin i gcomhréir lena n-astaíochtaí iomlána a tuairiscíodh don bhliain féilire roimhe sin faoi Rialachán (AE) 2015/757 chun an t-ualach riaracháin ar chuideachtaí muirimpair a theorannú, lena n-áirítear cuideachtaí beaga agus meánmhéide agus cuideachtaí nach mbíonn gníomhach go minic faoi raon feidhme na treorach seo. Leis an gCiste Aigéin, tabharfar suas lamháltais i dteannta a chéile thar ceann cuideachtaí iompair loingseoireachta ar comhaltaí den Chiste Aigéin iad. Socrófar leis an gCiste Aigéin an ranníocaíocht bhallraíochta in aghaidh an tona d'astaíochtaí faoin 28 Feabhra gach bliain, ach beidh sí cothrom ar a laghad leis an bpraghas socraíochta margaidh príomhúil nó tánaisteach is airde a taifeadadh do lamháltais an bhliain roimhe sin.
	3. Déanfar an Ciste Aigéin a bhainistiú go lárnach trí chomhlacht de chuid an Aontais. Beidh struchtúr rialachais an Chiste Aigéin comhchosúil le struchtúr rialachais an Chiste Infheistíochta Aeráide a bunaíodh faoi Airteagal 10a(8) agus áiritheoidh sé sineirgíocht léi, lena gcuirtear i bhfeidhm, i gcás inarb ábhartha, na rialacha maidir le rialachas agus tacaíocht mar a leagtar síos san Airteagal sin iad. Beidh struchtúr rialachais agus próiséas cinnteoireachta an Chiste Aigéin trédhearcach agus cuimsitheach, go háirithe maidir le socrú réimsí tosaíochta, critéar agus nósanna imeachta leithdháilte deontas. Beidh ról comhairliúcháin iomchuí ag geallsealbhóirí ábhartha. Déanfar an fhaisnéis ar fad maidir leis na tionscadail agus na hinfheistíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Aigéin agus gach faisnéis ábhartha eile maidir le feidhmiú an Chiste Aigéin a chur ar fáil don phobal.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Leis na cistí a chuirtear ar fáil faoin gCiste Aigéin, tacófar leis an aistriú chuig earnáil mhuirí de chuid an Aontais a bheidh éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de agus athléimneach ó thaobh na haeráide de agus úsáidfear iad chun tacú le tionscadail agus infheistíochtaí maidir leis an méid seo a leanas:

(a) éifeachtúlacht fuinnimh long agus calafort a fheabhsú;

(b) teicneolaíochtaí nuálacha agus bonneagar nuálach chun earnáil an mhuiriompair a dhícharbonú, lena n-áirítear maidir le loingseoireacht ghearrthurais agus calafoirt, lena n-áirítear naisc le heangacha leictreachais i gcalafoirt;

(c) úsáid breoslaí malartacha inbhuanaithe, amhail hidrigin, ríomhbhreoslaí agus amóinia, a tháirgtear ó fhuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear trí chonarthaí difríochta carbóin (CCDanna);

(d) teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí gaoithe;

(e) taighde agus forbairt agus an chéad chur i bhfeidhm tionsclaíoch teicneolaíochtaí agus dearaí lena laghdaítear astaíochtaí gás ceaptha teasa, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus breoslaí nuálacha le haghaidh long d'aicme oighir agus loingseoireacht gheimhridh i limistéir reoite;

(f) tabharfar tosaíocht do thionscadail a chuireann nuálaíocht san earnáil chun cinn, amhail teicneolaíochtaí as a dtagann dícharbónú, ní hamháin ach, inter alia, a laghdaíonn an baol truaillithe torainn, aeir agus muirí;

(g) rannchuidiú le haistriú cothrom san earnáil mhuirí trí oiliúint, uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar an lucht saothair atá ann cheana agus trí ullmhúchán na chéad ghlúine eile den lucht saothair muirí.

Úsáidfear 15 % den Chiste Aigéin chun rannchuidiú le héiceachórais mhuirí a bhfuil tionchar ag téamh domhanda orthu a chosaint, a athbhunú agus a bhainistiú níos fearr, amhail limistéir mhuirí faoi chosaint, agus chun geilleagar gorm trasearnálach a chur chun cinn, amhail fuinneamh muirí in-athnuaite.

Déanfar gach infheistíocht arna tacú ag an Ciste Aigéin a phoibliú agus beidh sí comhsheasmhach le haidhmeanna na treorach seo.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

5. Déanfar an cistiú go léir arna sholáthar faoin gciste Aigéin a dhéanamh i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) na critéir "gan dochar suntasach a dhéanamh" mar a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);

(b) coimircí íosta mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2020/852.

6. Rachaidh an Coimisiún i mbun plé le tríú tíortha maidir le féachaint ar roghanna i dtaobh conas a d'fhéadfadh siad leas a bhaint as an gCiste Aigéin freisin. Cuirfear sciar comhfhreagrach den Chiste Aigéin ar fáil do na tíortha sin lasmuigh den Aontas, go háirithe do na tíortha is lú forbairt agus do na stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha a bhfuil a n-aistir ó chalafort nó chuig calafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit cumhdaithe céad faoin gcéad (100 %) trí bhearta lena ndírítear ar oiriúnú don athrú aeráide agus lena laghdaítear a n-astaíochtaí san earnáil mhuirí.

7. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir leis an Airteagal seo a chur chun feidhme. Agus an Ciste Aigéin á chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) chun a áirithiú go gcosnófar cistí i ndáil le bearta agus infheistíochtaí arna dtacú ag an gCiste Aigéin, i gcás nach n-urramaítear an smacht reachta sna Ballstáit. Chuige sin, soláthróidh an Coimisiún córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil agus déanfaidh sé méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil.

(*) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

(**) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 502

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 — mír 1 — pointe 6

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3gd a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3gda
	Socruithe conarthacha
	I gcás ina nglacfaidh eintiteas seachas an chuideachta loingseoireachta an fhreagracht deiridh, de bhun socrú conarthach, as ceannach breosla nó oibriú na loinge, beidh an t-eintiteas sin freagrach, faoin socrú conarthach, as na costais a thiocfaidh as comhlíonadh na n-oibleagáidí faoin Treoir seo a sheasamh.
	Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn "oibriú na loinge" an lastas atá á iompar ag an long nó bealach agus luas na loinge a chinneadh.
	Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh modhanna iomchuí agus éifeachtacha ag an gcuideachta loingseoireachta chun na costais dá dtagraítear sa chéad mhír den Airteagal seo a aisghabháil i gcomhréir le hAirteagal 16.

Leasú 503

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 — mír 1 — pointe 6

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3ge – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Breithneoidh an Coimisiún leasuithe féideartha i ndáil le glacadh birt dhomhanda margadhbhunaithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón muiriompar a laghdú. I gcás ina nglacfar le beart den sórt sin, agus in aon chás roimh athbhreithniú domhanda 2028 agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé scrúdú ar aon bheart den sórt sin. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndiaidh na tuarascála chun an Treoir seo a leasú de réir mar is iomchuí.	1. Breithneoidh an Coimisiún leasuithe féideartha i ndáil le glacadh birt dhomhanda mhargadhbhunaithe ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta ***(IMO)*** chun na hastaíochtaí gás ceaptha teasa ón muiriompar a laghdú. I gcás ina nglacfar le beart den sórt sin, agus in aon chás roimh athbhreithniú domhanda 2028 agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil i láthair Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé scrúdú ar aon bheart den sórt sin. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle i ndiaidh na tuarascála chun an Treoir seo a leasú de réir mar is iomchuí.
	Laistigh de 12 mhí ó ghlacadh an bhirt sin agus sula mbeidh an beart sin ag feidhmiú, agus in aon chás roimh athbhreithniú domhanda 2028 agus tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2028, cuirfidh an Coimisiún, le tacaíocht ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé scrúdú ar aon bheart den sórt sin.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Sa tuarascáil sin, scrúdófar uaillmhian agus sláine fhoriomlán chomhshaoil na mbeart arna gcinneadh ag IMO, lena n-áirítear a n-uaillmhian ghinearálta i ndáil le cuspóir Chomhaontú Pháras a bhaint amach maidir leis an méadú sa mheánteocht dhomhanda a uasteorannú ag 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, maidir le sprioc uile-Aontais um laghdú gás ceaptha teasta faoi 2030 agus maidir leis an sprioc aeráidneodrachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, agus déanfar comparáid ann idir sláine chomhshaoil fhoriomlán na mbeart sin agus sláine chomhshaoil fhoriomlán chur i bhfeidhm CTA AE i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach sa Treoir sin.

Cuirfear san áireamh sa tuarascáil leibhéal na rannpháirtíochta sna bearta domhanda sin, a n-in-fhorfheidhmitheacht, a dtrédhearcacht, pionóis i leith neamhchomhlíonadh, na próisis maidir le hionchur poiblí, faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí, clárlanna agus cuntasachta.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin ar thionchair dhíobhálacha maidir le, inter alia, méaduithe féideartha ar chostais iompair, saobhadh margaidh agus athruithe ar thrácht calafoirt, amhail seachaint calafoirt agus aistrithe mol trasloingsithe, iomaíochas foriomlán na hearnála muirí sna Ballstáit, agus go háirithe na drochthionchair ar na seirbhísí loingseoireachta sin a sholáthraíonn seirbhísí riachtanacha "leanúnachais críche".

I gcás ina nglacfar beart domhanda margadhbhunaithe den sórt sin chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar a laghdú i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus ar leibhéal atá inchomparáide, ar a laghad, leis an leibhéal a thagann as bearta an Aontais a dhéantar faoin Treoir seo, féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur leis an tuarascáil chun an Treoir seo a leasú agus í a ailíniú leis na bearta arna nglacadh ar an leibhéal domhanda agus fós ceannasacht an Aontais a aithint chun a sciar d'astaíochtaí ó mhuiraistir idirnáisiúnta loingseoireachta a rialú i gcomhréir le hoibleagáidí Chomhaontú Pháras.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 504

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 — mír 1 — pointe 6

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3ge – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme na Caibidle seo agus ar threochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mhéid a bhaineann le cuideachtaí a fhéachann gan a bheith faoi cheangal cheanglais na treorach seo. Más iomchuí, molfaidh an Coimisiún bearta chun seachaint den sórt sin a chosc.';	2. Déanfaidh an Coimisiún faireachán, agus tuairisceoidh sé go débhliantúil ón …[an bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na treorach leasaithí seo], ar chur chun feidhme na Caibidle seo agus ar threochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a mhéid a bhaineann le cuideachtaí a fhéachann gan a bheith faoi cheangal cheanglais na treorach seo. ***Déanfaidh an Coimisiún faireachán freisin ar thionchair dhíobhálacha maidir le, inter alia, méaduithe féideartha ar chostais iompair, saobhadh margaidh agus athruithe ar thrácht calafoirt amhail seachaint calafoirt agus aistrithe mol trasloingsithe, iomaíochas foriomlán na hearnála muirí sna Ballstáit, agus go háirithe na drochthionchair ar na seirbhísí loingseoireachta sin a chuireann seirbhísí riachtanacha leanúnachais críche ar fáil.*** Más iomchuí, molfaidh an Coimisiún bearta chun drochthionchair ***a d'fhéadfadh a bheith ar cheanglais na treorach seo nó chun dul timpeall orthu a chosc***.

Leasú 505

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 — mír 1 — pointe 6

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3ge a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3gea
	De mhaolú ar Airteagal 3g(1), i gcás ina bhfuil an t-achar atá idir calafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus calafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit níos lú ná 300 muirmhíle, beidh feidhm ag leithdháileadh lamháltas agus cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le tabhairt suas i leith gníomhaíochtaí muiriompair i leith céad faoin gcéad (100 %) d'astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit agus a thagann isteach i gcalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit, lena n-áirítear calafoirt trasloingsithe, agus céad faoin gcéad (100 %) d'astaíochtaí ó longa a thugann faoi mhuiraistir a imíonn ó chalafort atá lasmuigh de dhlínse Ballstáit, lena n-áirítear calafoirt trasloingsithe, agus a thagann isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 506/rev

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 3h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 3h	Airteagal 3h
Raon feidhme	Raon feidhme
Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le ceadanna astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leithdháileadh agus eisiúint lamháltas i ndáil le gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I seachas gníomhaíochtaí eitlíochta agus muiriompair.	**1.** Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le ceadanna astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leithdháileadh agus eisiúint lamháltas i ndáil le gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I seachas gníomhaíochtaí eitlíochta agus muiriompair.
	1a. Gan dochar do na forálacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE, ón 1 Eanáir 2026, beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le ceadanna astaíochtaí gás ceaptha teasa agus leithdháileadh agus eisiúint lamháltas i ndáil le suiteálacha loiscthe dramhaíola cathrach.
	1b. Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdóidh sé na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag cuimsiú suiteálacha loiscthe dramhaíola cathrach in CTA AE, ar dhiúscairt dramhaíola trí líonadh talún san Aontas agus ar onnmhairiú dramhaíola chuig tríú tíortha.
	Sa tuarascáil sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar an bhféidearthacht próisis eile bainistithe dramhaíola a áireamh in CTA AE, go háirithe líonadh talún lena gcruthaítear meatán agus astaíochtaí ocsaíde nítriúla san Aontas.
	I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ann ón gCoimisiún, a bheidh ag gabháil leis an tuarascáil sin, go háirithe i gcás ina bhfuil an acmhainneacht gann, chun na tionchair dá dtagraítear sa chéad fhomhír a chosc agus chun na próisis dá dtagraítear sa dara fomhír a áireamh in CTA AE.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 677

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
In [an bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm an leasaithe seo], laghdófar cainníocht na lamháltas uile-Aontais faoi [– milliún lamháltas (le cinneadh ag brath ar an mbliain theacht i bhfeidhm)]. Sa bhliain chéanna, méadófar cainníocht na lamháltas uile-Aontais faoi 79 milliún lamháltas le haghaidh an mhuiriompair. Ag tosú in [an bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm an leasaithe seo], is é 4,2 % a bheidh mar fhachtóir líneach. Foilseoidh an Coimisiún cainníocht na lamháltas uile-Aontais laistigh de 3 mhí ó [dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe seo le cur isteach].;	In [an bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm an leasaithe seo], laghdófar cainníocht na lamháltas uile-Aontais faoi 70 milliún lamháltas. In 2026, laghdófar cainníocht na lamháltas uile-Aontais faoi 50 milliún lamháltas. In [an bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an leasaithe seo], méadófar cainníocht uile-Aontais na lamháltas faoi [uimhir na lamháltas a chomhfhreagraíonn do raon feidhme chur i bhfeidhm CTA AE maidir le gníomhaíochtaí muiriompair mar a leagtar amach in Airteagal 3g] milliún lamháltas le haghaidh muiriompair. Ag tosú in 2024, is é 4,4 % a bheidh mar fhachtóir líneach go dtí deireadh 2025. ***Ag tosú in 2026, is é 4,5 % a bheidh mar fhachtóir líneach.*** Ag tosú in 2029, is é 4,6 % a bheidh mar fhachtóir líneach. Foilseoidh an Coimisiún cainníocht na lamháltas uile-Aontais laistigh de 3 mhí ó [dháta theacht i bhfeidhm an leasaithe seo le cur isteach].;

Leasú 508

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 10

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 9 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ón 1 Eanáir 2026, méadófar cainníocht uile-Aontais na lamháltas chun cuimsiú suiteálacha loiscthe dramhaíola cathrach in CTA AE a chur san áireamh. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar amach méid an mhéadaithe ar chainníocht uile-Aontais na lamháltas chun cuimsiú suiteálacha loiscthe dramhaíola cathrach in CTA AE a chur san áireamh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 509

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe a

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 3 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Thairis sin, cuirfear 2,5 % de chainníocht iomlán na lamháltas idir [an bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm na treorach] agus 2030 ar ceant le haghaidh an Chiste don Nuachóiriú. Is iad na Ballstáit is tairbhithe le haghaidh na cionranna sin lamháltas na mBallstát sin a bhfuil OTI per capita acu de réir margadhphraghsanna faoi bhun 65 % de mheán an Aontais sa tréimhse 2016 go 2018. Leithdháilfear na cistí a chomhfhreagraíonn don chainníocht sin lamháltas i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn IIb.	Thairis sin, cuirfear 2,5 % de chainníocht iomlán na lamháltas idir ***2024*** agus 2030 ar ceant le haghaidh an Chiste don Nuachóiriú. Is iad na Ballstáit is tairbhithe don mhéid sin lamháltas na Ballstáit sin ag a raibh OTI *per capita* ag margadhphraghsanna faoi bhun 65 % de mheán an Aontais le linn na tréimhse 2016 go 2018. Leithdháilfear na cistí a chomhfhreagraíonn don chainníocht lamháltas sin i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn IIb. ***Déanfar an chainníocht bhreise lamháltas dá dtagraítear san fhomhír seo a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun tionscadail trasteorann leis na Ballstáit is tairbhithe agus na réigiúin ísealfháis chóngaracha a chistiú.***
	Thairis sin, cuirfear 0,5 % de chainníocht iomlán na lamháltas idir … [an bhliain i ndiaidh theacht i bhfeidhm na treorach leasaithí seo] agus 2030 a chur ar fáil don Chiste Infheistíochta Aeráide arna bhunú faoi Airteagal 10a(8).

Leasú 510

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cinnfidh Ballstáit úsáid ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas, seachas le haghaidh na n-ioncam bunaithe mar acmhainní féin i gcomhréir le hAirteagal 311(3) de CFAE agus a iontráiltear i mbuiséad an Aontais. Úsáidfidh Ballstáit a n-ioncaim a ghintear ó cheantáil lamháltas dá dtagraítear i mír 2, seachas na hioncaim a úsáidtear chun costais charbóin indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 10a(6) a chúiteamh, le haghaidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas;	3. Cinnfidh Ballstáit úsáid ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas, seachas le haghaidh na n-ioncam bunaithe mar acmhainní féin i gcomhréir le hAirteagal 311(3) de CFAE agus a iontráiltear i mbuiséad an Aontais ***mar ioncam ginearálta***. ***Urramóidh an t-ioncam a fhabhróidh chuig buiséad an Aontais prionsabal na huilíochta i gcomhréir le hAirteagal 7 de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle (*)***. Úsáidfidh Ballstáit a n-ioncaim a ghintear ó cheantáil lamháltas dá dtagraítear i mír 2[, seachas na hioncaim a úsáidtear chun costais charbóin indíreacha dá dtagraítear in Airteagal 10a(6)], a chúiteamh, le haghaidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

(*) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 511

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe b a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b go pointe f

An téacs atá ann	*Leasú*
	(ba) i mír 3, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) go (f):
(b) chun fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt d'fhonn gealltanas an Aontais i ndáil le fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh, agus chun teicneolaíochtaí eile a fhorbairt lena gcuirtear leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin slán inbhuanaithe, agus chun cabhrú chun gealltanas an Aontais an éifeachtúlacht fuinnimh a ardú, ag na leibhéil a comhaontaíodh i ngníomhartha reachtacha ábhartha, a chomhlíonadh	"(b) chun fuinnimh in-athnuaite ***agus eangacha do tharchur leictreachais*** a fhorbairt d'fhonn gealltanas an Aontais i ndáil le fuinnimh in-athnuaite ***agus spriocanna an Aontais maidir le hidirnascacht*** a chomhlíonadh, agus chun teicneolaíochtaí eile a fhorbairt lena gcuirtear leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin slán inbhuanaithe, agus chun cabhrú chun gealltanas an Aontais an éifeachtúlacht fuinnimh a ardú, ag na leibhéil a comhaontaíodh i ngníomhartha reachtacha ábhartha, a chomhlíonadh***, lena n-áirítear leictreachas a tháirgeadh ó fhéintomhaltóirí fuinnimh in-athnuaite agus ó chomhphobail fuinnimh in-athnuaite;***
	(ba) tacú le hathchóiriú domhain agus céimneach a dhéanamh ar fhoirgnimh i gcomhréir le hAirteagal 2, pointe (19) agus pointe (20) de Threoir (AE)…/… [Athmhúnlú le EPBD], ag tosú le hathchóiriú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla;
(c) bearta lena ndéantar an dífhoraoisiú a sheachaint, agus an foraoisiú agus an t-athfhoraoisiú a mhéadú i dtíortha i mbéal forbartha a bhfuil an comhaontú idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide daingnithe acu, chun teicneolaíochtaí a aistriú agus éascaíocht a dhéanamh ar an oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide sna tíortha sin;	(c) bearta lena ndéantar an dífhoraoisiú a sheachaint ***agus tacú le cosaint agus le hathbhunú portaigh, foraoisí agus eiceachórais eile talún nó mara,*** agus an foraoisiú agus an t-athfhoraoisiú ***atá fabhrach don bhithéagsúlacht*** a mhéadú i dtíortha i mbéal forbartha a bhfuil an comhaontú idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide daingnithe acu, chun teicneolaíochtaí a aistriú agus éascaíocht a dhéanamh ar an oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide sna tíortha sin;
(d) gás ceaptha teasa a cheapadh san Aontas trí mheán na foraoiseachta;	(d) gás ceaptha teasa a cheapadh san Aontas trí mheán na foraoiseachta agus ***na hithreach***;
	(da) oiriúnú don athrú aeráide san Aontas;
(e) gabháil agus stóráil gheolaíoch CO2 ar bhealach atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de, go háirithe CO2 ó stáisiúin cumhachta breosla iontaise sholadaigh agus ó raon earnálacha agus fo-earnálacha tionsclaíochta, lena n-áirítear i dtríú tíortha;	(e) gabháil agus stóráil gheolaíoch CO2 ar bhealach atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de, go háirithe CO2 ó stáisiúin cumhachta breosla iontaise sholadaigh agus ó raon earnálacha agus fo-earnálacha tionsclaíochta, lena n-áirítear i dtríú tíortha***, agus modhanna nuálacha chun carbón a bhaint, amhail Gabháil Dhíreach ón Aer ('DAC') agus é a stóráil***;

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

An téacs atá ann	*Leasú*
(f) aistriú ***a spreagadh*** chuig modhanna iompair ***íseal-astaíochtaí agus*** modhanna iompair poiblí;	(f) infheistíocht a dhéanamh agus dlús a chur leis an aistriú chuig modhanna iompair a rannchuidíonn go suntasach le dícharbónú na hearnála, lena n-áirítear iompar paisinéirí agus iompar lasta d'iarnród agus seirbhísí bus agus teicneolaíochtaí a fhorbairt atá neamhdhíobhálach don aeráid, agus bearta a mhaoiniú chun tacú le dícharbónú aerfort i gcomhréir le Rialachán (AE)…/… [imscaradh bonneagar breoslaí malartacha], agus Rialachán (AE)…/… [cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe];"

Leasú 512

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) bearta atá ceaptha an éifeachtúlacht fuinnimh, córais téimh cheantair agus insliú a fheabhsú, nó tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam, lena n-áirítear trí chánacha ***saofa*** a laghdú;	(h) bearta atá ceaptha an éifeachtúlacht fuinnimh, córais téimh cheantair agus insliú a fheabhsú***, córas téimh agus fuaraithe éifeachtúla agus in-athnuaite,*** nó tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam, lena n-áirítear ***trí chánacha, dleachtanna agus muirir ar leictreachas in-athnuaite a laghdú go háirithe***;

Leasú 513

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) i mír 3, an chéad fhomhír, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"(ha) scéimeanna náisiúnta díbhinní aeráide a mhaoiniú a bhfuil tionchar dearfach cruthaithe acu mar atá doiciméadaithe sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);
	(*) Rialacháin (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, treoracha 94/22/CE, 98/70/CE, 2009/31/CE, 2009/73/CE, 2010/31/AE, 2012/27/AE agus 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, treoracha 2009/119/CE agus (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1)."

Leasú 514

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c b (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 – pointe k

An téacs atá ann	*Leasú*
	(cb) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, pointe (k):
(k) chun foirmiú scileanna agus athdháileadh an lucht saothair a chur chun cinn d'fhonn cur le haistriú cóir chuig geilleagar ***ísealcharbóin***, go háirithe sna réigiúin is mó atá thíos le haistriú post, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta.	"(k) chun foirmiú scileanna agus athdháileadh an lucht saothair a chur chun cinn d'fhonn cur le haistriú cóir chuig geilleagar aeráidneodrach, go háirithe sna réigiúin is mó atá thíos le haistriú post, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus infheistíocht a dhéanamh in uas-sciliú agus in athoiliúint oibrithe a bhféadfadh an t-aistriú difear a dhéanamh dóibh."

Leasú 515

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c c (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1 a (nua) agus fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cc) i mír 3, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach tar éis na chéad fhomhíre:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"De mhaolú ar an gcéad fhomhír, úsáidfidh na Ballstáit ar a laghad 10 % de na hioncaim a ghintear ó cheantáil lamháltas le haghaidh forbairt iompair phoiblí, go háirithe iompar paisinéirí agus iompair lasta d'iarnród agus seirbhísí bus agus teicneolaíochtaí atá neamhdhíobhálach don aeráid, dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad fhomhír.
	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, úsáidfidh na Ballstáit ar a laghad 10 % den ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas chun gníomhaíochtaí breise aeráide i dtríú tíortha leochaileacha a mhaoiniú, dá dtagraítear i bpointe (j) den chéad fhomhír."

Leasú 516

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c d (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(cd) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
Measfar forálacha na míre seo a bheith comhlíonta ag na Ballstáit má tá beartais fhioscacha nó tacaíochta airgeadais curtha i bhfeidhm acu agus á gcur chun feidhme acu, lena n-áirítear go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, nó beartais rialaitheacha intíre, a dhéanann tacaíocht airgeadais a ghiaráil, a bhunaítear chun na críocha a leagtar amach sa chéad fhomhír agus arb ionann a luach agus ***50 %*** de na hioncaim a ghintear ó cheantáil na lamháltas dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear na hioncaim uile ón gceantáil dá dtagraítear i mír 2, pointí (b) agus (c). Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le húsáid ioncaim agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun na míre seo ina dtuarascálacha a thíolaic siad faoi Chinneadh Uimh. 280/2004/CE.	"Measfar forálacha na míre seo a bheith comhlíonta ag na Ballstáit má tá beartais fhioscacha nó tacaíochta airgeadais curtha i bhfeidhm acu agus á gcur chun feidhme acu, lena n-áirítear go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, nó beartais rialaitheacha intíre, a dhéanann tacaíocht airgeadais a ghiaráil, a bhunaítear chun na críocha a leagtar amach sa chéad fhomhír agus arb ionann a luach agus ***100 %*** de na hioncaim a ghintear ó cheantáil na lamháltas dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear na hioncaim uile ón gceantáil dá dtagraítear i mír 2, pointí (b) agus (c). Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas maidir le húsáid ioncaim agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun na míre seo ina dtuarascálacha a thíolaic siad faoi Chinneadh Uimh. 280/2004/CE."

Leasú 517

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe c e (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 3 a (nua) agus mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ce) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Cuirfidh na Ballstáit plean faoi bhráid an Choimisiúin maidir le húsáid ioncaim in éineacht le gach nuashonrú ar an bplean comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2018/1999. I gcomhréir le hAirteagal 19(2) den Rialachán sin, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Choimisiúin freisin maidir le húsáid ioncaim agus na ngníomhaíochtaí arna ndéanamh de bhun mhír 3 den Airteagal seo. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis atá iomlán, d'ardchaighdeán agus comhsheasmhach a chur isteach. Go háirithe, saineoidh siad ina dtuarascálacha an bhrí atá leis na méideanna "gheallta" agus "eisíoctha", agus cuirfidh siad isteach faisnéis airgeadais chríochnúil. Más gá chun comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe sin a áirithiú, cuirfidh na Ballstáit ioncam i leataobh ina mbuiséid náisiúnta. ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcaithfear ioncaim CTA AE ar bhealach a bheidh comhsheasmhach leis na hoibleagáidí a leagtar síos i mír 3 agus go gcoimeádfar inrianaitheacht na n-ioncam sin, agus áiritheoidh siad go mbeidh siad sa bhreis ar an gcaiteachas náisiúnta ar an aeráid. Déanfaidh an Coimisiún gach beart is gá chun a áirithiú go n-urramóidh na Ballstáit a n-oibleagáidí tuairiscithe faoin mír seo.*** ***3b. Úsáidfidh na Ballstáit an t-ioncam a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant, agus nach n-úsáidtear mar acmhainní dílse, dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, i gcomhréir leis an méid seo a leanas:*** ***(a) na critéir "gan dochar suntasach a dhéanamh" mar a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852;*** ***(b) coimircí íosta mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2020/852; agus*** ***(c) plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide an Bhallstáit arna chur isteach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 agus, más ábhartha, an plean críochach um aistriú cóir arna ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).***

(*) Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 518

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe d a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 5

An téacs atá ann	*Leasú*
	(da) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:
5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fheidhmiú mhargadh carbóin na hEorpa. Gach bliain, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle ar fheidhmiú an mhargaidh carbóin agus faoi aon bheartas ábhartha eile aeráide ná fuinnimh, lena n-áirítear oibriú na gceantanna, an leachtacht agus na méideanna arna dtrádáil, agus ina ndéanfar achoimre ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit maidir leis na bearta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 10a(6). Más gá, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear aon fhaisnéis ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin dhá mhí ar a laghad sula nglacfaidh an Coimisiún an tuarascáil.	"5. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fheidhmiú mhargadh carbóin na hEorpa. Gach bliain, cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle ar fheidhmiú an mhargaidh carbóin agus faoi aon bheartas ábhartha eile aeráide ná fuinnimh, lena n-áirítear oibriú na gceantanna, ról agus tionchar na n-oibreoirí neamhchomhlíontachta amhail infheisteoirí airgeadais sa mhargadh, an leachtacht agus na méideanna arna dtrádáil, agus ina ndéanfar achoimre ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit maidir leis na bearta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 10a(6). Más gá, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear aon fhaisnéis ábhartha faoi bhráid an Choimisiúin dhá mhí ar a laghad sula nglacfaidh an Coimisiún an tuarascáil.";

Leasú 519

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe d b (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(db) cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	"5a. Tar éis thuarascáil deiridh an 28 Márta 2022 ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) maidir le lamháltais astaíochtaí agus díorthaigh ghaolmhara, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach faoin… [sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm na treorach seo] chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí sa tuarascáil sin, chun feabhas a chur ar leibhéal na trédhearcachta, an fhaireacháin agus an tuairiscithe ar na margaí Eorpacha lamháltas astaíochtaí agus ar mhargaí díorthach gaolmhara, agus nádúr uile-Aontais na margaí sin á chur san áireamh."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 520

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11 – pointe d c (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10 – mír 5 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(dc) cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	"5b. Déanfaidh ESMA faireachán go tráthrialta ar shláine agus ar thrédhearcacht na margaí lamháltas astaíochtaí Eorpacha chomh maith leis na margaí díorthach gaolmhara. Foilseoidh sé ar bhonn rialta tuarascáil maidir le sláine agus trédhearcacht na margaí sin, agus leas á bhaint aige, de réir mar is gá, as sonraí chlárlann an Aontais agus ar na sonraí arna dtuairisciú nó arna gcur ar fáil do na húdaráis inniúla. Sa tuarascáil sin, déanfaidh ESMA scrúdú go háirithe ar fheidhmiú na margaí i bhfianaise aon luaineacht sa mhargadh agus aon éabhlóid praghsanna, ar fheidhmiú na gceantanna agus na n-oibríochtaí trádála ar na margaí, ar leachtacht agus ar na méideanna a thrádáiltear, agus ar chatagóirí agus iompraíocht trádála rannpháirtithe sa mhargadh. Áireofar sa tuarascáil sin, i gcás inarb ábhartha, moltaí chun sláine an mhargaidh a neartú agus trédhearcacht an mhargaidh a fheabhsú. Déanfar breithniú sna moltaí sin, go háirithe, ar bhearta chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh agus don phobal i gcoitinne maidir le feidhmiú na margaí lamháltas astaíochtaí agus na margaí díorthach a bhaineann leo, feabhas a chur ar thuairisciú rialála agus ar an bhfaireachán ar an margadh i margaí lamháltas astaíochtaí agus i margaí na ndíorthach lena mbaineann, cosc ar dhrochúsáid mhargaidh a chur chun cinn agus a bhrath, agus cuidiú le margaí ordúla a chothabháil le haghaidh lamháltas astaíochtaí agus díorthach gaolmhar. ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na moltaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo sa chéad tuarascáil eile a thíolacfar de bhun mhír 5 tar éis fhoilsiú na tuarascála ó ESMA. I gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin chun trédhearcacht agus sláine na margaí lamháltas astaíochtaí agus na margaí díorthach gaolmhara a fheabhsú, agus cineál uile-Aontais na margaí sin á chur san áireamh."***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 521

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe a – pointe -i (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 1 – fomhír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
Leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a mhéid is féidir, cinnfear tagarmharcanna ex-ante uile-Aontais chun a áirithiú go ndéanfar an leithdháileadh ar bhealach a sholáthróidh dreasachtaí le haghaidh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar theicnící atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, trí na teicnící is éifeachtúla, ionadacha, próisis táirgthe mhalartacha, comhghiniúint ardéifeachtúlachta, aisghabháil éifeachtúil fuinnimh gás dramhaíola, úsáid bithmhaise agus gabháil agus stóráil CO2 a chur san áireamh, i gcás ina mbeidh saoráidí den sórt sin ar fáil, agus ní chuirfidh siad dreasachtaí ar fáil chun astaíochtaí a mhéadú. Ní dhéanfar aon leithdháileadh saor i ndáil le haon táirgeadh leictreachais, ***ach amháin i gcásanna a thagann faoi Airteagal 10c agus leictreachas arna tháirgeadh ó dhramhgháis.***	"Leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, a mhéid is féidir, cinnfear tagarmharcanna ex-ante uile-Aontais chun a áirithiú go ndéanfar an leithdháileadh ar bhealach a sholáthróidh dreasachtaí le haghaidh laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar theicnící atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de, trí na teicnící is éifeachtúla, ionadacha, próisis táirgthe mhalartacha, comhghiniúint ardéifeachtúlachta, aisghabháil éifeachtúil fuinnimh gás dramhaíola, úsáid bithmhaise agus gabháil agus stóráil CO2 a chur san áireamh, i gcás ina mbeidh saoráidí den sórt sin ar fáil, agus ní chuirfidh siad dreasachtaí ar fáil chun astaíochtaí a mhéadú. Ní dhéanfar aon leithdháileadh saor ***a chur ar fáil*** i ndáil le haon táirgeadh leictreachais."

Leasú 522

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe a – pointe i

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 1 – fomhír 2a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás suiteálacha a chumhdaítear leis an oibleagáid iniúchadh fuinnimh a dhéanamh faoi Airteagal 8(4) de Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) [tá an tagairt don Airteagal le tabhairt cothrom le dáta leis an Treoir athbhreithnithe], ní dheonófar leithdháileadh saor in aisce ina iomláine ach amháin má chuirtear moltaí na tuarascála iniúchóra chun feidhme, a mhéid nach mó ná ***5*** bliana an tréimhse aisghabhála le haghaidh na n-infheistíochtaí ábhartha agus go bhfuil costais na n-infheistíochtaí sin comhréireach. Thairis sin, laghdófar méid an leithdháilte saor in aisce ***faoi 25 %***. Ní laghdófar méid an leithdháilte saor in aisce má léiríonn oibreoir go bhfuil bearta eile curtha chun feidhme aige a bhfuil mar thoradh orthu laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá coibhéiseach leo siúd a mholtar sa tuarascáil iniúchóra. Déanfar na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a choigeartú dá réir sin.	I gcás suiteálacha a chumhdaítear leis an oibleagáid iniúchadh fuinnimh a dhéanamh ***nó corás bainistíochta fuinnimh deimhnithe a chur chun feidhme*** faoi Airteagal 8(4) de Threoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) [tá an tagairt don Airteagal le tabhairt cothrom le dáta leis an Treoir athbhreithnithe], ní dheonófar leithdháileadh saor in aisce ina iomláine ach amháin má chuirtear moltaí na tuarascála iniúchóra ***nó an chórais bainistíochta fuinnimh deimhnithe*** chun feidhme, a mhéid nach mó ná ***8*** mbliana an tréimhse aisghabhála le haghaidh na n-infheistíochtaí ábhartha agus go bhfuil costais na n-infheistíochtaí sin comhréireach. Thairis sin, laghdófar méid an leithdháilte saor in aisce ***i gcomhréir leis an naoú fomhír agus an deichiú fomhír den mhír seo***. Ní laghdófar méid an leithdháilte saor in aisce má léiríonn oibreoir go bhfuil bearta eile curtha chun feidhme aige a bhfuil mar thoradh orthu laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa atá coibhéiseach leo siúd a mholtar sa tuarascáil iniúchóra ***don suiteáil lena mbaineann***. Déanfar na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír ***den mhír seo*** a choigeartú dá réir sin.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	De bhreis ar na ceanglais a leagtar amach sa tríú fomhír den mhír seo, faoin 1 Iúil 2025, déanfaidh oibreoirí in earnálacha nó fo-earnálacha atá incháilithe le haghaidh saor-leithdháileadh lamháltas de bhun Airteagal 10a agus Airteagal 10b plean dícharbónaithe a bhunú do gach ceann dá suiteálacha dá gcuid gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo. Beidh an plean sin comhsheasmhach leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119 agus le haon treochláir earnála ábhartha arna n-ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin agus leagfar amach an méid seo a leanas:
	(a) bearta agus pleananna gaolmhara airgeadais agus infheistíochta do gach suiteáil chun na laghduithe astaíochtaí is gá a bhaint amach i gcomhréir leis an gcuspóir neodracht aeráide a leagtar amach in Airteagal 2 (1) de Rialachán (AE) 2021/1119 agus aon treochláir earnála ábhartha arna n-ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin ar leibhéal na suiteála, cé is moite d'úsáid creidmheasanna fritháirithe carbóin;
	(b) spriocanna idirmheánacha agus garspriocanna le tomhas, faoin 31 Nollaig 2025 agus faoin 31 Nollaig gach bliain ina dhiaidh sin go dtí 2050, an dul chun cinn a rinneadh i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach mar a leagtar amach i bpointe (a);
	(c) meastachán ar thionchar gach ceann de na bearta agus pleananna airgeadais agus infheistíochta gaolmhara dá dtagraítear i bpointe (a) maidir leis an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na spriocanna agus garspriocanna dá dtagraítear i bpointe (b);
	(d) bearta chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí atá ann don lucht saothair a athoiliúint agus a uas-sciliú, lena n-áirítear trí idirphlé sóisialta, i gcomhréir leis an dlí agus leis an gcleachtas náisiúnta, d'fhonn aistriú cóir a áirithiú.
	Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht airgeadais a thabhairt d'oibreoirí chun a bpleananna dícharbónaithe dá dtagraítear sa cheathrú fomhír a chur chun feidhme. Ní mheasfar gur Státchabhair neamhdhleathach í tacaíocht den sórt sin.
	Fíorófar gnóthú na spriocanna agus na ngarspriocanna dá dtagraítear i bpointe (b) den cheathrú fomhír faoin 31 Nollaig 2025 agus faoin 31 Nollaig gach cúigiú bliain ina dhiaidh sin go dtí 2050, i gcomhréir leis na nósanna imeachta maidir le fíorú agus creidiúnú dá bhforáiltear in Airteagal 15.
	Mura bhfuil aon phlean dícharbónaithe bunaithe i gcomhréir leis an gceathrú fomhír nó mura bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna sa phlean sin bainte amach, déanfar méid an leithdháilte shaoir a laghdú i gcomhréir leis an naoú fomhír agus leis an deichiú fomhír.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Tugtar de chumhacht don Choimisiún, le tacaíocht ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí íosmhéid inneachair agus formáide na bpleananna dícharbónaithe dá dtagraítear sa cheathrú fomhír den mhír seo a leagan amach, go háirithe maidir leis na tagarmharcanna le haghaidh na spriocanna agus na ngarspriocanna dá dtagraítear i bpointe (b) den fhomhír sin. Beidh na geallsealbhóirí ábhartha go léir bainteach leis na gníomhartha tarmligthe a bhunú agus a ghlacadh.
	I gcás nár comhlíonadh na ceanglais sa tríú fomhír nó sa cheathrú fomhír, déanfar an leithdháileadh saor a laghdú mar seo a leanas:
	(a) 50 % maidir leis na suiteálacha ar mó a leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa ná an meán don 10 % de na suiteálacha is lú éifeachtúlacht in earnáil nó i bhfo-earnáil san Aontas le haghaidh tagarmharcanna ábhartha táirgí;
	(b) 30 % maidir le suiteálacha ar lú a leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa ná meán an 10 % de na suiteálacha is lú éifeachtúlacht in earnáil nó i bhfo-earnáil san Aontas le haghaidh tagarmharcanna táirgí ábhartha agus os cionn mheán na 50 % de na suiteálacha is éifeachtúla san earnáil nó san fho-earnáil sin;
	(c) 25 % i gcás suiteálacha ar mó a leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa ná meán an 10 % de na suiteálacha is éifeachtúla in earnáil nó i bhfo-earnáil san Aontas le haghaidh tagarmharcanna táirgí ábhartha agus faoi bhun mheán an 50 % de na suiteálacha is éifeachtúla san earnáil nó san fho-earnáil sin.
	I gcás nár comhlíonadh na ceanglais sa tríú fomhír ná sa cheathrú fomhír, déanfar na céatadáin a leagtar amach sa naoú fomhír, pointe (a), pointe (b) agus pointe (c), a dhúbailt.
	Tabharfar leithdháileadh saor breise 10 % den luach tagarmhairc is infheidhme do shuiteálacha a bhfuil a leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi bhun an mheán 10 % de na suiteálacha is éifeachtúla in earnáil nó fo-earnáil san Aontas do na dtagarmharcanna táirgí ábhartha, ar choinníoll go bhfuil lamháltais ar fáil i gcomhréir leis an dara fomhír déag.
	Chun críche an leithdháilte shaoir bhreise dá dtagraítear san aonú fomhír déag, úsáidfear aon liúntais nach leithdháiltear de bharr laghdú ar leithdháileadh saor de réir an naoú fomhír agus an deichiú fomhír.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(*) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).	(*) Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO L 315, 14.11.2012, lch. 1).

Leasú 523

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe a – pointe ii

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 1 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Chun tuilleadh dreasachtaí a sholáthar chun astaíochtaí gáis ceaptha teasa a laghdú agus feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh, déanfar athbhreithniú ar na tagarmharcanna ex ante uile-Aontais a cinneadh ***roimh gach tréimhse ó 2026 go 2030*** i bhfianaise an modhnú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar shainmhínithe agus teorainneacha córas na dtagarmharcanna táirge reatha.	Chun dreasachtaí breise a sholáthar le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, déanfar athbhreithniú ar na tagarmharcanna ex-ante uile-Aontais a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí na … [6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na treorach leasaithí seo] i bhfianaise na féidearthachta go ndéanfaí sainmhínithe, raon feidhme agus teorainneacha córais tagarmharcanna táirgí atá ann cheana a mhodhnú, agus d'fhéadfaí a bheith san áireamh leithdháileadh saor do tháirgeadh táirge neamhspleách ar an mbunábhar nó ar an gcineál próisis táirgthe, i gcásanna ina mbeidh an cuspóir céanna ag na próisis táirgthe, agus gurb ionann é sin agus acmhainneacht úsáide ciorclach na n-ábhar, nó go seachnófar leo suiteálacha lena mbaineann próisis atá dícharbónaithe go páirteach nó go hiomlán lena dtáirgtear táirgí le saintréithe comhchosúla nó comhionanna le gnáthshuiteálacha sa tagarmharc a bheith á n-eisiamh ó na tagarmharcanna nó á gcoinneáil amach ó bheith rannpháirteach sna córais tagarmharcanna. ***Ba cheart na luachanna tagarmhairc ón athbhreithniú sin a fhoilsiú a luaithe a bheidh an fhaisnéis is gá ar fáil, ionas go mbeidh na luachanna tagarmhairc sin infheidhme ó 2026.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 678

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 1a – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar an bhfomhír ***roimhe seo***, le haghaidh na chéad bhlianta tar éis fheidhmiú Rialachán [SCCT], tairbheoidh táirgeadh na dtáirgí ***seo*** ón leithdháileadh saor in aisce i méideanna laghdaithe. Cuirfear fachtóir lena laghdófar an leithdháileadh saor in aisce le haghaidh tháirgeadh na dtáirgí ***sin*** i bhfeidhm (an fachtóir SCCT). Beidh an fachtóir SCCT cothrom le 100 % le haghaidh na tréimhse le linn theacht i bhfeidhm [rialachán SCCT] agus deireadh 2025, 90 % in 2026 agus laghdófar é faoi dheich bpointe céatadáin in aghaidh na bliana chun go mbainfidh sé 0 % amach faoin deichiú bliain.	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, le haghaidh na ***chéad*** bhlianta tar éis fheidhmiú Rialachán [SCCT], tairbheoidh táirgeadh na dtáirgí ***a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán sin*** ón leithdháileadh saor in aisce i méideanna laghdaithe. Cuirfear fachtóir lena laghdófar an leithdháileadh saor in aisce le haghaidh tháirgeadh na dtáirgí ***sin*** i bhfeidhm (an fachtóir SCCT). Beidh fachtóir SCCT cothrom le 100 % don tréimhse idir… [***dáta theacht i bhfeidhm*** [rialachán SCCT]] agus deireadh 2026***, agus, ag brath ar chur i bhfeidhm Airteagal 36 (3), pointe (d), de Rialachán (AE)…/… [Rialachán SCCT], 93 % in 2027, 84 % in 2028, 69 % in 2029, 50 % in 2030, agus 25 % in 2031, chun 0 % in 2032 a bhaint amach.***

Leasú 679

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 1a – fomhír 2 a (nua) agus fomhír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	D'fhonn cothroime iomaíochta a áirithiú, de mhaolú ar an gcéad fhomhír agus ar an dara fomhír, leanfar de shaor-leithdháileadh a thabhairt do tháirgeadh táirgí san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán [SCCT], ar choinníoll go bhfuil na táirgí sin táirgthe lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha gan sásraí praghsála carbóin cosúil le CTA AE.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Faoi… [bliain amháin roimh dheireadh na hidirthréimhse mar a leagtar amach i Rialachán [SCCT]], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina soláthróidh sé measúnú mionsonraithe ar éifeachtaí CTA AE agus SCCT ar tháirgeadh táirgí san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán [SCCT], ar táirgí iad atá táirgthe lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha agus ar fhorbairt astaíochtaí domhanda, chomh maith le measúnú ar chomhoiriúnacht EDT maidir leis an maolú a leagtar síos san fhomhír roimhe seo, lena ndéantar measúnú go háirithe ar shásraí coigeartaithe onnmhairiúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann do shuiteálacha a bhaineann leis an 10 % de na suiteálacha is éifeachtúla a leagtar síos san Airteagal seo, i bhfianaise chomhoiriúnacht na hEagraíochta Domhanda Trádála nó aon tograí eile a mheasann an Coimisiún is iomchuí. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur leis an tuarascáil sin lena bhforáiltear do chosaint i gcoinne an riosca sceite carbóin a chomhionannaíonn praghsáil carbóin chun táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán [SCCT] a tháirgeadh san Aontas, ar táirgí iad a tháirgtear lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha gan sásraí praghsála carbóin atá cosúil le CTA AE ar bhealach atá comhoiriúnach le EDT faoin… [deireadh na hidirthréimhse mar a leagtar amach i Rialachán [SCCT]].

Leasú 529

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 1a – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfear leithdháiltí a leanann as an laghdú ar leithdháileadh saor in aisce ar fáil chun ***tacú leis an nuálaíocht*** i gcomhréir le hAirteagal 10a(8).	Cuirfear leithdháiltí a leanann as an laghdú ar leithdháileadh saor in aisce ar fáil don Chiste Infheistíochta Aeráide i gcomhréir le hAirteagal 10a(8).

Leasú 530

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe b a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 1 a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"1aa. Gach bliain ó 2025, mar chuid dá thuarascáil bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 10(5), déanfaidh an Coimisiún measúnú ar éifeachtacht sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ('SCCT') maidir le haghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin d'earraí a tháirgtear san Aontas chun onnmhairiú chuig tríú tíortha nach gcuireann CTA AE nó sásra comhchosúil praghsála carbóin i bhfeidhm. Déanfar measúnú sa tuarascáil go háirithe ar fhorbairt onnmhairí an Aontais in earnálacha SCCT agus ar na forbairtí maidir le sreafaí trádála agus astaíochtaí leabaithe na n-earraí sin ar an margadh domhanda. I gcás inarb é conclúid na tuarascála go bhfuil riosca sceite carbóin ann d'earraí a tháirgtear san Aontas chun onnmhairiú chuig na tríú tíortha sin nach gcuireann CTA AE nó sásra praghsála carbóin den chineál céanna i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin ar bhealach a chomhlíonann rialacha EDT agus a gcuireann dícharbónú suiteálacha san Aontas san áireamh."

Leasú 531

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe c – pointe ii

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 2 – fomhír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Le linn na tréimhse ó 2026 go 2030, cinnfear na luachanna tagarmhairc ar an mbealach céanna a leagtar amach i bpointí (a) agus (d) ar bhonn faisnéis a thíolacfar de bhun Airteagal 11 le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022 agus ar bhonn an ráta bliantúil maidir le laghdú a chur i bhfeidhm i leith gach bliana idir 2008 agus 2028.';	(c) Le linn na tréimhse ó 2026 go 2030, cinnfear na luachanna tagarmhairc ar an mbealach céanna a leagtar amach i bpointí (a) agus (d) ar bhonn faisnéis a thíolacfar de bhun Airteagal 11 le haghaidh na mblianta 2021 agus 2022, lena n-eisiafar ó chinneadh na luachanna tagarmhairc sonraí maidir le trí suiteáil ar a laghad a tháirgeann a lán astaíochtaí a thosaigh ag oibriú in 2017 nó a fuair leithdháileadh saor in aisce bunaithe ar thagarmharc eile, agus ar bhonn an ráta bliantúil maidir le laghdú a chur i bhfeidhm i leith gach bliana idir 2008 agus 2028.;

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 532

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe c – pointe ii

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 2 – fomhír 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) I gcás inar mó ná 2,5 % an ráta bliantúil maidir le laghdú nó i gcás inar lú ná ***0,2 %*** é, is iad na luachanna tagarmhairc don tréimhse ó 2026 go 2030 na luachanna tagarmhairc is infheidhme sa tréimhse ó 2013 go 2020 agus iad laghdaithe de cibé ceann den dá ráta is ábhartha i leith gach bliana idir 2008 agus 2028.	(d) I gcás inar mó ná 2,5 % an ráta bliantúil maidir le laghdú nó i gcás inar lú ná ***0,4 %*** é, is iad na luachanna tagarmhairc don tréimhse ó 2026 go 2030 na luachanna tagarmhairc is infheidhme sa tréimhse ó 2013 go 2020 agus iad laghdaithe de cibé ceann den dá ráta is ábhartha i leith gach bliana idir 2008 agus 2028.

Leasú 533

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe d a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:
5. D'fhonn cloí leis an sciar cheantála a leagtar amach in Airteagal 10, déanfar, i gcás gach bliana nach sroicheann suim na saor-leithdháiltí an t-uasmhéid lena n-urramaítear an sciar cheantála, na lamháltais atá fágtha suas go dtí an méid sin a úsáid chun laghdú na saor-leithdháiltí a chosc nó a theorannú d'fhonn an sciar cheantála a urramú sna blianta atá le teacht. Mar sin féin, i gcás ina sroichtear an t-uasmhéid, déanfar saor-leithdháiltí a choigeartú dá réir sin. Déanfar aon choigeartú den sórt sin ar bhealach aonfhoirmeach.	"5. D'fhonn cloí leis an sciar cheantála a leagtar amach in Airteagal 10, déanfar, i gcás gach bliana nach sroicheann suim na saor-leithdháiltí an t-uasmhéid lena n-urramaítear an sciar cheantála, na lamháltais atá fágtha suas go dtí an méid sin a úsáid chun laghdú na saor-leithdháiltí a chosc nó a theorannú d'fhonn an sciar cheantála a urramú sna blianta atá le teacht. Mar sin féin, i gcás ina sroichtear an t-uasmhéid, déanfar saor-leithdháiltí a choigeartú dá réir sin. Déanfar aon choigeartú den sórt sin ar bhealach aonfhoirmeach. Mar sin féin, suiteálacha a bhfuil a leibhéil astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi bhun mheán an 10 % de na suiteálacha is éifeachtúla in earnáil nó i bhfo-earnáil san Aontas le haghaidh na dtagarmharcanna ábhartha i mbliain nuair atá feidhm ag an gcoigeartú, díolmhófar ón gcoigeartú iad."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 534

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar ***365*** milliún lamháltas, ón méid a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce de bhun an Airteagail seo, agus ***85*** milliún lamháltas, ón méid a d'fhéadfaí a chur ar ceant de bhun Airteagal 10, chomh maith leis na lamháltais a leanann as an leithdháileadh saor in aisce a laghdú dá dtagraítear in Airteagal 10a(1a), a chur ar fáil do Chiste ***leis*** an gcuspóir tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ***agus próisis ísealcharbóin*** agus chun rannchuidiú le cuspóirí maidir le truailliú nialasach ***(an*** "***Ciste*** don Nuálaíocht"). Lamháltais nach n-eisítear chuig oibreoirí aerárthaigh mar gheall ar dhúnadh oibreoirí aerárthaigh agus nach bhfuil gá leo chun aon easnamh i dtabhairt suas ag na hoibreoirí sin a chumhdach, úsáidfear iad chomh maith le haghaidh tacaíocht nuálaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.	Déanfar ***390*** milliún lamháltas, ón méid a d'fhéadfaí a leithdháileadh ar shlí eile saor in aisce de bhun an Airteagail seo, agus ***110*** milliún lamháltas, ón méid a d'fhéadfaí a chur ar ceant de bhun Airteagal 10, chomh maith leis na ***lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an cúigiú fomhír, ar fáil do Chiste (an "Ciste Infheistíochta Aeráide"). Ina theannta sin, déanfar aon*** lamháltais a leanann as an leithdháileadh saor a laghdú, dá dtagraítear in Airteagal 10a(1a), a chur ar fáil ***freisin don Chiste Infheistíochta Aeráide. Beidh sé de chuspóir ag an gCiste Infheistíochta Aeráide*** tacú leis an nuálaíocht ***i dteicnící, i bpróisis agus i dteicneolaíochtaí a rannchuidíonn go suntasach le dícharbónú na n-earnálacha a chumhdaítear leis an Treoir seo*** agus a rannchuidíonn le cuspóirí neamh-thruaillithe agus ***ciorclaithe, chomh maith le méadú a dhéanamh ar theicnící, próisis agus teicneolaíochtaí a fhéadfar a mheas nach bhfuil nuálach a thuilleadh, ach, mar sin féin, a bhfuil acmhainneacht acu astaíochtaí suntasacha gás ceaptha teasa a laghdú agus a rannchuidíonn le laghdú fuinnimh agus acmhainní i gcomhréir le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030.*** Chun an nuálaíocht a chothú i dteicneolaíochtaí ceannródaíocha a luaithe is féidir, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go ndéanfar an maoiniú a chuirtear ar fáil tríd an gCiste Infheistíochta Aeráide a "thús-ualú" le linn na tréimhse ó … go … [na chéad chúig bliana de chur chun feidhme na treorach seo]. Lamháltais nach n-eisítear chuig oibreoirí aerárthaigh mar gheall ar dhúnadh oibreoirí aerárthaigh agus nach bhfuil gá leo chun aon easnamh i dtabhairt suas ag na hoibreoirí sin a chumhdach, úsáidfear iad chomh maith le haghaidh tacaíocht nuálaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 535

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Sa bhreis air sin, le 50 milliún lamháltas neamh-leithdháilte ó chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh, forlíonfar aon ioncam a bheidh fágtha ón 300 milliún lamháltas atá ar fáil sa tréimhse ó 2013 go 2020 faoi Chinneadh 2010/670/AE ón gCoimisiún (*) agus úsáidfear iad ar bhealach tráthúil le haghaidh tacaíocht nuálaíochta dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Ina theannta sin, leithdháilfear na hioncaim shannta sheachtracha dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) [FuelEU Maritime] chuig an gCiste don Nuálaíocht agus cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis an mír seo.	Sa bhreis air sin, le 50 milliún lamháltas neamh-leithdháilte ó chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh, forlíonfar aon ioncam a bheidh fágtha ón 300 milliún lamháltas atá ar fáil sa tréimhse ó 2013 go 2020 faoi Chinneadh 2010/670/AE ón gCoimisiún (*) agus úsáidfear iad ar bhealach tráthúil le haghaidh tacaíocht do nuálaíocht agus ***do dhícharbónú*** dá dtagraítear sa chéad fhomhír. Ina theannta sin, leithdháilfear na hioncaim shannta sheachtracha dá dtagraítear in Airteagal 5(6) de Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ***(**)*** chuig an gCiste Aigéin arna bhunú le hAirteagal 3gab agus cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis an mír seo.

(*) Cinneadh 2010/670/AE ón gCoimisiún an 3 Samhain 2010 lena leagtar síos na critéir agus na bearta maidir le maoiniú tionscadal taispeántais tráchtála atá ceaptha CO2 a ghabháil ar bhealach sábháilte ó thaobh an chomhshaoil agus a stóráil go geolaíoch chomh maith le tionscadail taispeántais de theicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite faoin scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas arna bunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 290, 6.11.2010, lch. 39).

(*) Cinneadh 2010/670/AE ón gCoimisiún an 3 Samhain 2010 lena leagtar síos na critéir agus na bearta maidir le maoiniú tionscadal taispeántais tráchtála atá ceaptha CO2 a ghabháil ar bhealach sábháilte ó thaobh an chomhshaoil agus a stóráil go geolaíoch chomh maith le tionscadail taispeántais de theicneolaíochtaí nuálacha fuinnimh in-athnuaite faoin scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas arna bunú le Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 290, 6.11.2010, lch. 39).

(**) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 536

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cumhdóidh an Ciste don ***Nuálaíocht*** na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I gus Iarscríbhinn III***, lena n-áirítear gabháil agus úsáid dé-ocsaíde carbóin ("CCU") atá sábháilte don chomhshaol agus a rannchuidíonn go suntasach le tionchair an athraithe aeráide a mhaolú***, chomh maith le táirgí a úsáidtear in ionad cinn atá dian ó thaobh úsáid carbóin de a tháirgtear sna hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus chun cabhrú le spreagadh a thabhairt chun tionscadail a thógáil agus a oibriú arb é is aidhm dóibh CO2 a ghabháil agus a stóráil ("CCS") go geolaíoch ar dhóigh atá sábháilte don chomhshaol, ***agus spreagadh a thabhairt freisin do theicneolaíochtaí nuálacha*** a bhaineann le ***fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh***; ***in áiteanna atá cothrom ó thaobh na geografaíochta de.*** Féadfaidh an ***Ciste don Nuálaíocht*** tacú freisin le teicneolaíochtaí nuálacha agus bonneagar nuálach ceannródaíoch ***chun an earnáil mhuirí a dhícharbónú agus chun breoslaí ísealcharbóin nó breoslaí saor ó charbóna tháirgeadh le haghaidh na heitlíochta,*** an iarnróid agus an iompair de bhóthar. Tabharfar aird ar leith ar thionscadail in earnálacha a chumhdaítear faoin [rialachán SCCT] d'fhonn tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ***ísealcharbóin***, ***CCU, CCS,*** fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ar bhealach a rannchuidíonn leis an athrú aeráide a mhaolú.	Cumhdóidh an Ciste ***Infheistíochta Aeráide*** na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I gus Iarscríbhinn III***, amhail fuinneamh in-athnuaite nuálach agus teicneolaíochtaí stórála fuinnimh,*** chomh maith le táirgí ***agus próisis*** a úsáidtear in ionad cinn atá dian ó thaobh úsáid carbóin de a tháirgtear sna hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus chun cabhrú le spreagadh a thabhairt chun tionscadail ***nuálacha*** a thógáil agus a oibriú atá dírithe ar ghabháil agus úsáid ***carbóin ("CCU") ar bhealach atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de a chuideoidh go mór leis an athrú aeráide a mhaolú, go háirithe i gcás astaíochtaí próisis thionsclaíocha dho-sheachanta, gabháil, iompar agus buanstóráil CO_2 go geolaíoch ("CCS") ar dhóigh atá sábháilte don chomhshaol, agus gabháil dhíreach CO_2 ón atmaisféar le buanstóráil sábháilte agus inbhuanaithe ("DACS"). Féadfar infheistíochtaí i*** dteicneolaíochtaí in-athnuaite ***hidrigine a spreagadh freisin, i gcás inarb iomchuí. Tacóidh an Ciste Infheistíochta don Aeráid freisin*** le teicneolaíochtaí nuálacha agus bonneagar nuálach ceannródaíoch chun an iarnróid agus an iompair de bhóthar a dhícharbónú***, lena n-áirítear foirmeacha comhchoiteanna iompair amhail iompar poiblí agus seirbhísí ócáideacha cóiste, agus sineirgí á lorg ag an am céanna le Fís Eorpach, go háirithe le comhpháirtíochtaí Eorpacha agus, i gcás inarb ábhartha, le cláir eile de chuid an Aontais.*** Tabharfar aird ar leith ar thionscadail***, lena n-áirítear le haghaidh onnmhairí,*** in earnálacha a chumhdaítear faoin [rialachán SCCT] d'fhonn tacú leis an nuálaíocht i ***dteicnící agus i dteicnící a chur chun feidhme a rannchuidíonn go suntasach le dícharbónú na n-earnálacha a chumhdaítear leis an Rialachán sin, CCU, CCS, iompar CO_2***, fuinneamh in-athnuaite agus stóráil fuinnimh, ar bhealach a rannchuidíonn leis an athrú aeráide a mhaolú ***i gcomhréir leis na spriocanna agus na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 le haghaidh 2030 agus 2050, agus aistriú cothrom a dhéanamh agus an tairbhe is imeallaí a bhaint amach i dtéarmaí laghduithe astaíochtaí in aghaidh na tacaíochta arna soláthar. Leis an gCiste Infheistíochta Aeráide, féadfar tacú freisin le teicneolaíochtaí nuálacha ceannródaíocha atá dírithe ar astaíochtaí a laghdú san earnáil dramhaíola.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 537

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Úsáidfear 12 % ar a laghad de na lamháltais a chuirfear ar fáil don Chiste Infheistíochta Aeráide chun foinsí fuinnimh in-athnuaite a fhorbairt agus a imlonnú tuilleadh san Aontas i gcomhréir le Treoir (AE) …/… [RED athbhreithnithe].

Leasú 538

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh an Ciste Infheistíochta Aeráide tacú le CCDanna chun tacú le teicneolaíochtaí dícharbónaithe a bhféadfadh sé nach dreasacht leordhóthanach é praghas carbóin dóibh. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh i ndáil leis na rialacha maidir le hoibriú CCDanna faoin 31 Nollaig 2023.
	Beidh tacaíocht airgeadais ón gCiste Infheistíochta Aeráide comhréireach leis na cuspóirí beartais a leagtar amach san Airteagal seo agus ní bheidh saobhadh míchuí ar an margadh inmheánach mar thoradh uirthi. Chuige sin, ní dheonófar cistí ach amháin chun costais bhreise nó rioscaí infheistíochta a chumhdach nach féidir le hinfheisteoirí a íoc faoi ghnáthdhálaí margaidh. Dá réir sin, ní bheidh mar thoradh ar chabhair ón gCiste Infheistíochta Aeráide idirdhealú éagórach maidir le táirgí allmhairithe iomaíocha, mar a cheanglaítear faoi rialacha EDT.
	I gcás ina mbeidh praghas CTA AE níos airde ná an praghas ceangail ar ar bronnadh an tionscadal, aisíocfaidh an tairbhí an difríocht leis an gCiste Infheistíochta Aeráide.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 539

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh tionscadail i gcríoch gach Ballstáit, tionscadail ar mhionscála san áireamh, incháilithe. Teicneolaíochtaí a gheobhaidh tacaíocht, beidh siad nuálach agus ní bheidh siad ar fáil ó thaobh tráchtála go fóill ar scála comhchosúil gan tacaíocht, ach beidh siad ina réitigh cheannródaíocha nó beidh siad aibí a ndóthain chun iad a chur i bhfeidhm ar scála ***réamhthráchtála***.	Beidh tionscadail i gcríoch gach Ballstáit, lena n-áirítear tionscadail ar ***mheánscála agus ar*** mhionscála, incháilithe. Teicneolaíochtaí a gheobhaidh tacaíocht, beidh siad nuálach***, léireoidh siad acmhainneacht maidir le laghdú gás ceaptha teasa ar mhórscála***, agus ní ***bheidh*** siad ar fáil ó thaobh tráchtála go fóill ar scála comhchosúil gan tacaíocht, ach beidh siad ina réitigh cheannródaíocha***, nó nach féidir a chur chun feidhme go fóill,*** nó beidh siad aibí a ndóthain ***ó thaobh na teicneolaíochta de*** chun iad a chur i bhfeidhm ar scála ***(réamh)thráchtála, nó rannchuideoidh siad go mór leis an gcuspóir maidir le neodracht aeráide agus ní fhéadfar iad a úsáid ar mhórscála gan tacaíocht***.

Leasú 540

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na lamháltais atá dírithe ar an gCiste ***don Nuálaíocht*** ar ceant i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na módúlachtaí a leagtar síos in Airteagal 10(4). Ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna fáltais ón gceantáil. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le bearta ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.	Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na lamháltais atá dírithe ar an gCiste ***Infheistíocha Aeráide*** ar ceant i gcomhréir leis na prionsabail agus leis na módúlachtaí a leagtar síos in Airteagal 10(4). Ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) den Rialachán Airgeadais a bheidh sna fáltais ón gceantáil. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le bearta ar faide ná aon bhliain airgeadais amháin iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 541

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Roghnófar tionscadail ar bhonn critéir oibiachtúla, thrédhearcacha, agus aird á tabhairt, i gcás inarb ábhartha, ar a mhéid a rannchuidíonn tionscadail le laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach go mór faoi bhun na dtagarmharcanna dá dtagraítear i mír 2. Beidh d'acmhainneacht ag tionscadail go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm go forleathan nó costais a laghdú i leith aistriú chuig geilleagair ***ísealcharbóin*** sna hearnálacha lena mbaineann. Le tionscadail lena mbaineann CCU, léireofar glanlaghdú in astaíochtaí agus áiritheofar go ndéanfar CO_2 a sheachaint nó a stóráil go buan. I gcás deontais a chuirtear ar fáil trí ghlao ar thograí, féadfar tacú le suas le 60 % de chostais ábhartha na dtionscadal agus as a measc sin ní gá suas le 40 % a bheith ag brath ar sheachaint astaíochtaí gás ceaptha teasa atá fíoraithe, ar choinníoll go ndéanfar garspriocanna réamhshocraithe, agus an teicneolaíocht atá in úsáid á cur san áireamh, a bhaint amach. I gcás tacaíocht a chuirtear ar fáil trí thairiscint iomaíoch agus i gcás tacaíocht cúnaimh teicniúil, féadfar tacú le suas le 100 % de chostais ábhartha na dtionscadal.	Roghnófar tionscadail ***trí nós imeachta roghnúcháin trédhearcach, ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de i gcomhréir le cuspóirí an Chiste Infheistíochta Aeráide mar a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo*** agus ar bhonn critéir oibiachtúla, thrédhearcacha, agus aird á tabhairt***, ar a mhéid a rannchuidíonn tionscadail go suntasach le spriocanna aeráide agus fuinnimh an Aontais agus, san am céanna, rannchuidiú leis na cuspóirí nialasacha truaillithe agus ciorclaíochta i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo, chomh maith leis an ngá atá le dáileadh cothrom geografach tionscadal a áirithiú i gcomhréir le fomhír 6a den mhír seo,*** i gcás inarb ábhartha, ar a mhéid a rannchuidíonn tionscadail le laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach go mór faoi bhun na dtagarmharcanna dá dtagraítear i mír 2. Beidh d'acmhainneacht ag tionscadail go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm go forleathan nó costais a laghdú i leith aistriú chuig geilleagair ***aeráidneodrach*** sna hearnálacha lena mbaineann***. Tabharfar tosaíocht do theicneolaíochtaí agus do phróisis lena dtugtar aghaidh ar thionchair iomadúla ar an gcomhshaol.*** Le tionscadail lena mbaineann CCU, léireofar glanlaghdú in astaíochtaí agus áiritheofar go ndéanfar CO_2 a sheachaint nó a stóráil go buan. I gcás deontais a chuirtear ar fáil trí ghlao ar thograí, féadfar tacú le suas le 60 % de chostais ábhartha na dtionscadal agus as a measc sin ní gá suas le 40 % a bheith ag brath ar sheachaint astaíochtaí gás ceaptha teasa atá fíoraithe, ar choinníoll go ndéanfar garspriocanna réamhshocraithe, agus an teicneolaíocht atá in úsáid á cur san áireamh, a bhaint amach. I gcás tacaíocht a chuirtear ar fáil trí thairiscint iomaíoch agus i gcás tacaíocht cúnaimh teicniúil, féadfar tacú le suas le 100 % de chostais ábhartha na dtionscadal. ***Tionscadail a rachaidh chun tairbhe do dhícharbónú gníomhaithe eile i limistéir gheografacha in aice láimhe le hastaíochtaí a laghdú, tabharfar cóir fhabhrach dóibh sna critéir arna n-úsáid chun tionscadail a roghnú.***
	Tionscadail arna gcistiú ag an gCiste Infheistíochta Aeráide, cuirfear de cheangal orthu eolas a chomhroinnt le tionscadail ábhartha eile agus le taighdeoirí atá bunaithe san Aontas agus a bhfuil leas dlisteanach acu. Déanfaidh an Coimisiún téarmaí na comhroinnte eolais a shainiú i nglaonna ar thograí.
	Beidh na glaonna ar thogra oscailte agus trédhearcach agus leagfar amach go soiléir na cineálacha teicneolaíochtaí ar féidir tacú leo. Agus na glaonna ar thogra á n-ullmhú aige, áiritheoidh an Coimisiún go gcumhdófar gach earnáil go cuí. Déanfaidh an Coimisiún bearta chun a áirithiú go gcuirfear na glaonna in iúl chomh forleathan agus is féidir, agus go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ("FBManna").

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 542

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh sé d'aidhm ag an gCiste Infheistíochta Aeráide tacaíocht chothrom gheografach a thabhairt, do thacaíocht arna soláthar i bhfoirm CCDanna, agus do thionscadail a bhaineann le méadú, agus san am céanna an cháilíocht is airde is féidir a áirithiú maidir leis na tionscadail agus seasamh leis na critéir roghnúcháin dá dtagraítear sa séú fomhír den mhír seo, agus cúinsí sonracha earnálacha agus riachtanais infheistíochta, go háirithe sna hearnálacha a chumhdaítear le hAirteagal 3g agus Caibidil IVa, á gcur san áireamh.

Leasú 543

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le hoibriú an Chiste ***don Nuálaíocht***, lena n-áirítear an nós imeachta agus na critéir roghnúcháin, agus na hearnálacha incháilithe agus ceanglais teicneolaíocha le haghaidh na gcineálacha éagsúla tacaíochta.	Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh maidir le hoibriú an Chiste ***Infheistíochta Aeráide***, lena n-áirítear an nós imeachta agus na critéir roghnúcháin***, rannpháirtíocht na FMBanna***, agus na hearnálacha incháilithe agus ceanglais teicneolaíocha le haghaidh na gcineálacha éagsúla tacaíochta. ***Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún amchlár ag tús-ualaithe na tacaíochta ón gCiste Infheistíochta Aeráide go dtí tús na tréimhse a leagan amach. Agus an Ciste Infheistíochta Aeráide á chur chun feidhme, déanfaidh an Coimisiún gach beart is iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 chun a áirithiú go gcosnófar cistí i ndáil le bearta agus infheistíochtaí arna dtacú ag an gCiste Infheistíochta Aeráide, i gcás nach n-urramaítear an smacht reachta sna Ballstáit. Chuige sin, soláthróidh an Coimisiún córas rialaithe inmheánaigh a bheidh éifeachtach agus éifeachtúil agus déanfaidh sé méideanna a íocadh go míchuí nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil.*** ***Chun aistriú cothrom agus cóir a áirithiú, cuirfear san áireamh sna critéir roghnúcháin coimircí comhshaoil agus sóisialta. Bainfear úsáid as na hacmhainní airgeadais go léir ón gCiste Infheistíochta Aeráide i gcomhréir leis an méid seo a leanas:*** ***(a) na critéir "gan dochar suntasach a dhéanamh" mar a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852;***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) coimircí íosta mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2020/852.
	I gcás tacaíocht trí CCDanna, ceadófar leis na gníomhartha tarmligthe sin tairiscint atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus iomaíoch ó thaobh praghais de i gcomhréir le cuspóirí an Chiste Infheistíochta Aeráide mar a leagtar amach sa chéad fhomhír iad.

Leasú 544

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 12 – pointe g

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10a – mír 8 – fomhír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Gach dhá bhliain, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina leagfar amach comhsheasmhacht na dtionscadal arna gcistiú tríd an gCiste Infheistíochta Aeráide agus cuspóir na haeráidneodrachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, an dul chun cinn a rinneadh i dtreo úsáid na n-infheistíochtaí a bhfuil tuairisc orthu sna pleananna dícharbónaithe tionsclaíocha, agus a phlean gníomhaíochta don chéad tréimhse dhá bhliain eile.

Leasú 545

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) in Airteagal 10c, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:	(13) scriostar Airteagal 10c;
"Ceanglóidh na Ballstáit ar shuiteálacha giniúna leictreachais agus ar oibreoirí líonra is tairbhithe tuarascáil a thabhairt, faoin 28 Feabhra gach bliain, maidir le cur chun feidhme a n-infheistíochtaí roghnaithe, lena n-áirítear iarmhéid an leithdháilte saor in aisce agus an chaiteachais infheistíochta a tabhaíodh agus na cineálacha infheistíochtaí a dtacaítear leo. Tabharfaidh na Ballstáit tuarascáil don Choimisiún maidir leis sin, agus cuirfidh an Coimisiún na tuarascálacha sin ar fáil don phobal.";	

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 546

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 13 a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(13a) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:
	"Airteagal 10ca
	Leithdháileadh saor idirthréimhseach chun an earnáil fuinnimh a nuachóiriú
	Aon lamháltais le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach do nuachóiriú na hearnála fuinnimh nár leithdháileadh ar oibreoirí sna Ballstáit lena mbaineann faoin 31 Nollaig 2023, cuirfear iad le cainníocht iomlán na lamháltas a fhaigheann an Ballstát lena mbaineann lena gcur ar ceant de bhun Airteagal 10(2), pointe (a). Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit na lamháltais sin a úsáid, nó cuid de na lamháltais sin, i gcomhréir le hAirteagal 10d chun tacú le hinfheistíochtaí faoi chuimsiú an Chiste don Nuachóiriú."

Leasú 547

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe a

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 1 – fomhír 1 a (nua) agus fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Ní dheonófar tacaíocht ón gCiste don Nuachóiriú ach amháin do Bhallstáit a bhfuil spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí glactha acu chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí, chomh maith le bearta chun na breoslaí iontaise go léir a chéimniú amach laistigh de thréimhse a bheidh ag teacht leis na spriocanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119.
	Ina theannta sin, ní dhéanfar aon tacaíocht faoin gCiste don Nuachóiriú a sholáthar chun tacú le hinfheistíochtaí arna moladh ag Ballstát is tairbhí a bhfuil an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ar siúl ina leith nó ar ghlac an Chomhairle cinneadh cur chun feidhme maidir le bearta iomchuí ina leith de bhun an Airteagail sin.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 548

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe a

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Beidh na hinfheistíochtaí sin a fhaigheann tacaíocht ag teacht le haidhmeanna na treorach seo, chomh maith le cuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (*) agus Rialachán (AE) 2021/1119 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**)*** agus leis na cuspóirí fadtéarmacha a leagtar síos i gComhaontú Pháras. Ní chuirfear aon tacaíocht ón gCiste don Nuachóiriú ar fáil do ***shaoráidí giniúna*** fuinnimh a úsáideann breoslaí iontaise.	Beidh na hinfheistíochtaí sin a fhaigheann tacaíocht ag teacht le haidhmeanna na treorach seo, chomh maith le cuspóirí na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (*) agus Rialachán (AE) 2021/1119 agus leis na cuspóirí fadtéarmacha a leagtar síos i gComhaontú Pháras. Ní chuirfear aon tacaíocht ón gCiste don Nuachóiriú ar fáil do ghníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh a úsáideann breoslaí iontaise.

(*) COM(2019)0640.

(**) ***Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ("An Dlí Aeráide Eorpach") (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).***

Leasú 549

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d –mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Úsáidfear ***80 % ar a laghad*** de na hacmhainní airgeadais ón gCiste don Nuachóiriú d'fhonn tacú le hinfheistíochtaí sna réimsí seo a leanas:	2. Úsáidfear ***100 %*** de na hacmhainní airgeadais ón gCiste don Nuachóiriú d'fhonn tacú le hinfheistíochtaí sna réimsí seo a leanas:

Leasú 550

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) giniúint fuinnimh ag gineadóirí hidrigine;

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 551

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***feabhas a chur ar*** éifeachtúlacht fuinnimh ar thaobh an éilimh, lena n-áirítear san iompar, i bhfoirgnimh, sa talmhaíocht agus i gcúrsaí dramhaíola;	(c) ***an úsáid fhoriomlán fuinnimh a laghdú trí bhainistiú*** ar thaobh an éilimh ***agus*** éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear san iompar, i bhfoirgnimh, sa talmhaíocht agus i gcúrsaí dramhaíola, ***agus an gá leictrithe a bhaineann leis an aistriú aeráide agus an t-éileamh méadaithe gaolmhar ar leictreachas in-athnuaite á chur san áireamh;***

Leasú 552

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus i gceantair iargúlta, chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus chun a gcórais téimh a nuachóiriú***; agus***	(e) tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus i gceantair iargúlta, chun aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht fuinnimh agus ***chun nuachóiriú a dhéanamh ar a gcórais téimh agus fuaraithe agus a n-iarrachtaí éifeachtúlachta fuinnimh i bhfoirgnimh d'úsáid chónaithe agus tráchtála araon;***

Leasú 553

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) aistriú cóir i réigiúin, sna Ballstáit is tairbhí, a bhíonn ag brath ar an gcarbón, chun tacú le hath-imlonnú, le hathoiliúint agus le breisoiliúint oibrithe, leis an oideachas, le tionscnaimh cuardaithe poist agus le gnólachtaí nuathionscanta, agus an t-agallamh ar bun leis ***na*** comhpháirtithe sóisialta.;	(f) aistriú cóir i réigiúin, sna Ballstáit is tairbhí, a bhíonn ag brath ar an gcarbón, chun tacú le hath-imlonnú, le hathoiliúint agus le breisoiliúint oibrithe, leis an oideachas, le tionscnaimh cuardaithe poist agus le gnólachtaí nuathionscanta, agus ***in idirphlé leis an tsochaí shibhialta agus comhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí ábhartha arna n-áireamh ag na Ballstáit ina bpleananna críochacha um aistriú cóir i gcomhréir le hAirteagal 8(2), pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/1056, i gcás inarb ábhartha***; ***agus***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 554

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 2 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) infheistíochtaí in imscaradh bonneagar breoslaí malartacha.

Leasú 555

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"2a. ***Bainfear úsáid as na hacmhainní airgeadais go léir ón gCiste don Nuachóiriú i gcomhréir leis an méid seo a leanas:***
	(a) na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh' mar a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852;
	(b) coimircí íosta mar a leagtar amach in Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2020/852."

Leasú 556

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b b (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 5 – fomhír 2 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(bb) i mír 5, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:
	"Iarrfaidh an coiste infheistíochta comhairle ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide chun a áirithiú go mbeidh cinntí infheistíochta ag luí leis na critéir a leagtar amach san Airteagal seo agus chun tacú leis na cuspóirí a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119 a bhaint amach."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 557

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b c (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 6

An téacs atá ann	*Leasú*
	(bc) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:
6. Sula gcinneann Ballstát tairbhíoch infheistíocht a mhaoiniú óna sciar féin den Chiste don Nuachóiriú, cuirfidh sé an tionscadal infheistíochta faoi bhráid an choiste infheistíochta agus faoi bhráid BEI. ***I gcás ina ndeimhneoidh BEI go dtagann an infheistíocht faoi na réimsí a liostaítear i mír 2, féadfaidh an Ballstát dul ar aghaidh chun an tionscadal infheistíochta a mhaoiniú óna sciar féin.***	6. Sula gcinneann Ballstát tairbhíoch infheistíocht a mhaoiniú óna sciar féin den Chiste don Nuachóiriú, cuirfidh sé an tionscadal infheistíochta faoi bhráid an choiste infheistíochta agus faoi bhráid BEI.
I gcás nach dtagann infheistíocht i nuachóiriú na gcóras fuinnimh, a bhfuil sé beartaithe í a mhaoiniú ón gCiste don Nuachóiriú, faoi na réimsí a liostaítear i mír 2, déanfaidh an coiste infheistíochta inmharthanacht theicniúil agus airgeadais na hinfheistíochta sin a mheas, lena n-áirítear an laghdú ar astaíochtaí a bhaintear amach léi, agus eiseoidh sé moladh maidir leis an infheistíocht a mhaoiniú ón gCiste don Nuachóiriú. Áiritheoidh an coiste infheistíochta go mbainfear amach feabhas suntasach ar éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith le laghdú ar astaíochtaí le haon infheistíocht a bhaineann le téamh ceantair.	Déanfaidh an coiste infheistíochta inmharthanacht theicniúil agus airgeadais na hinfheistíochta sin a mheasúnú, lena n-áirítear na laghduithe ar astaíochtaí a bhaintear amach léi, agus eiseoidh sé moladh maidir leis an infheistíocht a mhaoiniú ón gCiste don Nuachóiriú. Áiritheoidh an coiste infheistíochta go mbainfear amach feabhas suntasach ar éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith le laghdú ar astaíochtaí le haon infheistíocht a bhaineann le téamh ceantair.
Féadfar moltaí maidir le hionstraimí iomchuí maoiniúcháin a áireamh ar an moladh sin. ***Féadfar suas le 70 % de chostais ábhartha infheistíochta nach dtagann faoi na réimsí a liostaítear i mír 2 a thacú le hacmhainní ón gCiste don Nuachóiriú ar choinníoll go ndéanann eintitis dhlíthiúla phríobháideacha na costais atá fágtha a mhaoiniú.***	Féadfar moltaí maidir le hionstraimí iomchuí maoiniúcháin a áireamh ar an moladh sin.

Leasú 558

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 14 – pointe b d (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 10d – mír 11

An téacs atá ann	*Leasú*
	(bd) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:
11. Tuairisceoidh an coiste infheistíochta ar bhonn bliantúil don Choimisiún ar an taithí a fuarthas agus infheistíochtaí á measúnú aige. Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na réimsí a bhaineann leis na tionscadail dá dtagraítear i mír 2, agus fionnachtana an choiste infheistíochta á gcur san áireamh aige, agus déanfaidh sé athbhreithniú freisin ar an mbunús atá le moltaí an choiste infheistíochta.	"11. Tuairisceoidh an coiste infheistíochta ar bhonn bliantúil don Choimisiún***, don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa*** maidir leis an taithí a fuarthas agus infheistíochtaí á measúnú aige. ***Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.*** Faoin 31 Nollaig 2024, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na réimsí a bhaineann leis na tionscadail dá dtagraítear i mír 2, agus fionnachtana an choiste infheistíochta á gcur san áireamh aige, agus déanfaidh sé athbhreithniú freisin ar an mbunús atá le moltaí an choiste infheistíochta."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 559

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe -a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir lamháltais a aistriú idir:	1. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir lamháltais a aistriú idir:
(a) ***daoine*** laistigh den Chomhphobal;	(a) ***eintitis rialáilte*** laistigh den Aontas;
(b) ***daoine*** laistigh den Aontas agus daoine i dtríú tíortha, i gcás ina n-aithnítear na lamháltais sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25 gan srianta seachas iad sin atá sa Treoir seo nó a glacadh de bhun na treorach seo.	(b) ***eintitis rialáilte*** laistigh den Aontas agus daoine i dtríú tíortha, i gcás ina n-aithnítear na lamháltais sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 25 gan srianta seachas iad sin atá sa Treoir seo, nó a glacadh de bhun na treorach seo.
	Féadfaidh eintitis rialáilte sainordú a thabhairt do dhuine nádúrtha nó d'eintiteas dlíthiúil cuntais chlárlainne ar leis an t-eintiteas rialáilte iad a oibriú agus gach cineál idirbheart a bhfuil an cuntas sin ina dteideal a sheoladh thar ceann an eintitis rialáilte. Fanfaidh freagracht an chomhlíonta leis an eintiteas rialáilte. Agus sainordú á thabhairt don duine nádúrtha nó don eintiteas dlíthiúil, áiritheoidh an t-eintiteas rialáilte nach mbeidh aon choinbhleacht leasa idir an duine nó an t-eintiteas sainordaithe agus na húdaráis inniúla, riarthóirí náisiúnta, fíoraitheoirí nó comhlachtaí eile atá faoi réir na treorach seo.'

Leasú 560

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe -a a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 1a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-aa) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"1aa. Faoin 1 Iúil 2023, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé measúnú ar conas a dhéanfadh srian ar rochtain ar na margaí Eorpacha lamháltas astaíochtaí carbóin d'eintitis rialaithe agus d'idirghabhálaithe airgeadais a ghníomhaíonn thar a gceann, tionchar a imirt ar shláine agus ar fheidhmiú éifeachtach na margaí lamháltas astaíochtaí carbóin agus ar bhaint amach spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 agus 2050 an Aontais. I gcás ina mbeidh an measúnú diúltach, tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun na forálacha ábhartha in Airteagal 12(1) agus in Airteagal 19(2) a choigeartú."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 561

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe c

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1 a (nua) agus fomhír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (c), go dtí an 31 Nollaig 2029, féadfaidh cuideachtaí loingseoireachta níos lú lamháltas a thabhairt suas ar bhonn aicme oighir a long nó ar bhonn an fhíorais go mbíonn a gcuid long i mbun loingseoireacht faoi dhálaí oighir, nó iad araon, i gcomhréir le hIarscríbhinn Va.
	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (c), go dtí an 31 Nollaig 2029, féadfaidh cuideachtaí loingseoireachta 55 % níos lú lamháltas a thabhairt suas i leith astaíochtaí a tharlaíonn go dtí 2030 ó mhuiraistir idir calafort atá suite i réigiún is forimeallaí de Bhallstáit agus calafort atá suite sa Bhallstát céanna, lena n-áirítear idir dhá chalafort éagsúla atá suite i réigiúin is forimeallaí éagsúla sa Bhallstát céanna. Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an tionchar a bheidh ag deireadh a chur leis an maolú seo don mhuiriompar chuig na réigiúin is forimeallaí agus uathu, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an tionchar sin.

Leasú 562

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 15 – pointe e

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 3b – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ní thiocfaidh oibleagáid chun cinn i dtaobh lamháltais a thabhairt suas i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa a mheastar gur gabhadh nó gur úsáideadh iad le bheith ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar faoin ngnáthúsáid a bhaintear astu.	Ní thiocfaidh oibleagáid chun cinn i dtaobh lamháltais a thabhairt suas i leith astaíochtaí gás ceaptha teasa a mheastar gur gabhadh nó gur úsáideadh iad le bheith ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar faoin ngnáthúsáid a bhaintear astu ***agus faoin ngnáth-dhiúscairt a dhéantar orthu***.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 563

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 15 – pointe e

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 3b – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfaidh an Coimisiún ***gníomhartha cur chun feidhme maidir leis*** na ceanglais chun a mheas go bhfuil gáis cheaptha teasa ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach rachaidh siad isteach san atmaisféar faoin ngnáthúsáid a bhaintear astu.	Déanfaidh an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na ceanglais a leagan amach*** chun a mheas go bhfuil gáis cheaptha ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach rachaidh siad isteach san atmaisféar faoin ngnáthúsáid a bhaintear astu agus faoin ***ngnáth-dhiúscairt a dhéantar orthu dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo***.

Leasú 564

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – fomhír 15 – pointe e

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 3b – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).	***scriosta***

Leasú 565

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe e a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 3b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"3ba. Faoin 1 Eanáir 2025, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdófar an chaoi ina dtabharfar cuntas ar astaíochtaí diúltacha a eascraíonn ó gháis cheaptha teasa a aistrítear as an atmaisféar agus a stóráiltear go buan agus ar conas is féidir na hastaíochtaí diúltacha sin a chumhdach le trádáil astaíochtaí, agus ina molfaidh sé raon feidhme soiléir agus critéir dhochta agus coimircí dochta chun a áirithiú nach mbeidh na laghduithe riachtanacha ar astaíochtaí á bhfritháireamh ag na haistrithe sin i gcomhréir le spriocanna aeráide an Aontais mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119. Beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin, i gcás inarb iomchuí, chun astaíochtaí diúltacha a chumhdach".

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 566

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe e b (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 3b b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(eb) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"3bb. Faoin 31 Nollaig 2029, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdófar an ndéantar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa uile ó na gníomhaíochtaí éagsúla a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur i gcuntas go héifeachtach, ag cén chéim den phróiseas ina gcuirtear i gcuntas na hastaíochtaí gás ceaptha teasa sin, agus i dtaobh an ndearnadh áireamh dúbailte a sheachaint, go háirithe agus na céimeanna iartheachtacha á gcur i gcuntas, lena n-áirítear diúscairt agus loscadh dramhaíola, agus onnmhairiú, agus déanfar measúnú inti ar an aeráid chomparáideach agus ar na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann leis na hastaíochtaí ó gach gníomhaíocht a chur i gcuntas ag céimeanna éagsúla den phróiseas. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach chun an Treoir seo a leasú a chur leis an tuarascáil sin chun a áirithiú go gcuirfear na hastaíochtaí uile i gcuntas ag an gcéim is éifeachtaí agus go ndéanfar áireamh dúbailte a sheachaint."

Leasú 567

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe e c (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 3b c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ec) Cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"3bc. Faoin 1 Eanáir 2025, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina scrúdófar modheolaíocht thrédhearcach, inchomparáide agus iontaofa maidir leis an gcaoi ar féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa a chur i gcuntas, ar astaíochtaí iad a mheastar a gabhadh agus a úsáideadh le bheith ceangailte go ceimiceach i dtáirge ar bhealach seachas an bealach dá dtagraítear i mír 3b, bunaithe ar mheasúnú saolré an táirge. Cuirfear san áireamh leis an mhodheolaíocht le haghaidh mheasúnú saolré an táirge, ról déach na ngás ceaptha teasa mar astaíochtaí agus mar bhunábhar, lena n-áirítear na hastaíochtaí a ghabhtar i monarú an táirge, na hastaíochtaí a tháirgtear mar chuid de phróiseas na gabhála agus na húsáide, na hastaíochtaí a úsáidtear i monarú an táirge, agus líon na mblianta ina bhfuil an carbón a gabhadh ó na hastaíochtaí ceangailte sa táirge. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur leis an tuarascáil sin chun leasú a dhéanamh ar an Treoir seo chun go n-áireofar an cur chuige sin i leith measúnú saolré."

Leasú 568/rev

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 15 – pointe e d (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 12 – mír 4

An téacs atá ann	*Leasú*
	(ed) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear na lamháltais ar ceal tráth ar bith arna iarraidh sin don duine a bhfuil siad ina sheilbh aige. I gcás ina ndúntar acmhainn giniúna leictreachais ina gcríoch féin mar gheall ar bhearta náisiúnta eile, ***féadfaidh*** Ballstáit lamháltais a chealú ó chainníocht iomlán na lamháltas a bheidh le cur ar ceant acu dá dtagraítear in Airteagal 10(2) suas go méid a chomhfhreagraíonn do mheán-astaíochtaí fíoraithe na suiteála lena mbaineann thar thréimhse 5 bliana roimh an dúnadh. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoin gcealú atá beartaithe i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 10(4).	"4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirfear na lamháltais ar ceal tráth ar bith arna iarraidh sin don duine a bhfuil siad ina sheilbh aige. I gcás ina ndúntar acmhainneacht giniúna leictreachais ina gcríoch féin i ngeall ar bhearta náisiúnta eile, ***féadfaidh*** Ballstáit lamháltais a chealú ó chainníocht iomlán na lamháltas a bheidh le cur ar ceant acu dá dtagraítear in Airteagal 10(2) suas go méid lena gcomhfhreagraítear do mheánastaíochtaí fíoraithe na suiteála lena mbaineann thar thréimhse 5 bliana roimh an dúnadh. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas faoin gcealú atá beartaithe i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 10(4)."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 569

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) in Airteagal ***14(1), an chéad fhomhír, cuirtear isteach an abairt*** seo a leanas:	(16) In Airteagal ***14, cuirtear*** an méid seo a leanas ***in ionad mhír 1***:
"1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** a bhaineann leis na socruithe mionsonraithe chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí agus, i gcás inarb ábhartha, ar shonraí gníomhaíochta, ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na sonraí tona-ciliméadair chun críche iarratais faoi Airteagal 3e nó Airteagal 3f, agus an t-iarratas sin bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le faireachán agus tuairisciú a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus ar na ceanglais a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo. Déanfaidh na gníomhartha ***cur chun feidhme*** sin acmhainneacht téite domhanda gach gáis ceaptha teasa a shainiú freisin sna riachtanais a bhaineann le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na hastaíochtaí don ghás sin. Cuirfidh na gníomhartha ***cur chun feidhme*** sin i bhfeidhm na critéir inbhuanaitheachta agus laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le húsáid bithmhaise a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), leis na coigeartuithe is gá le haghaidh cur i bhfeidhm faoin Treoir seo, chun go mbeidh an bhithmhais seo nialas-rátaithe. Sonrófar iontu an chaoi le stóráil astaíochtaí ó mheascán d'fhoinsí atá nialas-rátaithe agus ó fhoinsí nach bhfuil nialas-rátaithe a chur san áireamh. Sonrófar iontu freisin an chaoi le hastaíochtaí ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh, chun a áirithiú go gcuirfear na hastaíochtaí sin san áireamh agus go ndéanfar áireamh dúbailte a sheachaint. ***Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2).***	"1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh*** a mhéid a bhaineann leis na socruithe mionsonraithe chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí agus, i gcás inarb ábhartha, ar shonraí gníomhaíochta, ó na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I, chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na sonraí tona-ciliméadair chun críche iarratas a dhéanamh faoi Airteagal 3e nó Airteagal 3f, agus beidh an t-iarratas sin bunaithe ar na prionsabail a bhaineann le faireachán agus tuairisciú a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus ar na ceanglais a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo. Sonrófar sna gníomhartha ***tarmligthe*** sin freisin acmhainneacht téite domhanda gach gáis ceaptha teasa sna ceanglais le haghaidh faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí i gcás an ghais sin ***agus beidh measúnú tionchair mionsonraithe ag gabháil leo, agus an eolaíocht is déanaí atá ar fáil á cur i gcuntas***. Cuirfear i bhfeidhm leis na gníomhartha ***tarmligthe*** sin na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i gcomhair na húsáide a bhainfear as bithmhais le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), le haon coigeartuithe is gá lena gcur i bhfeidhm faoin Treoir seo, chun go mbeidh an bhithmhais seo nialas-rátaithe. Sonrófar iontu an chaoi le stóráil astaíochtaí ó mheascán d'fhoinsí atá nialas-rátaithe agus ó fhoinsí nach bhfuil nialas-rátaithe a chur san áireamh. Sonrófar iontu freisin an chaoi le hastaíochtaí ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamh-bhitheolaíoch agus breoslaí carbóin athchúrsáilte a chur san áireamh, chun a áirithiú go gcuirfear na hastaíochtaí sin san áireamh agus go ndéanfar áireamh dúbailte a sheachaint.
(*) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82)."	(*) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82)."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 570

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 19 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(19a) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
2. Féadfaidh ***aon duine*** lamháltais a bheith ina sheilbh aige. Beidh rochtain ag an bpobal ar an gclárlann agus beidh cuntais ar leithligh ann chun taifead a dhéanamh ar na lamháltais a shealbhaíonn gach ***duine*** a n-eisítear lamháltais chuige agus óna n-aistrítear lamháltais.	"2. ***Gan dochar d'Airteagal 12(1aa), seachas na cuntais riaracháin láirnaigh agus náisiúnta, ní fhéadfaidh*** lamháltais a bheith ina seilbh ***ach amháin ag eintitis rialáilte ag a raibh oibleagáidí comhlíonta CTA AE san am atá caite, ag a bhfuil sa lá atá inniu ann nó ag a mbeidh sa todhchaí intuartha***. Beidh rochtain ag an bpobal ar an gclárlann agus beidh cuntais ar leithligh ann chun taifead a dhéanamh ar na lamháltais a shealbhaíonn gach ***eintiteas rialáilte*** a n-eisítear lamháltais chuige agus óna n-aistrítear lamháltais."

Leasú 571

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 b (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 23 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(19b) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagail*** 3d(3), 10(4), 10a(1) agus (8), 10b(5), 19(3), Airteagal 22, ***Airteagal*** 24(3), Airteagal 24a(1), Airteagal 25a(1) ***agus*** Airteagal 28c a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 8 Aibreán 2018.	"2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal*** 3d(3), ***Airteagal 3gaa(2), Airteagal 3gab(7), Airteagal 3gea, an dara mír, Airteagal*** 10(4), ***Airteagal*** 10a(1) agus (8), ***Airteagal*** 10b(5)***, Airteagal 12(3b), Airteagal 14(1)***, ***Airteagal*** 19(3), Airteagal 22, ***Airteagal*** 24(3), ***Airteagal*** 24a(1), ***Airteagal*** 25a (1), Airteagal 28c***, Airteagal 30c(2a) agus Airteagal 30f(4a)*** a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse neamhchinnte ón 8 Aibreán 2018."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 572

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 c (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 29a

An téacs atá ann	*Leasú*
	(19c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29a:
Airteagal 29a	Airteagal 29a
Bearta i gcás ardú iomarcach ar phraghsanna	Bearta i gcás ardú iomarcach ar phraghsanna
1. Más rud é, ar feadh níos mó ná 6 mhí as a chéile, gur mó an praghas lamháltais ná ***trí oiread*** mheánphraghas na liúntas le linn an 2 bhliain roimhe sin ar mhargadh carbóin na hEorpa, comórfaidh an Coimisiún cruinniú den Choiste láithreach arna bhunú le hAirteagal 9 de Chinneadh Uimh. 280/2004/CE.	1. Más rud é, ar feadh níos mó ná 6 mhí as a chéile, gur mó an ***meán***phraghas lamháltais ná ***dhá*** oiread mheánphraghas na lamháltas le linn an 2 bhliain roimhe sin ar mhargadh carbóin na hEorpa, déanfaidh an Coimisiún cruinniú den Choiste arna bhunú le hAirteagal 9 de Chinneadh Uimh. 280/2004/CE a chomóradh láithreach***, agus tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis an phointe ama sin, chun a mheas an gcomhfhreagraíonn an t-athrú ar phraghsanna dá dtagraítear sa mhír seo do bhunphrionsabail athraitheacha an mhargaidh***.
2. Mura gcomhfhreagraíonn éabhlóid na bpraghsanna dá dtagraítear i mír 1 do bhunphrionsabail athraitheacha an mhargaidh, ***féadfar ceann*** de na bearta seo a leanas ***a ghlacadh***, agus méid éabhlóid na bpraghsanna á chur san áireamh:	2. Mura gcomhfhreagraíonn éabhlóid na bpraghsanna dá dtagraítear i mír 1 do bhunphrionsabail athraitheacha an mhargaidh, féadfar ***aon*** cheann de na bearta seo a leanas ***a ghlacadh, mar ábhar práinne,*** agus méid éabhlóid na bpraghsanna á chur san áireamh:
	(-a) scaoileadh 100 milliún lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil seo ón gcúlchiste cobhsaíochta margaidh i gcomhréir le hAirteagal 1(7) de Chinneadh (AE) 2015/1814, a bheidh le dáileadh go cothrom laistigh de cheantanna ar feadh thréimhse 6 mhí;
(a) beart lena lamháiltear do na Ballstáit ceantáil cuid den chainníocht atá le cur ar ceant a thabhairt ar aghaidh;	(a) beart lena lamháiltear do na Ballstáit ceantáil cuid den chainníocht a bheidh le cur ar ceant ***i mbliain féilire ina dhiaidh sin*** a thabhairt ar aghaidh;
(b) beart lena lamháiltear do na Ballstáit suas le 25 % de na lamháltais atá fágtha sa chúlchiste iontrálaithe nua a chur ar ceant.	(b) beart lena lamháiltear do na Ballstáit suas le 25 % de na lamháltais atá fágtha sa chúlchiste iontrálaithe nua a chur ar ceant.
Glacfar na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 23(4).	Glacfar na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta bainistíochta dá dtagraítear in Airteagal 23(4).
3. Le haon bheart, tabharfar lánaird ar na tuarascálacha arna dtíolacadh ag an gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 29, chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile arna soláthar ag na Ballstáit.	3. Le haon bheart, tabharfar lánaird ar na tuarascálacha arna dtíolacadh ag an gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 29, chomh maith le haon fhaisnéis ábhartha eile arna soláthar ag na Ballstáit.
4. Leagfar síos na socruithe chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm sna gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 10(4).	4. Leagfar síos na socruithe chun na forálacha sin a chur i bhfeidhm sna gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 10(4). “

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 573

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 d (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 29 a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19d) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	"Airteagal 29aa
	1. Beidh an rochtain ar mhargadh CTA AE teoranta d'eintitis ar suiteálacha, oibreoirí eitlíochta agus muirí iad a bhfuil oibleagáidí comhlíonta acu faoi CTA AE.
	2. De mhaolú ar an gcéad mhír, beidh rochtain ar mhargadh CTA AE ag idirghabhálaithe airgeadais a cheannaíonn liúntais do chuntas na suiteála seachas dá gcuntas féin.
	3. Déanfaidh an Coimisiún a mheas an bhfuil Airteagal 6 (5) de Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ([1a]) comhoiriúnach le forálacha an Airteagail seo, agus, i gcás inar gá, tíolacfaidh sé togra reachtach chun an Rialachán sin a leasú.
	([1a]) Rialachán (AE) Uimh. 1031/2010 ón gCoimisiún an 12 Samhain 2010 maidir le huainiú, riaracháin agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gáis ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal (IO L 302, 18.11.2010, lch. 1)."

Leasú 574

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 19 e (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(19e) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

An téacs atá ann	*Leasú*
1. Coinneofar an Treoir seo faoi athbhreithniú i bhfianaise imeachtaí idirnáisiúnta agus i bhfianaise an mhéid a rinneadh chun cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach.	"1. Coinneofar an Treoir seo faoi athbhreithniú i bhfianaise forbairtí idirnáisiúnta agus n-iarrachtaí a rinneadh chun cuspóirí fadtéarmacha Chomhaontú Pháras a bhaint amach***, lena n-áirítear an gealltanas a tugadh ag an 26ú Comhdháil de chuid Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP26) chun an méadú teochta a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch."***

Leasú 575

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(20a) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
3. Tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i gcomhthéacs gach athbhreithnithe dhomhanda a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras, go háirithe i dtaca leis an ngá atá le breis beartas agus beart ón Aontas i bhfianaise na laghduithe ar gháis cheaptha teasa nach foláir don Aontas agus do na Ballstát a dhéanamh, lena n-áirítear i ndáil leis an bhfachtóir líneach dá dtagraítear in Airteagal 9. Féadfaidh an Coimisiún tograí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an Treoir seo a leasú i gcás inarb iomchuí.	"3. Tuairisceoidh an Coimisiún***, tar éis dó comhairle a lorg ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide,*** do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle i gcomhthéacs gach athbhreithnithe dhomhanda a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Pháras, go háirithe maidir leis an ngá atá le breis beartas agus beart ón Aontas i bhfianaise na laghduithe ar gháis cheaptha teasa nach foláir don Aontas agus do na Ballstát a dhéanamh, lena n-áirítear i ndáil leis an bhfachtóir líneach dá dtagraítear in Airteagal 9. Féadfaidh an Coimisiún tograí a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun an Treoir seo a leasú i gcás inarb iomchuí. ***Ina chuid tograí, áiritheoidh an Coimisiún go gcomhlíonfar an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119, spriocanna aeráide an Aontais mar a leagtar síos in Airteagal 4 den Rialachán sin, agus buiséad táscach an Aontais maidir le gás ceaptha teasa don tréimhse 2030-2050 dá dtagraítear in Airteagal 4(4) den Rialachán sin. Léireofar sna tograí an dul chun cinn a rinneadh le himeacht ama, agus léireofar iontu an uaillmhian is airde is féidir a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 4(3) de Chomhaontú Pháras."***

Leasú 576

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 20 b (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30 – mír 4 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	(20b) in Airteagal 30, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

An téacs atá ann	*Leasú*
	"4a. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an Treoir seo, i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún anailís ar an gcaoi ar féidir naisc idir CTA AE agus margaí carbóin eile a chur ar bun, gan bac a chur ar an gcuspóir aeráidneodrachta agus ar spriocanna aeráide an Aontais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 a bhaint amach."

Leasú 577

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Caibidil IVa – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
CÓRAS TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH FOIRGNEAMH ***AGUS*** IOMPAR DE BHÓTHAR	CÓRAS TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH FOIRGNEAMH, IOMPAR DE BHÓTHAR ***AGUS BREOSLAÍ EILE***

Leasú 578

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30 a – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo i leith scaoileadh breoslaí lena dtomhailt, breoslaí a mbaintear úsáid astu le haghaidh dóchán in iompar príobháideach de bhóthar agus i dtéamh agus fuarú príobháideach foirgneamh cónaithe amháin ón 1 Eanáir 2029 faoi réir an mheasúnaithe dá bhforáiltear i mír 1b.

Leasú 579

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30 a – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Má bhíonn na coinníollacha cóiriúil, beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún an Chaibidil seo a leathnú chuig astaíochtaí ó iompar príobháideach de bhóthar agus ó théamh agus fuarú príobháideach foirgneamh cónaithe ón 1 Eanáir 2029.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Faoin 1 Eanáir 2026, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé measúnú ar leathnú na Caibidle seo chuig astaíochtaí ó iompar príobháideach de bhóthar agus ó théamh agus fuarú príobháideach foirgneamh cónaithe ón 1 Eanáir 2029 ar bhealach nach bhfágfar aon duine chun deiridh. Go háirithe, áireofar na nithe seo a leanas sa tuarascáil:
	(a) measúnú mionsonraithe ar éabhlóid na bochtaineachta fuinnimh agus soghluaisteachta san Aontas agus i ngach Ballstát mar a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 23 (1) de Rialachán (AE) …/… [Rialachán an Chiste Aeráide Sóisialta];
	(b) measúnú mionsonraithe ar thorthaí na mbeart agus na n-infheistíochtaí a áirítear i bPleananna Aeráide Sóisialta na mBallstát, go háirithe maidir le líon na ndaoine a tugadh slán ón mbochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta mar thoradh ar na bearta agus na hinfheistíochtaí sin, agus ar infheistíochtaí eile ó chistí eile an Aontais;
	(c) *anailís mhionsonraithe agus cainníochtú ar an laghdú breise ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a d'fhéadfaí a bhaint amach tríd an síneadh sin, mar aon le dul chun cinn na mBallstát i dtreo ghnóthú na spriocanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2018/842;*
	(d) measúnú ar indéantacht agus ar mhódúlachtaí an tsásra tuairiscithe agus teorannaithe maidir le costais a thabhairt ar aghaidh a leagtar amach in Airteagal 30f(2a).
	Bunaithe ar thorthaí na tuarascála sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, athbhreithniú spriocdhírithe ar an Treoir seo agus ar Rialachán (AE) …/… [Rialachán an Chiste Aeráide Sóisialta] chun an Chaibidil seo a leathnú chuig astaíochtaí ó iompar príobháideach de bhóthar agus ó théamh agus fuarú príobháideach foirgneamh cónaithe ón 1 Eanáir 2029.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 580

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30 a – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Féadfaidh Ballstát a chinneadh nach mbeidh feidhm ar a chríoch ag an maolú i leith breoslaí a mbaintear úsáid astu chun críocha dócháin in iompar príobháideach de bhóthar agus i dtéamh agus i bhfuarú príobháideach foirgneamh cónaithe dá dtagraítear i mír 1a, ar choinníoll go bhfuil cláir leordhóthanacha i bhfeidhm chun tacú le teaghlaigh ar ioncam íseal agus chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fuinnimh agus soghluaisteachta agus faoi réir fhormheas an Choimisiúin. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann an Coimisiún ar an eolas má tá sé ar intinn aige cinneadh den sórt sin a ghlacadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhfuil cláir leordhóthanacha i bhfeidhm ag an mBallstát chun na gcríoch sin agus cuirfidh sé an Ballstát ar an eolas faoina chinneadh.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 581

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30 a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 30aa
	1. I gcás, sna 6 mhí as a chéile roimh an mbliain ina gcuirfear tús le ceantáil lamháltas i gcás breoslaí a mbaintear úsáid astu le haghaidh dóchán in iompar príobháideach de bhóthar agus i dtéamh agus fuarú príobháideach foirgneamh cónaithe i gcomhréir le hAirteagal 30a(1a), ina mbeidh meánphraghas na mbreoslaí le haghaidh tomhaltas sna hearnálacha a chumhdaítear leis an gCaibidil seo níos mó ná meánphraghas na mbreoslaí sin i mí an Mhárta 2022, déanfar an spriocdháta le haghaidh lamháltais a thabhairt suas i leith breoslaí a mbaintear úsáid astu in iompar príobháideach de bhóthar agus i dtéamh agus i bhfuarú príobháideach foirgneamh cónaithe, dá dtagraítear in Airteagal 30d(1), a fhadú go dtí go dtitfidh an praghas faoi bhun na tairsí sin.
	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás nár cuireadh tús le feidhmiú an Chiste Aeráide Sóisialta a bunaíodh le Rialachán (AE) …/… [Rialachán an Chiste Aeráide Sóisialta], nó go raibh sé ag feidhmiú ar feadh tréimhse níos lú ná 3 bliana, cuirfear moill ar an gceantáil lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil seo go dtí go mbeidh an Ciste Aeráide Sóisialta ag feidhmiú ar feadh 3 bliana ar a laghad.
	2. Más infheidhme, foilseoidh an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 á gcomhlíonadh sula gcuirfear tús leis na ceantanna faoin gCaibidil seo.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 582

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30b – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit, ón 1 Eanáir ***2025***, nach ndéanfaidh aon eintiteas rialáilte an ghníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn III mura rud é go bhfuil cead arna eisiúint ag údarás inniúil i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 i seilbh an eintitis rialáilte sin.	1. Áiritheoidh na Ballstáit, ón 1 Eanáir ***2024***, nach ndéanfaidh aon eintiteas rialáilte an ghníomhaíocht a liostaítear in Iarscríbhinn III mura rud é go bhfuil cead arna eisiúint ag údarás inniúil i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 i seilbh an eintitis rialáilte sin.

Leasú 583

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30c – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Laghdófar cainníocht uile-Aontais na lamháltas a eisítear faoin gCaibidil seo gach bliain ó 2026 ar bhealach líneach ag tosú in 2024. Saineofar luach 2024 mar theorainneacha astaíochtaí 2024, arna ríomh ar bhonn na n-astaíochtaí tagartha faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*)*** le haghaidh na n-earnálacha a chumhdaítear leis an gCaibidil seo agus an chonair laghdaithe línigh á cur i bhfeidhm le haghaidh na n-astaíochtaí uile laistigh de raon feidhme an Rialacháin sin. Laghdófar an chainníocht gach bliain i ndiaidh 2024 faoi chonair laghdaithe línigh de 5,15 %. Faoin 1 Eanáir 2024, foilseoidh an Coimisiún cainníocht uile-Aontais na lamháltas don bhliain ***2026***.	1. Laghdófar cainníocht uile-Aontais na lamháltas a eisítear faoin gCaibidil seo gach bliain ó ***2025*** ar bhealach líneach ag tosú in 2024. Saineofar luach 2024 mar theorainneacha astaíochtaí 2024, arna ríomh ar bhonn na n-astaíochtaí tagartha faoi Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) 2018/842 le haghaidh na n-earnálacha a chumhdaítear leis an gCaibidil seo agus an chonair laghdaithe línigh á cur i bhfeidhm le haghaidh na n-astaíochtaí uile laistigh de raon feidhme an Rialacháin sin. Laghdófar an chainníocht gach bliain i ndiaidh 2024 faoi chonair laghdaithe línigh de 5,15 %. Faoin 1 Eanáir 2024, foilseoidh an Coimisiún cainníocht uile-Aontais na lamháltas don bhliain ***2025***.

(*) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 584

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30c – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí mhéid breise lamháltas a leagan amach a bheidh le heisiúint le haghaidh gach bliana ó 2025 ar aghaidh chun cúiteamh a dhéanamh ar lamháltais arna dtabhairt suas i gcásanna ina ndearnadh astaíochtaí a áireamh faoi dhó d'ainneoin rialacha chun an t-áireamh dúbailte sin dá dtagraítear in Airteagal 30f(4) a sheachaint. Beidh méid breise na lamháltas arna socrú ag an gCoimisiún ag comhfhreagairt do mhéid iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a dtugtar cúiteamh ina leith sa bhliain tuairiscithe ábhartha de bhun na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 30f(4a).

Leasú 585

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30d – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ó ***2026***, cuirfear lamháltais a chumhdaítear leis an gCaibidil seo ar ceant, mura ndéanfar iad a chur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhagaidh, a bunaíodh le Treoir (AE) 2015/1814. Cuirfear na lamháltais a chumhdaítear leis an gCaibidil seo ar ceant ar leithligh ó na lamháltais a chumhdaítear le Caibidlí II, IIa agus III.	1. Ó ***2025***, cuirfear lamháltais a chumhdaítear leis an gCaibidil seo ar ceant, mura ndéanfar iad a chur i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhagaidh, a bunaíodh le Treoir (AE) 2015/1814. Cuirfear na lamháltais a chumhdaítear leis an gCaibidil seo ar ceant ar leithligh ó na lamháltais a chumhdaítear le Caibidlí II, IIa agus III.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 586

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30d – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cuirfear tús le ceantáil na lamháltas faoin gCaibidil seo in ***2026*** le méid a chomhfhreagraíonn do 130 % de na méideanna ceantála le haghaidh ***2026*** a leagtar síos ar bhonn chainníocht uile-Aontais na lamháltas le haghaidh na bliana sin agus na sciartha agus méideanna ceantála faoi seach de bhun mhíreanna 3, 5 agus 6. Ní bhainfear úsáid as na méideanna breise atá le cur ar ceant ach amháin chun lamháltais a thabhairt suas de bhun Airteagal 30e(2) agus déanfar iad a bhaint as na méideanna ceantála le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2030. Socrófar na coinníollacha le haghaidh na gceantanna luatha sin i gcomhréir le mír 7 agus le hAirteagal 10(4).	Cuirfear tús le ceantáil na lamháltas faoin gCaibidil seo in ***2025*** le méid a chomhfhreagraíonn do 130 % de na méideanna ceantála le haghaidh ***2025*** a leagtar síos ar bhonn chainníocht uile-Aontais na lamháltas le haghaidh na bliana sin agus na sciartha agus méideanna ceantála faoi seach de bhun mhíreanna 3, 5 agus 6. Ní bhainfear úsáid na méideanna breise atá le cur ar ceant ach amháin chun lamháltais a thabhairt suas de bhun Airteagal 30e(2) agus déanfar iad a bhaint as na méideanna ceantála le haghaidh na tréimhse ó 2028 go 2030. Socrófar na coinníollacha le haghaidh na gceantanna luatha sin i gcomhréir le mír 7 agus Airteagal 10(4).

Leasú 587

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30d – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
In ***2026***, cruthófar 600 milliún lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil seo mar shealúchais i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh de bhun Airteagal 1a(3) de Threoir (AE) 2015/1814.	In ***2025***, cruthófar 600 milliún lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil seo mar shealúchais i gCúlchiste Cobhsaíochta an Mhargaidh de bhun Airteagal 1a(3) de Threoir (AE) 2015/1814.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 588

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30d – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfear 150 milliún lamháltas a eisítear faoin gCaibidil seo ar ceant agus cuirfear an t-ioncam uile ó na ceantanna sin ar fáil le haghaidh an Chiste don ***Nuálaíocht*** a bhunaítear faoi ***Airteagal 10a(8)***. Beidh ***feidhm*** ag Airteagal ***10a(8)*** maidir leis na ***lamháltais dá dtagraítear sa mhír seo***.	3. Cuirfear 150 milliún lamháltas a eisítear faoin gCaibidil seo ar ceant agus cuirfear an t-ioncam uile ó na ceantanna sin ar fáil le haghaidh an Chiste ***Aeráide Sóisialta*** a bhunaítear faoi ***Rialachán (AE) …/… [Rialachán an Chiste Aeráide Sóisialta] mar ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*), agus*** bainfear ***úsáid as i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme*** i leith an ***Chiste Aeráide Sóisialta***.

(*) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Leasú 589

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30d – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Chun a áirithiú gur féidir na leithreasuithe atá ar fáil le haghaidh an Ciste Aeráide Sóisialta i mbuiséad an Aontais a fhorbairt i ndlúth-ailíniú le praghas an charbóin agus, dá bhrí sin, leis an ualach ar theaghlaigh leochaileacha agus ar úsáideoirí tráchta leochaileacha, déanfar treisiúcháin bhliantúla a chumasú le Sásra Coigeartaithe maidir le Luaineacht Praghsanna Carbóin. Déanfar foráil do na forálacha mionsonraithe i Rialachán an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil, lena n-áiritheofar, i gcomhréir le hAirteagal 312 CFAE, go ndéanfar na huasteorainneacha caiteachais ábhartha a choigeartú go huathoibríoch gach bliain de réir ráta athraithe an phraghais carbóin faoi CTA AE i gcás foirgneamh agus iompar de bhóthar. Déanfar tionchar buiséadach an choigeartaithe bhliantúil a bhuiséadú.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 590

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30d – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Cinnfidh na Ballstáit an úsáid a bhainfear as ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas dá dtagraítear i mír 4, seachas i gcás na n-ioncam a bhunaítear mar acmhainní dílse i gcomhréir le hAirteagal 311(3) CFAE agus a iontráiltear i mbuiséad an Aontais. Bainfidh na Ballstáit úsáid as a n-ioncaim le haghaidh ***ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in*** Airteagal ***10(3) nó le haghaidh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas***:	5. Cinnfidh na Ballstáit an úsáid a bhainfear as ioncam a ghintear ó cheantáil lamháltas dá dtagraítear i mír 4, seachas le haghaidh na n-ioncam a bhunaítear mar acmhainní dílse i gcomhréir le hAirteagal 311(3) CFAE agus a iontráiltear i mbuiséad an Aontais ***mar ioncam ginearálta***. Bainfidh na Ballstáit úsáid as a n-ioncam ***ar dtús*** le haghaidh ***cómhaoiniú náisiúnta a bPleananna Aeráide Sóisialta agus, i gcás aon ioncam a bheidh fágtha, le haghaidh bearta aeráide sóisialta agus infheistíochtaí i gcomhréir le*** hAirteagal ***6 de Rialachán (AE) … [Rialachán an Chiste Aeráide Sóisialta]***:

Leasú 591

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) bearta atá beartaithe rannchuidiú le téamh agus fuarú foirgneamh ***a dhícharbónú*** nó le riachtanais fuinnimh foirgneamh a laghdú***, lena n-áirítear fuinnimh in-athnuaite agus bearta gaolmhara a chomhtháthú de réir Airteagail 7(11), 12 agus 20 de Rialachán 2012/27/AE [tagairtí le tabhairt cothrom le dáta leis an Treoir athbhreithnithe], mar aon le bearta chun tacaíocht airgeadais a sholáthar do theaghlaigh ar ioncam íseal sna foirgnimh is measa feidhmíocht;***	(a) bearta atá beartaithe rannchuidiú le haeráidneodracht théamh agus fuarú na bhfoirgneamh nó leis an laghdú ar riachtanais fuinnimh foirgneamh ***i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) …/… [Rialachán an Chiste Aeráide Sóisialta];***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 592

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30d – mír 5 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) bearta atá beartaithe dlús a chur le glacadh na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha nó chun tacaíocht airgeadais a sholáthar chun bonneagar athbhreoslaithe agus athluchtaithe iomlán idir-inoibritheach le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun feidhme nó bearta chun athrú chuig modhanna iompair phoiblí a spreagadh agus feabhas a chur ar an ilmhódúlacht***, nó chun tacaíocht airgeadais a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe*** sóisialta ***a bhaineann le húsáideoirí iompair ar ioncaim ísle agus ar mheánioncaim.***	(b) bearta atá beartaithe dlús a chur le glacadh na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha nó chun tacaíocht airgeadais a sholáthar chun bonneagar athbhreoslaithe agus athluchtaithe iomlán idir-inoibritheach le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha a chur chun feidhme nó bearta chun athrú chuig modhanna iompair phoiblí a spreagadh agus feabhas a chur ar an ilmhódúlacht ***i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) …/… [Rialachán an Chiste Aeráide*** Sóisialta].

Leasú 593

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30e – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ón 1 Eanáir ***2027*** ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit, faoin 30 Aibreán gach bliain, go ndéanfaidh an t-eintiteas rialáilte líon áirithe lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a thabhairt suas, arb ionann iad agus na hastaíochtaí iomlána, a chomhfhreagraíonn do chainníocht na mbreoslaí a scaoiltear lena dtomhailt de bhun Iarscríbhinn III, sa bhliain féilire roimhe sin amhail a fhíoraítear i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 30f, agus go ndéanfar na lamháltais sin a chur ar ceal ina dhiaidh sin.	2. Ón 1 Eanáir ***2026*** ar aghaidh, áiritheoidh na Ballstáit, faoin 30 Aibreán gach bliain, go ndéanfaidh an t-eintiteas rialáilte líon áirithe lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a thabhairt suas, arb ionann iad agus na hastaíochtaí iomlána, a chomhfhreagraíonn do chainníocht na mbreoslaí a scaoiltear lena dtomhailt de bhun Iarscríbhinn III, sa bhliain féilire roimhe sin amhail a fhíoraítear i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 30f, agus go ndéanfar na lamháltais sin a chur ar ceal ina dhiaidh sin.

Leasú 594

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30f – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach eintiteas rialáilte, le haghaidh gach bliana féilire ó ***2025*** ar aghaidh, faireachán ar na hastaíochtaí a chomhfhreagraíonn do chainníochtaí na mbreoslaí a scaoiltear lena dtomhailt de bhun Iarscríbhinn III. Áiritheoidh siad freisin go dtabharfaidh gach eintiteas rialáilte tuairisc i leith na n-astaíochtaí sin don údarás inniúil sa bhliain dár gcionn, ag tosú in ***2026***, i gcomhréir leis na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 14(1).	2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach eintiteas rialáilte, le haghaidh gach bliana féilire ó ***2024*** ar aghaidh, faireachán ar na hastaíochtaí a chomhfhreagraíonn do chainníochtaí na mbreoslaí a scaoiltear lena dtomhailt de bhun Iarscríbhinn III. Áiritheoidh siad freisin go dtabharfaidh gach eintiteas rialáilte tuairisc i leith na n-astaíochtaí sin don údarás inniúil sa bhliain dár gcionn, ag tosú in ***2025***, i gcomhréir leis na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 14(1).

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 595

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30f – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Faoi réir an mheasúnaithe atá i bpointe (d) den dara fomhír d'Airteagal 30ú(1b), ó … [bhliain amháin roimh dháta chur i bhfeidhm na Caibidle seo i leith breoslaí a mbaintear úsáid astu le haghaidh dóchán in iompar príobháideach de bhóthar agus i dtéamh agus fuarú príobháideach foirgneamh cónaithe] agus gach mí ina dhiaidh sin, tuairisceoidh eintitis rialáilte don Choimisiún ar mhiondealú na gcostas a bhaineann le praghas miondíola na mbreoslaí a scaoiltear lena dtomhailt de bhun Iarscríbhinn III, lena n-áirítear go háirithe an sciar de chánacha agus táillí agus costais náisiúnta a bhaineann le lamháltais a thabhairt suas sa phraghas miondíola, mar aon le céatadán na gcostas a bhaineann le lamháltais a thabhairt suas a chuirtear ar aghaidh chuig an tomhaltóir. I gcás ina dtiocfaidh athrú níos mó ná 5 % ar an gcéatadán sin i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe deiridh, tabharfar míniú air sin.* ***Faoi … [dháta theacht i bhfeidhm na Caibidle seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme ina leagfar amach na catagóirí tuairiscithe agus an fhormáid a úsáidfear le haghaidh tuairisciú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír den mhír seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 22a(2). ***Amhail ó … [dháta chur i bhfeidhm na Caibidle seo i leith breoslaí a mbaintear úsáid astu le haghaidh dóchán in iompar príobháideach de bhóthar agus téamh príobháideach agus fuarú foirgneamh cónaithe] nó, má chinn Ballstát i gcomhréir le hAirteagal 30a(1c) nach bhfuil feidhm ag an maolú dá dtagraítear i mír 1a den Airteagal sin, ó … [dháta theacht i bhfeidhm na Caibidle seo], ní dhéanfaidh eintitis rialáilte níos mó ná 50 % de na costais a bhaineann le lamháltais a thabhairt suas don tomhaltóir deiridh le haghaidh breoslaí a scaoiltear lena dtomhailt de bhun Iarscríbhinn III.*** ***I gcás inar léir don Choimisiún go bhfuil sciar níos airde ná 50 % de na costais curtha ar aghaidh ag eintiteas rialáilte, íocfaidh an t-eintiteas sin pionós i gcomhréir le hAirteagal 16 den Treoir seo. Déanfar méid an phionóis a ríomh ar bhonn chainníocht na lamháltas a bheidh coibhéiseach leis an mbarraíocht a cuireadh ar aghaidh i gcomhréir leis an mír seo, arna iolrú faoin bpraghas socraíochta margaidh príomhúil nó tánaisteach is airde a taifeadadh le haghaidh lamháltais faoin gCaibidil seo sa bhliain roimhe sin. Faoin 28 Feabhra gach bliain, cuirfidh an Coimisiún in iúl phraghas an phionóis i gcás na barraíochta a chuirtear ar aghaidh. Leithdháilfear an t-ioncam a ghintear ó na pionóis dá dtagraítear san fhomhír seo ar an gCiste Aeráide Sóisialta dá dtagraítear i Rialachán (AE) ../… [Rialachán an Chiste Aeráide Sóisialta].***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 596

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30f – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na heintitis rialáilte in ann cineál an bhreosla, cainníochtaí beachta an bhreosla a scaoiltear lena dtomhailt ***a mbaintear úsáid astu le haghaidh dóchán in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar mar a shainaithnítear in*** Iarscríbhinn III, agus úsáid deiridh na mbreoslaí a scaoiltear lena dtomhailt ag na heintitis rialáilte a shainaithint agus a dhoiciméadú go hiontaofa. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun aon riosca go ndéanfar astaíochtaí a chumhdaítear faoin gCaibidil seo agus na hastaíochtaí faoi Chaibidlí II, IIa agus III a áireamh faoi dhó a sheachaint. Glacfar rialacha mionsonraithe chun an t-áireamh dúbailte a sheachaint i gcomhréir le hAirteagal 14(1).	4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na heintitis rialáilte in ann cineál an bhreosla, cainníochtaí beachta an bhreosla a scaoiltear lena dtomhailt ***de bhun*** Iarscríbhinn III, agus úsáid deiridh na mbreoslaí a scaoiltear lena dtomhailt ag na heintitis rialáilte a shainaithint agus a dhoiciméadú go hiontaofa. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun aon riosca go ndéanfar astaíochtaí a chumhdaítear faoin gCaibidil seo agus na hastaíochtaí faoi Chaibidlí II, IIa agus III a áireamh faoi dhó a sheachaint. Glacfar rialacha mionsonraithe ***agus comhchuibhithe*** chun an t-áireamh dúbailte a sheachaint i gcomhréir le hAirteagal 14(1). *(Tá feidhm tríd an téacs ag an leasú seo maidir le "breosla a scaoiltear le haghaidh tomhaltais agus a úsáidtear le haghaidh dóchán sna hearnálacha foirgneamh agus iompair de bhóthar mar a shainaithnítear in Iarscríbhinn III". Má ghlactar leis, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha a dhéanamh tríd síos.)*

Leasú 597

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30f – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí rialacha uile-Aontais atá comhchuibhithe go hiomlán a leagan amach maidir le cúiteamh ar chostais a eascraíonn as áireamh dúbailte d'oibreoirí suiteálacha de bhun Airteagal 3e a thabhaítear ó chostais a cuireadh ar aghaidh i bpraghsanna breosla a bhaineann le hastaíochtaí ó dhóchán breosla, agus ar choinníoll go dtuairisceoidh an t-oibreoir na hastaíochtaí sin de bhun Airteagal 14 mar aon leis an eintiteas rialáilte de bhun an Airteagail seo, agus nach seachnófar áireamh dúbailte de bhun mhír 4 den Airteagal seo. Beidh ríomh mhéid an chúitimh bunaithe ar mheánphraghas na lamháltas a chuirtear ar ceant de bhun Airteagal 30d(4) sa bhliain tuairiscithe lena mbaineann de bhun an Airteagail seo. Déanfar an t-ioncam a ghintear ó lamháltais a chuirtear ar ceant a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, a mhéid is gá agus suas go dtí leibhéal lena gcomhfhreagraítear don áireamh dúbailte sa bhliain tuairiscithe de bhun an Airteagail seo, a úsáid le haghaidh mhéid an chúitimh;

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 598

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30h – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. I gcás ina rachaidh meánphraghas na lamháltas dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, roimh an 1 Eanáir 2030, thar uasteorainn praghais de EUR 50, déanfaidh an Coimisiún, mar ábhar práinne, cinneadh a ghlacadh chun 10 milliún lamháltas a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a scaoileadh ó chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh i gcomhréir le hAirteagal 1a(7) de Chinneadh (AE) 2015/1814.).
	I gcás ina rachaidh meánphraghas na lamháltas dá dtagraítear i mír 1, roimh an 1 Eanáir 2030, thar EUR 45, déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit, mar ábhar práinne, bearta breise a chur i gcrích chun laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin chun nach sroichfear an uasteorainn dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo.
	I gcás chur i bhfeidhm mhír 1 nó mhír 2, cuirfear cur i bhfeidhm na míre seo ar fionraí le linn na tréimhse sin.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 599

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30i – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Faoin 1 Eanáir 2028, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme fhorálacha na Caibidle seo maidir lena n-éifeachtacht, a riarachán agus a gcur i bhfeidhm praiticiúil, lena n-áirítear maidir le cur i bhfeidhm na rialacha faoi Threoir (AE) 2015/1814 agus úsáid lamháltais na Caibidle seo chun oibleagáidí comhlíonta na n-eintiteas comhlíonta a chumhdaítear le Caibidlí II, IIa agus III a chomhlíonadh. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra in éineacht leis an tuairisciú sin chun an Chaibidil seo a leasú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Faoin 31 Deireadh Fómhair 2031, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an indéantacht i dtaobh comhtháthú a dhéanamh ar na hearnálacha a chumhdaítear le hIarscríbhinn III sa Chóras Trádála Astaíochtaí lena gcumhdaítear na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Threoir 2003/87/CE.	Faoin 1 Eanáir 2028, tuairisceoidh an Coimisiún do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le cur chun feidhme fhorálacha na Caibidle seo maidir lena n-éifeachtacht, a riarachán agus a gcur i bhfeidhm praiticiúil, lena n-áirítear maidir le cur i bhfeidhm na rialacha faoi Threoir (AE) 2015/1814 agus úsáid lamháltais na Caibidle seo chun oibleagáidí comhlíonta na n-eintiteas comhlíonta a chumhdaítear le Caibidlí II, IIa agus III a chomhlíonadh. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Coimisiún togra in éineacht leis an tuairisciú sin chun an Chaibidil seo a leasú faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. ***Faoin 1 Eanáir 2029, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú i dtaobh an raibh an uasteorainn ar phraghas dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 30h(2a) éifeachtach agus i dtaobh ar cheart leanúint de sin. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur in éineacht leis an tuarascáil sin chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle chun an Treoir seo a leasú chun an uasteorainn sin a choigeartú, in am trátha ionas go mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2030.*** Faoin 31 Deireadh Fómhair 2031, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an indéantacht i dtaobh comhtháthú a dhéanamh ar na hearnálacha a chumhdaítear le hIarscríbhinn III sa Chóras Trádála Astaíochtaí lena gcumhdaítear na hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Threoir 2003/87/CE.

Leasú 600

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30i – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Breithneoidh an Coimisiún leasuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an Treoir seo a mhéid a bhaineann le simpliú rialála. Déanfaidh an Coimisiún agus na húdaráis inniúla oiriúnú leanúnach don dea-chleachtas i nósanna imeachta riaracháin agus déanfaidh siad gach beart chun forfheidhmiú na treorach seo a shimpliú, agus na hualaí riaracháin á gcoinneáil chomh híseal agus is féidir.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 601

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30i a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 30ia
	Treochláir earnála
	1. Faoin 1 Eanáir 2025, foilseoidh an Coimisiún, le tacaíocht ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, treochláir tháscacha le haghaidh na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo i dtreo chuspóir an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, ar a dhéanaí, agus é mar aidhm leis astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin mar a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2021/1119.
	2. Rachaidh an Coimisiún i mbun dlúthrannpháirtíocht le geallsealbhóirí, lena n-áirítear daoine aonair, an tsochaí shibhialta, comhpháirtithe sóisialta, an lucht acadúil, lucht ceaptha beartas agus earnálacha agus fo-earnálacha a ndéantar difear dóibh leis an Treoir seo, agus na treochláir dá bhforáiltear i mír 1 á n-ullmhú aige.
	3. Gach 4 bliana tar éis na treochláir dá bhforáiltear i mír 1 a fhoilsiú, déanfaidh an Coimisiún na treochláir sin a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an eolas eolaíoch is déanaí, agus rachaidh sé i dteagmháil go dlúth leis na geallsealbhóirí dá dtagraítear i mír 2.
	4. Déanfar na sonraí uile a mbainfear úsáid astu chun na treochláir earnálacha dá bhforáiltear i mír 1 a sholáthar, agus chun iad a nuashonrú de bhun mhír 3, a chur ar fáil don phobal i bhfoirm a bheidh inrochtana go héasca.

Leasú 602

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 b (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30i b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21b) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"Airteagal 30ib
	Comhairle eolaíoch maidir leis na hearnálacha CTA AE
	Féadfaidh an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide, ar a thionscnamh féin, comhairle eolaíoch a sholáthar agus tuarascálacha maidir leis an Treoir seo a eisiúint, agus maidir lena chomhsheasmhacht le cuspóirí aeráide Rialachán (AE) 2021/1119 agus Chomhaontú Pháras, go háirithe d'fhonn aistriú cothrom a bhaint amach agus eolas a thabhairt faoi aon athbhreithniú a dhéanfar ar an Treoir seo ina dhiaidh sin. Déanfar an chomhairle ar fad a chuirfidh an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide i láthair de bhun an Airteagail seo a phoibliú, i bhfoirm a bheidh inrochtana go héasca. Tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar chomhairle an Bhoird Chomhairligh Eolaíoch maidir leis an Athrú Aeráide nó tabharfaidh sé údar maith ar bhonn poiblí maidir leis na cúiseanna le neamhaird a thabhairt uirthi.";

Leasú 603

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 c (nua)

Treoir 2003/87/CE

Caibidil IVa a (nua) – Airteagail 30i c (nua) agus 30i d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21c) cuirtear an Chaibidil seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 30ib:
	"CAIBIDIL IVaa
	Infheictheacht na tacaíochta airgeadais ó ioncaim CTA AE
	Airteagal 30ic
	Infheictheacht na tacaíochta airgeadais ó ioncaim náisiúnta CTA AE
	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cistiú ó ioncam CTA AE infheicthe sna hoibríochtaí uile dá dtagraítear in Airteagal 10(3), Airteagal 10a(6) agus Airteagal 30d(5).
	2. Áiritheoidh na Ballstáit infheictheacht na tacaíochta airgeadais do na tairbhithe deiridh agus don phobal tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
	(a) lipéad iomchuí a thaispeáint ar a mbeidh na focail 'arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach (Córas an Aontais Eorpaigh maidir le Trádáil Astaíochtaí)', mar aon le feathal an Aontais agus méid an mhaoinithe, ar dhoiciméid agus ar ábhar cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme na hoibríochta atá beartaithe do na tairbhithe deiridh nó don phobal agus, i gcás oibríochtaí lena mbaineann infheistíocht fhisiciúil nó trealamh fisiciúil, plaiceanna nó cláir fógraí atá infheicthe go soiléir agus marthanach;

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) cur síos gairid ar an oibríocht, lena n-áirítear a haidhmeanna agus a torthaí, a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin oifigiúil agus ar a láithreáin meán sóisialta, i gcás inarb ann do láithreáin den sórt sin, agus béim á leagan ar an tacaíocht airgeadais ó ioncaim CTA AE.
	3. Glacfaidh an Coimisiún na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha faoi mhíreanna 1 agus 2 chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.
	Airteagal 30id
	Infheictheacht na tacaíochta airgeadais ó ioncaim náisiúnta CTA AE
	1. Áiritheoidh an Coimisiún infheictheacht an chistithe ó ioncaim CTA AE sna hoibríochtaí uile dá dtagraítear in Airteagal 10a(8) (an Ciste Infheistíochta Aeráide), Airteagal 10d (an Ciste don Nuachóiriú) agus Airteagal 3gab (an Ciste Aigéin) den Treoir seo agus i Rialachán (AE) …/… [an Rialachán maidir leis an gCiste Sóisialta Aeráide].
	2. Aithneoidh na tairbhithe tacaíocht airgeadais ó na cistí dá dtagraítear i mír 1 agus tionscnamh na gcistí sin tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
	(a) lipéad iomchuí a thaispeáint ar a mbeidh na focail 'arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach (Córas an Aontais Eorpaigh maidir le Trádáil Astaíochtaí – [ciste ábhartha])', mar aon le feathal an Aontais agus méid an mhaoinithe, ar dhoiciméid agus ar ábhar cumarsáide a bhaineann le cur chun feidhme na hoibríochta atá beartaithe do na tairbhithe deiridh nó don phobal agus, i gcás oibríochtaí lena mbaineann infheistíocht fhisiciúil nó trealamh fisiciúil, plaiceanna nó cláir fógraí atá infheicthe go soiléir agus marthanach;
	(b) cur síos gairid ar an oibríocht, lena n-áirítear a haidhmeanna agus a torthaí, a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin oifigiúil agus ar a láithreáin meán sóisialta, i gcás inarb ann do láithreáin den sórt sin, agus béim á leagan ar an tacaíocht airgeadais ón gciste ábhartha agus ó ioncaim CTA AE.
	3. Glacfaidh an Coimisiún na bearta uile is gá chun a áirithiú go gcuirfear na rialacha faoi mhíreanna 1 agus 2 chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach."

Leasú 604

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 21 b (nua)

Treoir 2003/87/CE

Airteagal 30i e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21d) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"Airteagal 30ie
	Tuarascáil maidir le riachtanais dícharbónaithe na dtíortha atá i mbéal forbartha
	Faoin 31 Nollaig 2023, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le riachtanais dícharbónaithe na dtíortha atá i mbéal forbartha faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh an méid seo a leanas sa tuarascáil:
	(a) measúnú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na dtíortha atá i mbéal forbartha de réir tíre;
	(b) léiriú ar phríomhfhoinsí astaíochtaí de réir tíre, lena sonraítear, i gcás inar féidir, sciar na n-astaíochtaí arb iad earnálacha CTA AE agus earnálacha neamh-CTA AE is cúis leo;
	(c) léiriú ar na bealaí féideartha dícharbónaithe i gcás gach tíre;
	(d) rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta gach tíre faoi Chomhaontú Pháras.";

Leasú 605

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe c

Cinneadh (AE) 2015/1814

Airteagal 1 – mír 5 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
In aon bhliain ar leith, má tá líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht idir 833 milliún agus 1 096 milliún, bainfear líon lamháltas atá comhionann leis an difríocht idir líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht, mar a leagtar amach san fhoilseachán is déanaí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, agus 833 milliún, ó mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE agus cuirfear sa chúlchiste iad thar thréimhse 12 mhí ag tosú an 1 Meán Fómhair den bhliain sin. Má tá líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht os cionn 1 096 milliún lamháltas, beidh líon na lamháltas atá le baint ó mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE agus le cur sa chúlchiste thar thréimhse 12 mhí ag tosú an 1 Meán Fómhair den bhliain sin, beidh an líon sin comhionann le 12 % de líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht. De mhaolú ar an abairt dheiridh, déanfar an céatadán a dhúbailt go dtí an 31 Nollaig 2030.	In aon bhliain ar leith, má tá líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht idir 700 milliún agus 921 milliún, bainfear líon lamháltas atá comhionann leis an difríocht idir líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht, mar a leagtar amach san fhoilseachán is déanaí dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo, agus 700 milliún, ó mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE agus cuirfear sa chúlchiste iad thar thréimhse 12 mhí ag tosú an 1 Meán Fómhair den bhliain sin. Má tá líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht os cionn 921 milliún lamháltas, beidh líon na lamháltas atá le baint ó mhéid na lamháltas atá le cur ar ceant ag na Ballstáit faoi Airteagal 10(2) de Threoir 2003/87/CE agus le cur sa chúlchiste thar thréimhse 12 mhí ag tosú an 1 Meán Fómhair den bhliain sin, beidh an líon sin comhionann le 12 % de líon iomlán na lamháltas atá i gcúrsaíocht. De mhaolú ar an abairt dheiridh, déanfar an céatadán a dhúbailt go dtí an 31 Nollaig 2030. ***Amhail ó 2025, déanfar na tairseacha dá dtagraítear san fhomhír seo a laghdú i gcomhréir leis an laghdú ar chainníocht uile-Aontais na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 9 de Threoir 2003/87/CE sa bhliain chéanna.***

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 606

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 a (nua)

Cinneadh (AE) 2015/1814

Airteagal 3 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(2a) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar fheidhmiú an chúlchiste i gcomhthéacs na tuarascála dá bhforáiltear in Airteagal 10(5) de Threoir 2003/87/CE. Ba cheart go mbreithneofaí sa tuarascáil sin na héifeachtaí ábhartha ar iomaíochas, go háirithe san earnáil thionsclaíoch, lena n-áirítear i ndáil le OTI, táscairí fostaíochta agus infheistíochta. Laistigh de thrí bliana ó thús oibriú an chúlchiste agus ag eatraimh cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn anailíse ar fheidhmiú ordúil an mhargaidh carbóin Eorpaigh, athbhreithniú ar an gcúlchiste agus cuirfidh sé togra, i gcás inarb iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Le gach athbhreithniú, tabharfar aird ar leith ar an bhfigiúr céatadáin chun líon na lamháltas a chuirfear sa chúlchiste de bhun Airteagal 1(5) den Chinneadh seo a chinneadh, mar aon le luach uimhriúil na tairsí do líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht agus líon na lamháltas a bheidh le scaoileadh ón gcúlchiste de bhun Airteagal 1(6) nó (7) den Chinneadh seo. Ina athbhreithniú, féachfaidh an Coimisiún freisin ar an tionchar a bheidh ag an gcúlchiste ar fhás, ar phoist, ar iomaíochas tionsclaíoch an Aontais agus ar an mbaol sceite carbóin.	"Déanfaidh an Coimisiún, le tacaíocht ón mBord Comhairleach Eolaíoch Eorpach um an Athrú Aeráide dá dtagraítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/1119, faireachán ar fheidhmiú an chúlchiste i gcomhthéacs na tuarascála dá bhforáiltear in Airteagal 10(5) de Threoir 2003/87/CE. Ba cheart a mheas sa tuarascáil sin éifeachtaí ábhartha ar bhaint amach an chuspóra maidir leis an aeráidneodracht agus spriocanna aeráide an Aontais mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/1119 agus ar chomhlíonadh oibleagáidí an Aontais agus na mBallstát faoi Chomhaontú Pháras, ar an iomaíochas, go háirithe san earnáil thionsclaíoch, lena n-áirítear i ndáil le OTI, le fostaíocht, le táscairí infheistíochta agus leis an gcuspóir maidir le haistriú cóir a bhaint amach nach bhfágfadh aon duine ar lár. Laistigh de thrí bliana ó thús oibriú an chúlchiste agus ag eatraimh cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún, ar bhonn anailíse ar fheidhmiú ordúil an mhargaidh carbóin Eorpaigh, athbhreithniú ar an gcúlchiste agus cuirfidh sé togra, i gcás inarb iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Le gach athbhreithniú, tabharfar aird ar leith ar an bhfigiúr céatadáin chun líon na lamháltas a chuirfear sa chúlchiste de bhun Airteagal 1(5) den Chinneadh seo a chinneadh, mar aon le luach uimhriúil na tairsí do líon iomlán na lamháltas i gcúrsaíocht, líon na lamháltas a bheidh le scaoileadh ón gcúlchiste de bhun Airteagal 1(6) nó (7) den Chinneadh seo agus roghanna ábhartha eile forbartha do chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh agus roghanna ábhartha eile forbartha le haghaidh chúlchiste cobhsaíochta an mhargaidh. Ina athbhreithniú, féachfaidh an Coimisiún agus an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide freisin ar thionchar an chúlchiste ar fhás, ar phoist, ar iomaíochas tionsclaíoch an Aontais agus ar an riosca sceite carbóin."

Leasú 607

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe - 1 (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Teideal

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

An téacs atá ann	*Leasú*
Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE	"Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE."

Leasú 608

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe - 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1a) ar fud an Rialacháin, seachas sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 5(1) den Rialachán agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis, cuirtear "gás ceaptha teasa" in ionad an téarma "CO_2" agus déantar aon athruithe gramadaí is gá;

Leasú 609

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe - 1 b (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:
Airteagal 1	"Airteagal 1
Ábhar	Ábhar
Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú cruinn a dhéanamh ar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin (CO2) agus ar fhaisnéis ábhartha eile ó longa a thagann isteach i gcalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, atá laistigh díobh nó a imíonn uathu, d'fhonn laghdú na n-astaíochtaí CO2 ó mhuiriompar ar bhealach costéifeachtach a chur chun cinn.	Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú beacht a dhéanamh ar astaíochtaí gás cheaptha teasa agus maidir le faisnéis eile is ábhartha maidir leis an aeráid ó longa a thagann isteach i gcalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, atá laistigh díobh nó a imíonn uathu chun laghdú na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar a chur chun cinn ar bhealach costéifeachtúil."
	(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs. Má ghlactar leis, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha a dhéanamh tríd síos.)

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 610

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe - 1 c (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 2 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1c) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa atá os cionn olltonnáiste 5 000 tona i ndáil le hastaíochtaí CO2 a sceitear le linn a muiraistear óna gcalafort cuarda deireanach go dtí calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus ó chalafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit go dtí a gcéad chalafort cuarda eile, chomh maith le muiraistir laistigh de chalafoirt chuarda atá faoi dhlínse Ballstáit.	1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa ag a bhfuil olltonnáiste 5 000 tona agus os a chionn i leith astaíochtaí GCT a sceitear le linn a muiraistear óna gcalafort cuarda deireanach go dtí calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus ó chalafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit go dtí a gcéad chalafort cuarda eile, mar aon le laistigh de chalafoirt chuarda atá faoi dhlínse Ballstáit.
	1a. Ón 1 Eanáir 2024, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa ag a bhfuil olltonnáiste 400 tona agus níos mó i ndáil le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a scaoiltear le linn a muiraistear óna gcalafort cuarda deireanach go dtí calafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit agus ó chalafort cuarda atá faoi dhlínse Ballstáit go dtí a gcéad chalafort cuarda eile, chomh maith le muiraistir laistigh de chalafoirt chuarda atá faoi dhlínse Ballstáit. Ní cheanglófar ar longa a bhfuil olltonnáiste 400 tona agus os a chionn ach níos lú ná olltonnáiste 5 000 tona acu, áfach, tuarascáil a dhéanamh ar an bhfaisnéis is ábhartha chun longa den sórt sin a chur san áireamh laistigh de raon feidhme CTA AE ón 1 Eanáir 2027 amach. ”

Leasú 611

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 1 – mír 1 – pointe - 1 b (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 2 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1d) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa cogaidh, longa cúntacha cabhlaigh, longa gabhála éisc ná longa próiseála éisc, longa adhmaid de thógáil bhunúsach, longa nach dtiomáintear le fearas meicniúil, ná longa rialtais a úsáidtear chun críocha neamhthráchtála.	“2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le longa cogaidh, longa cúntacha cabhlaigh, longa gabhála éisc ná longa próiseála éisc, longa adhmaid de thógáil bhunúsach, longa nach dtiomáintear le fearas meicniúil, longa rialtais a úsáidtear chun críocha neamhthráchtála ná longa chun críocha cosanta sibhialta agus cuardaigh agus tarrthála.”

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 612

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe - 1 e (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 3 – mír 1 – pointe a

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1e) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
(a) ciallaíonn "astaíochtaí CO2" CO2 a bheith á scaoileadh isteach san atmaisféar ag longa;	"(a) ciallaíonn 'astaíochtaí gás ceaptha teasa' dé-ocsaíd charbóin (CO_2), meatán (CH_4) agus ocsaídí nítriúla (N_2O) a scaoiltear isteach san atmaisféar;"

Leasú 613

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe - 1 f (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 3 – mír 1 – pointe b

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1f) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):
(b) ciallaíonn "calafort cuarda" an calafort ina stopann long chun lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; dá bhrí sin, déantar stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí úra a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long agus/nó a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ar gá iad mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, a eisiamh;	"(b) ciallaíonn 'calafort cuarda' an calafort ina stopann long chun lastas a luchtú nó a dhíluchtú nó chun paisinéirí a bhordáil nó a dhíbhordáil; dá bhrí sin, déantar stopanna a dhéantar chun críocha athbhreoslaithe, soláthairtí úra a fháil, faoiseamh a thabhairt don chriú, dul i nduga tirim nó obair dheisiúcháin a dhéanamh ar an long agus/nó a cuid trealaimh, agus chun na gcríoch sin amháin, stopanna i gcalafort toisc go dteastaíonn cabhair ón long nó toisc í a bheith i nguais, aistrithe long-go-long a dhéantar lasmuigh de chalafoirt, agus stopanna chun críche foscadh a fháil ón doineann nó ar gá iad mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála, agus chun na críche sin amháin, a eisiamh ón sainmhíniú seo;"

Leasú 614

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe - 1 g (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 3 – mír 1 – pointe c

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-1g) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

An téacs atá ann	*Leasú*
(c) ciallaíonn "muiraistear" aon ghluaiseacht de chuid loinge a thosaíonn ó chalafort cuarda nó a chríochnaíonn i gcalafort cuarda agus arb é is feidhm léi paisinéirí nó lastas a iompar chun críocha tráchtála;	"(c) ciallaíonn 'muiraistear' aon ghluaiseacht de chuid loinge a thosaíonn nó a chríochnaíonn ó chalafort cuarda nó ó struchtúr atá suite ar scairbh ilchríochach Ballstáit, amhail seirbhísí soláthair amach ón gcósta, agus arb é is feidhm léi paisinéirí nó lastas a iompar chun críocha tráchtála nó chun gníomhaíochtaí seirbhíse a dhéanamh do shuiteálacha amach ón gcósta;"

Leasú 615

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 3 a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 5 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) in Airteagal 5, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	"2a. Faoin 1 Iúil 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 23 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na modhanna a shonrú chun astaíochtaí gás ceaptha teasa seachas CO_2 a chinneadh agus a thuairisciú. Beidh na modhanna sin bunaithe ar na prionsabail chéanna leis na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 a leagtar amach in Iarscríbhinn I, leis na coigeartuithe is gá i ngeall ar chineál na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ábhartha."

Leasú 616

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4 – pointe -a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 6 – mír 4

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:
4. Leis an bplean faireacháin, féadfar a faisnéis áireamh freisin i ndáil le haicme oighir na loinge agus/nó na nósanna imeachta, freagrachtaí, foirmlí agus foinsí sonraí chun an t-achar a taistealadh agus an t-am a caitheadh ar muir nuair a bhíothas ag loingseoireacht trí oighear a chinneadh agus a thaifeadeadh.	"4. I gcás cuideachtaí loingseoireachta ar mian leo níos lú lamháltas astaíochtaí a thabhairt suas ar bhonn aicme oighir nó loingseoireachta a long i ndálaí oighir nó an dá rud faoi Threoir 2003/87/CE, áireofar sa phlean faireacháin freisin faisnéis i ndáil le haicme oighir na loinge agus/nó na nósanna imeachta, freagrachtaí, foirmlí agus foinsí sonraí chun an t-achar a taistealaíodh agus an t-am a caitheadh ar muir nuair a bhíothas ag loingseoireacht trí oighear a chinneadh agus a thaifeadeadh."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 617

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 9 – mír 1 – fomhír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(5a) in Airteagal 9(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:
Féadfaidh cuideachtaí faireachán a dhéanamh freisin ar fhaisnéis a bhaineann le haicme oighir na loinge agus, más iomchuí, le loingseoireacht tríd an oighear.	"Féadfaidh cuideachtaí faireachán a dhéanamh freisin ar fhaisnéis a bhaineann le haicme oighir na loinge agus le loingseoireacht i ndálaí oighir, i gcás inarb infheidhme. ***I gcás cuideachtaí loingseoireachta ar mian leo níos lú lamháltas astaíochtaí a thabhairt suas ar bhonn aicme oighir nó loingseoireachta a long i ndálaí oighir nó an dá rud faoi Threoir 2003/87/CE, áireofar san fhaireachán faisnéis maidir le an raibh loingseoireacht i ndálaí oighir i gceist sa mhuiraistear, lena n-áirítear faisnéis faoi dháta, am agus suíomh na loingseoireachta i ndálaí oighir, an modh a úsáidtear chun ídiú ola breosla, ídiú breosla agus fachtóir astaíochtaí an bhreosla a thomhas le haghaidh gach cineál breosla agus é ag loingseoireacht i ndálaí oighir, agus an t-achar a thaistealaítear nuair a bhítear ag loingseoireacht i ndálaí oighir. Cuirfear faisnéis ar fáil freisin i dtaobh an dtarlaíonn an t-aistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, an n-imíonn sé ó chalafort atá faoi dhlínse Ballstáit nó an dtagann sé isteach i gcalafort atá faoi dhlínse Ballstáit.***"

Leasú 618

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 10 – mír 2

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6a) in Airteagal 10, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara mír:
Féadfaidh cuideachtaí faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann le haicme oighir na loinge agus, más iomchuí, le loingseoireacht tríd an oighear.	"Féadfaidh cuideachtaí faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis a bhaineann le haicme oighir na loinge agus, más iomchuí, le loingseoireacht tríd an oighear. I gcás cuideachtaí loingseoireachta ar mian leo níos lú lamháltas astaíochtaí a thabhairt suas ar bhonn aicme oighir nó loingseoireachta a long i ndálaí oighir, nó an dá rud, faoi Threoir 2003/87/CE, áireofar leis an bhfaireachán astaíochtaí comhiomlánaithe gás ceaptha teasa ó gach muiraistear a bhfuil i gceist leo dul i mbun loingseoireachta i ndálaí oighir agus an fad iomlán a taistealaíodh le linn muiraistear a raibh loingseoireacht i ndálaí oighir i gceist leo."

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 619

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14 – pointe a

Rialachán (AE) 2015/757

Airteagal 23 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
"Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2), a mhéid a bhaineann le feidhmiú CTA AE a áirithiú, agus in Airteagail 6(8), 7(5), 11a(4), 13(6) agus 15(6) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama ó theacht i bhfeidhm [Rialachán athbhreithnithe MRV].”;	Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(2), a mhéid a bhaineann le feidhmiú CTA AE a áirithiú, agus in Airteagail 6(8), 7(5), 11a(4), 13(6) agus 15(6) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm [Rialachán athbhreithnithe MRV]. ***Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta.*** Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.’;

Leasú 620

Togra le haghaidh treorach

Airteagal 4 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. De mhaolú ar mhír 1, tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 1, pointe (15)(-a) den Treoir seo a chomhlíonadh faoin 1 Eanáir 2025 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Leasú 621

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe a

Treoir 2003/87/CE

Iarscríbhinn I – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Leis an Treoir seo, ní chumhdaítear suiteálacha ná codanna de shuiteálacha a úsáidtear chun táirgí agus próisis nua a thaighde, a fhorbairt agus a thástáil, agus ní chumhdaítear suiteálacha ina gcuireann astaíochtaí ó dhóchán bithmhaise a chomhlíonann na critéir atá leagtha amach de bhun Airteagal 14 le níos mó ná 95 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa uile leis an Treoir seo.	1. Leis an Treoir seo, ní chumhdaítear suiteálacha ná codanna de shuiteálacha a úsáidtear chun táirgí agus próisis nua a thaighde, a fhorbairt agus a thástáil, agus ní chumhdaítear suiteálacha a úsáideann bithmhais go heisiach.

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 622

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe a a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Iarscríbhinn I – pointe 5

An téacs atá ann	*Leasú*
	(aa) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5:
5. I gcás ina bhfaighfear amach go sáraítear tairseach acmhainne aon ghníomhaíochta san Iarscríbhinn seo i suiteáil, déanfar na haonaid ar fad ina ndéantar breoslaí a dhó, seachas aonaid chun dramhaíl ghuaiseach nó bhardasach a loscadh, a áireamh sa chead astaíochtaí gás ceaptha teasa.	"5. I gcás ina bhfaighfear amach go sáraítear tairseach acmhainne aon ghníomhaíochta san Iarscríbhinn seo i suiteáil, déanfar na haonaid ar fad ina ndéantar breoslaí a dhó, seachas aonaid chun dramhaíl ghuaiseach a loscadh, a áireamh sa chead astaíochtaí gás ceaptha teasa."

Leasú 623

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe b – pointe – i (nua)

Treoir 2003/87/CE

Iarscríbhinn I – tábla – sraith 1

An téacs atá ann

Dóchán breoslaí i suiteáil ar mó a hionchur teirmeach rátaithe iomlán ná 20MW (seachas i suiteálacha chun dramhaíl ghuaiseach nó dramhaíl chathrach a loscadh)	Dé-ocsaíd charbóin

Leasú

(-i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad ró:

Dóchán breoslaí i suiteálacha ar mó a n-ionchur teirmeach rátaithe iomlán ná 20 MW (seachas i suiteálacha chun dramhaíl ghuaiseach a loscadh) lena n-áirítear, ón 1 Eanáir 2026, dóchán breoslaí i suiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh	Dé-ocsaíd charbóin

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 624

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c – pointe v

Treoir 2003/87/CE

Iarscríbhinn I – tábla – sraith 24 – colún 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Hidrigin (H2) agus gás sintéise a tháirgeadh ag a bhfuil acmhainn táirgeachta a sháraíonn 25 tona in aghaidh an lae	Hidrigin (H_2) agus gás sintéise a tháirgeadh ag a bhfuil acmhainn táirgeachta a sháraíonn 25 tona in aghaidh an lae agus hidrigin (H_2) agus gás sintéise a tháirgeadh i gcás ina ndíorthaítear an cion fuinnimh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite ag a bhfuil toilleadh táirgeachta níos mó ná 5 thona in aghaidh an lae

Leasú 625

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe c – pointe vii

Treoir 2003/87/CE

Iarscríbhinn I – tábla – sraith 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

"Iompar muirí Gníomhaíochtaí muiriompair long a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanann aistir ar mhaithe le paisinéirí nó lastas a iompar chun críocha tráchtála	Gáis ceaptha teasa a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2015/757";

Leasú

"Iompar muirí Gníomhaíochtaí muiriompair long a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhéanann aistir ar mhaithe le paisinéirí nó lastas a iompar chun críocha tráchtála agus, ó 2024 ar aghaidh, gníomhaíochtaí seirbhíse a dhéanamh do shuiteálacha amach ón gcósta ***Ní áireofar leis na gníomhaíochtaí sin:*** ***(a) muiraistir a dhéantar faoi chuimsiú conradh seirbhíse poiblí nó atá faoi réir oibleagáidí seirbhíse poiblí i gcomhréir le Rialachán (CEE) Uimh. 3577/92;*** ***(b) turais daonnúla;*** ***(c) turais chuardaigh agus tarrthála nó codanna de ghnáth-thurais ag longa inar ghá gníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála a dhéanamh;*** ***(d) force majeure don mhuiraistear iomlán nó do chuid den mhuiraistear;***	***Dé-ocsaíd charbóin (CO_2), ocsaídí nítriúla (N_2O) agus meatán (CH_4)*** i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/757"

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Leasú 626

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – mír 1 – pointe 2

Treoir 2003/87/CE

Iarscríbhinn III – tábla

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Gníomhaíocht:	Gáis ceaptha teasa
1. Scaoileadh breoslaí lena dtomhailt a úsáidtear le haghaidh dócháin in earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar. Ní áireofar leis an ngníomhaíocht sin: (a) scaoileadh breoslaí lena dtomhailt a úsáidtear sna gníomhaíochtaí atá leagtha amach in Iarscríbhinn I leis an Treoir seo, ach amháin má úsáidtear iad i gcomhair dócháin agus gáis ceaptha teasa á n-iompar le haghaidh stóráil gheolaíoch (ró gníomhaíochta fiche a seacht); (b) breoslaí a scaoileadh lena dtomhailt arb é nialas an fachtóir astaíochtaí lena n-aghaidh.	Dé-ocsaíd charbóin (CO_2)
2. Comhfhreagróidh earnálacha na bhfoirgneamh agus an iompair de bhóthar do na foinsí astaíochtaí seo a leanas, atá sainithe i dTreoirlínte 2006 IPCC d'Fhardail Náisiúnta Gás Ceaptha Teasa, agus na leasuithe is gá déanta ar na sainmhínithe sin mar seo a leanas: ***(a) Comhghiniúint Cumhachta agus Teasa (CHP) (cód catagóire foinse 1A1a ii) agus Gléasraí Teasa (cód catagóire foinse 1A1a iii), sa mhéid go dtáirgeann siad teas le haghaidh catagóirí faoi (c) agus (d) den phointe seo, go díreach nó trí líonraí téimh ceantair;*** ***(b) Iompar de Bhóthar (cód catagóire foinse 1A3b), seachas feithiclí talmhaíochta a úsáid ar bhóithre pábháilte;*** ***(c) Tráchtáil / Institiúideach (cód catagóire foinse 1A4a);*** ***(d) Cónaitheach (cód catagóire foinse 1A4b).***	

Leasú

Gníomhaíocht:	Gáis ceaptha teasa
Scaoileadh breoslaí i gcomhair tomhaltais a úsáidtear le haghaidh dócháin. Ní áireofar leis an ngníomhaíocht sin: (a) scaoileadh breoslaí lena dtomhailt a úsáidtear sna gníomhaíochtaí atá leagtha amach in Iarscríbhinn I leis an Treoir seo, ach amháin má úsáidtear iad i gcomhair dócháin agus gáis ceaptha teasa á n-iompar le haghaidh stóráil gheolaíoch (ró gníomhaíochta fiche a seacht);	Dé-ocsaíd charbóin (CO2)

(b) breoslaí a scaoileadh lena dtomhailt arb é nialas an fachtóir astaíochtaí lena n-aghaidh.	
(c) scaoileadh breoslaí lena dtomhailt a úsáidtear sa talmhaíocht;	
(d) scaoileadh breoslaí lena dtomhailt a úsáidtear i longa nó i ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2 (2) de Rialachán (AE) 2015/757;	
(e) scaoileadh breoslaí lena dtomhailt a úsáidtear sa ghníomhaíocht "Eitlíocht" dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;	
(f) scaoileadh breoslaí lena dtomhailt a úsáidtear in iompar príobháideach de bhóthar agus i dtéamh agus fuarú príobháideach foirgneamh cónaithe go dtí an 1 Eanáir 2029, faoi réir an mheasúnaithe dá bhforáiltear in Airteagal 30a(1b).	

Leasú 627

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – pointe 3 – pointe a – pointe i

Treoir 2003/87/CE

Iarscríbhinn IV – Cuid A – Ríomh – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Nialas a bheidh san fhachtóir astaíochta i gcomhair bithmhaise a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhair úsáid na bithmhaise a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001, agus beidh aon choigeartú is gá chun an Treoir seo a chur chun feidhme, mar atá leagtha amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 14.';	Nialas a bheidh san fhachtóir astaíochta i gcomhair bithmhaise a chomhlíonann na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhair úsáid na bithmhaise a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001, agus beidh aon choigeartú is gá chun an Treoir seo a chur chun feidhme, mar atá leagtha amach sna gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 14;

Leasú 628

Togra le haghaidh treorach

Iarscríbhinn I – pointe 4 a (nua)

Treoir 2003/87/CE

Iarscríbhinn V a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas le Treoir 2003/87/CE:
	Iarscríbhinn Va
	Rogha chun méid athchóirithe lamháltas le haghaidh longa d'aicme oighir a thabhairt suas

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Beidh méid athchoigeartaithe na lamháltas astaíochtaí a bheidh le tabhairt suas do longa d'aicme oighir ag freagairt do mhéid athchoigeartaithe astaíochtaí a ríomhtar bunaithe ar an bhfoirmle arna cur i láthair san Iarscríbhinn seo. Leis an méid athchoigeartaithe astaíochtaí, cuirfear san áireamh na saintréithe teicniúla a mhéadaíonn astaíochtaí ó longa a bhaineann le haicme oighir IA nó IA Super Fionlannach-Sualannach nó le haicme oighir choibhéiseach le linn loingseoireachta i gcónaí agus an méadú breise ar astaíochtaí i ngeall ar loingseoireacht i ndálaí oighir.

Ciallaíonn méid athchoigeartaithe na lamháltas astaíochtaí atá le tabhairt suas go bliantúil an méid athchoigeartaithe d'astaíochtaí $CO_{2\ R}$.

Déantar an t-iomlán astaíochtaí bliantúla $CO_{2\ T}$ laistigh de raon feidhme CTA AE a ríomh ar bhonn tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2015/757 mar seo a leanas:

$$CO_{2\ T} = CO_{2\ T\ voyages\ between\ MS} + CO_{2\ B} + 0{,}5 \times (CO_{2\ voyages\ from\ MS} + CO_{2\ voyages\ to\ MS}) \quad (1),$$

is amhlaidh a sheasann $CO_{2\ T\ voyages\ between\ MS}$ do na hastaíochtaí comhiomlánaithe CO_2 ó gach muiraistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, $CO_{2\ B}$ do na hastaíochtaí a tharla laistigh de chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit i mbeart, $CO_{2eq\ voyages\ from\ MS}$ do na hastaíochtaí comhiomlánaithe CO_2 ó gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus $CO_{2\ voyages\ to\ MS}$ do na hastaíochtaí comhiomlánaithe CO_2 ó gach muiraistear go calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit.

Ar an gcaoi chéanna, déantar astaíochtaí iomlána bliantúla loinge d'aicme oighir agus í ag loingseoireacht i ndálaí oighir laistigh de raon feidhme CTA AE CO_{2eI} a ríomh ar bhonn an tuairiscithe faoi Rialachán (AE) 2015/757 mar seo a leanas:

$$CO_{2\ eI} = CO_{2\ eq\ I\ voyages\ between\ MS} + 0{,}5 \times (CO_{2\ eq\ I\ voyages\ from\ MS} + CO_{2\ eq\ I\ voyages\ to\ MS}) \quad (2),$$

is amhlaidh a sheasann $CO_{2eq\ I\ voyages\ between\ MS}$ do na hastaíochtaí comhiomlánaithe CO_2 loinge d'aicme oighir agus í ag loingseoireacht i ndálaí oighir idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, $CO_{2eq\ I\ voyages\ from\ MS}$ do na hastaíochtaí loinge d'aicme oighir agus í ag loingseoireacht i ndálaí oighir ó gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus $CO_{2eq\ I\ voyages\ from\ MS}$ do na hastaíochtaí loinge d'aicme oighir agus í ag loingseoireacht i ndálaí oighir ó gach muiraistear go calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit.

Déantar an fad iomlán bliantúil arna thaisteal laistigh de raon feidhme CTA AE a ríomh mar seo a leanas:

$$D_T = D_{T\ voyages\ between\ MS} + 0{,}5 \times (D_{T\ voyages\ from\ MS} + D_{T\ voyages\ to\ MS}) \quad (3),$$

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

is amhlaidh a sheasann $D_{T\,voyages\,between\,MS}$ d'achar comhiomlánaithe gach muiraistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, $D_{T\,voyages\,between\,MS}$ d'achar comhiomlánaithe gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit agus $D_{T\,voyages\,between\,MS}$ d'achar comhiomlánaithe gach muiraistear go calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit.

Is mar seo a leanas a ríomhtar an fad comhiomlánaithe arna thaisteal ag loingseoireacht i ndálaí oighir laistigh de raon feidhme CTA AE:

$$D_I = D_{I\,voyages\,between\,MS} + 0{,}5 \times (D_{I\,voyages\,from\,MS} + D_{I\,voyages\,to\,MS}) \quad (4),$$

is amhlaidh a sheasann $D_{I\,voyages\,between\,MS}$ don achar comhiomlánaithe arna sheoladh i ndálaí oighir ó gach muiraistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, $D_{I\,voyages\,between\,MS}$ don achar comhiomlánaithe arna sheoladh i ndálaí oighir ó gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit, agus $D_{I\,voyages\,between\,MS}$ don achar iomlánaithe arna sheoladh i ndálaí oighir ó gach muiraistear chuig calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit.

Déantar méid athchoigeartaithe na n-astaíochtaí bliantúla CO_2eq_R a ríomh mar seo a leanas:

$$CO_{2\,R} = CO_{2\,T} - CO_{2\,TF} - CO_{2\,NI} \quad (5),$$

is amhlaidh a sheasann $CO_{2\,TF}$ do mhéadú ar astaíochtaí bliantúla de bharr saintréithe teicniúla long d'aicme oighir IA nó IA Super Fionlannach-Sualannach nó d'aicme oighir choibhéiseach agus $CO_{2\,NI}$ don mhéadú ar astaíochtaí bliantúla loinge d'aicme oighir i ngeall ar loingseoireacht i ndálaí oighir.

Is mar a leanas a ríomhfar an méadú ar astaíochtaí bliantúla i ngeall ar shaintréithe teicniúla long d'aicme oighir IA nó IA Super Fionlannach-Sualannach nó aicme oighir choibhéiseach $CO_{2\,TF}$:

$$CO_{2\,TF} = 0{,}05 \times (CO_{2\,T} - CO_{2\,B} - CO_{2\,NI}) \quad (6)$$

Déantar an méadú ar astaíochtaí bliantúla i ngeall ar loingseoireacht i ndálaí oighir a ríomh mar a leanas:

$$CO_{2\,NI} = CO_{2\,I} - CO_{2\,RI} \quad (7)$$

is mar seo a leanas na hastaíochtaí bliantúla athchoigeartaithe chun dul i mbun loingseoireachta i ndálaí oighir $CO_{2\,RI}$:

$$CO_{2\,RI} = D_I \times (CO_{2eq}/D)_{open\,water,} \quad (8)$$

is amhlaidh a sheasann $(CO_{2eq}/D)_{ow}$ do na hastaíochtaí le haghaidh muiraistear in aghaidh an fhaid arna thaisteal in uisce oscailte. Sainítear é sin mar a leanas:

$$(CO_{2eq}/D)_{ow} = (CO_{2\,T} - CO_{2\,B} - CO_{2\,I})/(D_T - D_I) \quad (9)$$

Liosta de na siombailí uile:

$CO_{2\,T}$ astaíochtaí iomlána bliantúla laistigh de raon feidhme geografach CTA AE

$CO_{2\,T\,voyages\,between\,MS}$ astaíochtaí comhiomlánaithe CO2 ó gach muiraistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit

Dé Céadaoin 22. Meitheamh 2022

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	$CO_{2\,B}$ astaíochtaí a tharla laistigh de chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit i mbeart
	$CO_{2\ eq\ voyages\ from\ MS}$ astaíochtaí comhiomlánaithe CO_2 ó gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit
	$CO_{2\ voyages\ to\ MS}$ astaíochtaí comhiomlánaithe CO_2 ó gach muiraistear go calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit
	D_T achar iomlán bliantúil arna thaisteal laistigh de raon feidhme geografach CTA AE
	$D_{T\ voyages\ between\ MS}$ achar comhiomlánaithe gach muiraistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit
	$D_{T\ voyages\ from\ MS}$ achar comhiomlánaithe gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit
	$D_{T\ voyages\ to\ MS}$ achar comhiomlánaithe gach muiraistear a d'imigh go calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit
	D_I achar comhiomlánaithe arna thaisteal le linn a bheith ag loingsiú i ndálaí oighir laistigh de raon feidhme geografach CTA AE
	$D_{I\ voyages\ between\ MS}$ achar comhiomlánaithe arna sheoladh i ndálaí oighir maidir le gach muiraistear idir calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit
	$D_{I\ voyages\ from\ MS}$ achar comhiomlánaithe arna sheoladh i ndálaí oighir maidir le gach muiraistear a d'imigh ó chalafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit
	$D_{I\ voyages\ from\ MS}$ achar comhiomlánaithe arna sheoladh i ndálaí oighir maidir le gach muiraistear go calafoirt atá faoi dhlínse Ballstáit
	$CO_{2\,I}$ astaíochtaí bliantúla loinge d'aicme oighir agus í i mbun loingseoireacht i ndálaí oighir
	$CO_{2\ NI}$ méadú ar astaíochtaí bliantúla loinge d'aicme oighir i ngeall ar loingseoireacht i ndálaí oighir
	$CO_{2\,R}$ astaíochtaí bliantúla athchoigeartaithe
	$CO_{2\ RI}$ astaíochtaí bliantúla athchoigeartaithe maidir le loingseoireacht i ndálaí oighir
	$CO_{2\ TF}$ astaíochtaí bliantúla de bharr saintréithe teicniúla loinge ag a bhfuil aicme oighir IA nó IA Super Fionlannach-Sualannach nó aicme oighir choibhéiseach ar an meán, i gcomparáid le longa arna ndearadh chun seoladh in uisce oscailte amháin
	$(CO_{2eq}/D)_{ow}$ meán bliantúil na n-astaíochtaí in aghaidh an achair arna thaisteal in uisce oscailte amháin.